

# Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta

---

Anailís ar a dTionchar

Siuán Ní Mhaonaigh

Meitheamh 2013



IONAD NA DTEANGACHA  
Language Centre

Ionad na dTeangacha, OÉ Má Nuad



# Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta

---

Anailís ar a dTionchar

arna réiteach ag  
Siuán Ní Mhaonaigh  
thar ceann  
Ionad na dTeangacha, OÉ Má Nuad  
do  
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta  
Meitheamh 2013



An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta





## **Foireann Ionad na dTeangacha:**

Anna Ní Ghallachair

Éamann Ó hÉigearthaigh

Aisling Ní Bheacháin

Claire Albrecht

Caitlin Neachtain

Antain Mac Lochlainn

Úna Ní Chiosáin

Colm Mac Séalaigh

Dr Fiona Lyddy (Roinn na Síceolaíochta)

Ba mhaith leis an údar buíochas a thabhairt do na daoine seo a leanas:

Dr Lelia Murtagh, Scoil an Oideachais, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, as a comhairle agus as a cead cuid de na hábhair tástála ina tráchtas Ph.D a úsáid;

Michael Corrigan (Cambridge Assessment) as an anailís sonraí le haghaidh an taighde seo a dhéanamh.

Tá buíochas faoi leith ag dul do na mic léinn i Má Nuad, i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath a bhí sásta páirt a ghlac sa taighde seo agus do na daoine ar fad sna hinstiúidí tríú leibhéal a chuidigh linn na rannpháirtithe don taighde seo a aimsiú.

## Achoimre

Is é atá sa doiciméad seo ná torthaí taighde a chuir Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, i gcrích ar iarratas na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Ba é aidhm an taighde ná an tionchar atá ag athruithe ar shiollabas agus ar Scrúdú Ardleibhéil Gaeilge na hArdteistiméireachta a mheas, go háirithe an méadú ó 25% go 40% ar líon na marcanna atá ag dul don Bhéaltríail. Athrú radacach é sin a bhfuil sé d'aidhm aige scileanna cumarsáide Gaeilge a fheabhsú.

Socraíodh tsaighde comparáideach a dhéanamh idir dhá ghrúpa – grúpa amháin acu a rinne Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta sa bhliain 2011 sula raibh na hathruithe i bhfeidhm, agus grúpa eile a rinne an scrúdú sin sa bhliain 2012, an chéad bhliain den chóras nua. Bheadh ar an dá ghrúpa seo, bliain i ndiaidh a chéile, tabhairt faoi scrúdú caighdeánach a ullmhaíodh i gcomhair an taighde seo, féachaint an bhfuil aon difríocht idir inniúlacht ghinearálta agus inniúlacht sainscile na rannpháirtithe a tástáladh faoin seansiollabas/scrúdú (2011) agus iad siúd a tástáladh faoin siollabas/scrúdú nua (2012).

I ndiaidh céimeanna taighde agus réamhthástála, ullmhaíodh scrúdú caighdeánach a bhfuil trí chuid ann: cluastuisctint, scríbhneoireacht agus labhairt. Earcaíodh mic léinn sa chéad bhliain ollscoile a bhain grád B1 amach nó grád B2 i Scrúdú Gaeilge Ardleibhéil na hArdteistiméireachta in 2011 agus cuireadh an scrúdú caighdeánach orthu i Má Nuad, i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh ar dhátaí éagsúla idir an tríú seachtain de Shamhain agus an chéad seachtain de mhí na Nollag sa bhliain 2011. Earcaíodh grúpa comhchosúil eile sa bhliain 2012 agus cuireadh an scrúdú orthu le linn na tréimhse céanna bliana. Tugadh Ceistneoir don dá ghrúpa chomh maith, le heolas a bhailiú maidir le cúlra teanga na rannpháirtithe, a ndearcadh i leith na Gaeilge agus fhoghlaim na Gaeilge agus féinmheasúnú ar a gcumas féin sa Ghaeilge.

Ba é príomhthoradh na hanailíse staitistiúla a rinneadh ar thorthaí na scrúduithe ná gur chruthaigh grúpa 2011 beagán níos fearr ná grúpa 2012 sa rannóg chluastuisceana agus sa rannóg scríbhneoireachta. Fíorbheagán difríochta a bhí idir an dá ghrúpa sa Scrúdú Cainte. Is toradh spéisiúil é sin i gcomhthéacs athdháileadh na marcanna i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta ó 2012 ar aghaidh.

## Táblaí

Tábla 1.3–1: Dáileadh na marcanna sa Scrúdú Gaeilge san Ardteistiméireacht (Ardleibhéal).....	3
Tábla 1.5–1: Líon daltaí a rinne an Ardteistiméireacht in 2011 agus in 2012 .....	7
Tábla 1.5–2: Torthaí Gaeilge (Ardleibhéal) in 2011 agus in 2012 .....	7
Tábla 2.2–1: Cúlra na rannpháirtithe .....	16
Tábla 3.1–1: Inscne na rannpháirtithe .....	27
Tábla 3.1–2: Múineadh na ranganna sa bhunscoil .....	27
Tábla 3.1–3: Múineadh na ranganna sa mheánscoil .....	29
Tábla 3.1–4: Teanga teaghlaigh.....	30
Tábla 3.1–5: Céad teanga tuismitheora/tuismitheoirí nó caomhnóra/caomhnóirí.....	31
Tábla 3.1–6: Iomlán na bpointí a baineadh amach san Ardteistiméireacht .....	32
Tábla 3.1–7: Grád a baineadh amach sa Ghaeilge san Ardteistiméireacht.....	33
Tábla 3.1–8: Grád a baineadh amach sa Ghaeilge sa Teastas Sóisearach.....	33
Tábla 3.1–9: Grád a baineadh amach sa Bhéarla san Ardteistiméireacht.....	35
Tábla 3.1–10: Teanga(cha) iasachta a ndearnadh staidéar orthu go dtí an Ardteistiméireacht .....	36
Tábla 3.1–11: Grád a baineadh amach sa chéad teanga iasachta .....	38
Tábla 3.1–12: Ainm na hollscoile ina bhfuil tú ag staidéar .....	39
Tábla 3.1–13: An cúrsa atá á dhéanamh agat sa chéad bhliain .....	40
Tábla 3.1–14: Ábhair atá á ndéanamh agat sa chéad bhliain .....	42
Tábla 3.1–15: An bhfuil súil agat staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa dara bliain? ..	43
3.1–16: An mbeadh súil agat cáiliú mar mhúinteoir bunscoile? .....	44

Tábla 3.1–17: An mbeadh súil agat cáiliú mar mhúinteoir meánscoile?.....	45
Tábla 3.2–1: Cabhraíonn foghlaim na Gaeilge leis an bhféiniúlacht Éireannach a threisiú .....	46
Tábla 3.2–2: Cabhraíonn foghlaim na Gaeilge nuair atá teangacha eile á bhfoghlaim....	47
Tábla 3.2–3: Tá an Ghaeilge tábhachtach chun cultúr na hÉireann a thuiscint.....	48
Tábla 3.2–4: Tá an Ghaeilge bainteach leis an saol comhaimseartha in Éirinn .....	49
Tábla 3.2–5: Tá sé tábhachtach an Ghaeilge a chosaint agus a chaomhnú .....	50
Tábla 3.2–6: Labhair an múinteoir Gaeilge a bhí agam Gaeilge sa rang den chuid is mó51	
Tábla 3.2–7: Taitníonn sé liom/Thaitin sé liom a bheith ag foghlaim Gaeilge.....	52
Tábla 3.2–8: Tá muinín agam as mo chumas cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge.....	53
Tábla 3.2–9: Thug an cúrsa Gaeilge sa mheánscoil cabhair dom leibhéal sásúil cumais sa Ghaeilge a bhaint amach, m.sh. í a úsáid sa saol laethúil.....	54
Tábla 3.2–10: Tá an iomarca béime ar théacsanna litríochta i gcúrsa Gaeilge na hArdteistiméireachta.....	55
Tábla 3.2–11: Is cuid thábhachtach í an Ghaeilge de churaclam na scoile.....	56
Tábla 3.2–12: Ba cheart go gcaithfí níos mó ama ar thascanna labhartha sa seomra ranga Gaeilge.....	57
Tábla 3.2–13: Tá an iomarca béime ar scileanna scríofa Gaeilge a fhorbairt sa seomra ranga.....	58
Tábla 3.3–1: Cé acu de na ráitis seo a dhéanann an cur síos is fearr ar do chumas an Ghaeilge a thuiscint? (cuir tic le rogha amháin) .....	59
Tábla 3.3–2: Cé acu de na ráitis seo a dhéanann an cur síos is fearr ar do chumas an Ghaeilge a labhairt? (cuir tic le rogha amháin) .....	61
Tábla 3.3–3: Cé acu de na ráitis seo a dhéanann an cur síos is fearr ar do chumas an Ghaeilge a léamh? (m.sh., nuachtáin, irisí, leabhair) (cuir tic le rogha amháin) .....	62



Tábla 3.3–4: Cé acu de na ráitis seo a dhéanann an cur síos is fearr ar do chumas an Ghaeilge a scríobh? (cuir tic le rogha amháin) .....	63
Tábla 4.2–1: Iontaofacht na rátálaithe .....	69
Tábla 4.2–2: Mairís chomhghaolmhaireachta idir míreanna .....	70
Tábla 4.3–1: Meastacháin chumais de réir chomhghaolmhaireachtaí Pearson (coimriú) .....	70
Tábla 4.4–1: Innéacsanna deacrachta agus idirdhealúcháin sa Scrúdú Cluastuisceana (na sonraí uile 2011 & 2012) .....	72
Tábla 4.4–2: Tuairiscí ar scóir sa Chluastuisceant (na sonraí uile 2011 & 2012) .....	73
Tábla 4.5–1: Innéacsanna deacrachta agus idirdhealúcháin i gCeist 1 & Ceist 3 sa Scrúdú Scríbhneoireachta (na sonraí uile 2011 & 2012) .....	76
Tábla 4.5–2: Tuairisc ar na scóir sa Scrúdú Scríbhneoireachta (na sonraí uile 2011 & 2012).....	78
Tábla 4.6–1: Innéacsanna deacrachta agus idirdhealúcháin i gCeist 1 & Ceist 2 sa Scrúdú Cainte (na sonraí uile 2011 & 2012).....	80
Tábla 4.6–2: Tuairisc ar na scóir sa Scrúdú Cainte (na sonraí uile 2011 & 2012).....	81
Tábla 4.7–1: Meánchumais agus dialltaí caighdeánacha (SD) 2011 agus 2012.....	85
Tábla 4.7–2: Coimriú ar an Triail Hipitéise .....	88
Tábla 4.7–3: An scrúdú iomlán.....	89
Tábla 4.7–4: An Scrúdú Cluastuisceana.....	90
Tábla 4.7–5: An Scrúdú Scríbhneoireachta .....	91
Tábla 4.7–6: An Scrúdú Cainte .....	92
Tábla 5.1–1: Meánscóir sa Scrúdú Cluastuisceana, 2011 v 2012.....	95
Tábla 5.1–2: Cion freagraí cearta sa Scrúdú Cluastuisceana, 2011 v 2012.....	96
Tábla 5.2–1: Meánscóir sa Scrúdú Scríbhneoireachta .....	101

Tábla 5.2–2: Cion freagraí cearta i gCeist 1 sa Scrúdú Scríbhneoireachta, 2011 v 2012 .....	102
Tábla 5.2–3: Cion freagraí cearta i gCeist 3 sa Scrúdú Scríbhneoireachta, 2011 v 2012 .....	105
Tábla 5.3–1: Meánscóir sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012 .....	108
Tábla 5.3–2: Cion freagraí cearta i gCeist 1 sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012.....	109
Tábla 5.3–3: Cion freagraí cearta i gCeist 2A sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012 .....	111
Tábla 5.3–4: Cion freagraí cearta i gCeist 2B sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012 .....	113

## Figiúirí

Figiúr 3.1–1: Inscne na rannpháirtithe .....	27
Figiúr 3.1–2: Múineadh na ranganna sa bhunscoil .....	28
Figiúr 3.1–3: Múineadh na ranganna sa mheánscoil .....	29
Figiúr 3.1–4: Teanga teaghlaigh.....	30
Figiúr 3.1–5: Céad teanga tuismitheora/tuismitheoirí nó caomhnóra/caomhnóirí.....	31
Figiúr 3.1–6: Iomlán na bpointí a baineadh amach san Ardteistiméireacht .....	32
Figiúr 3.1–7: Grád a baineadh amach sa Ghaeilge san Ardteistiméireacht.....	33
Figiúr 3.1–8: Grád a baineadh amach sa Ghaeilge sa Teastas Sóisearach.....	34
Figiúr 3.1–9: Grád a Baineadh Amach sa Bhéarla san Ardteistiméireacht.....	36
Figiúr 3.1–10: Teanga(cha) iasachta a ndearnadh staidéar orthu go dtí an Ardteistiméireacht .....	37
Figiúr 3.1–11: Grád a baineadh amach sa chéad teanga iasachta .....	39
Figiúr 3.1–12: Ainm na hollscoile ina bhfuil tú ag staidéar .....	40
Figiúr 3.1–13: An cúrsa atá á dhéanamh agat sa chéad bhliain .....	41
Figiúr 3.1–14: Ábhair atá á ndéanamh agat sa chéad bhliain .....	42
Figiúr 3.1–15: An bhfuil súil agat staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa dara bliain? ..	43
Figiúr 3.1–16: An mbeadh súil agat cáiliú mar mhúinteoir bunscoile?.....	44
Figiúr 3.1–17: An mbeadh súil agat cáiliú mar mhúinteoir meánscoile?.....	45
Figiúr 3.2–1: Cabhraíonn foghlaim na Gaeilge leis an bhféiniúlacht Éireannach a threisiú .....	46
Figiúr 3.2–2: Cabhraíonn foghlaim na Gaeilge nuair atá teangacha eile á bhfoghlaim....	47
Figiúr 3.2–3: Tá an Ghaeilge tábhachtach chun cultúr na hÉireann a thuiscint.....	48

Figióir 3.2–4: Tá an Ghaeilge bainteach leis an saol comhaimseartha in Éirinn .....	49
Figióir 3.2–5: Tá sé tábhachtach an Ghaeilge a chosaint agus a chaomhnú .....	50
Figióir 3.2–6: Labhair an múinteoir Gaeilge a bhí agam Gaeilge sa rang den chuid is mó51	
Figióir 3.2–7: Taitníonn sé liom/Thaitin sé liom a bheith ag foghlaim Gaeilge.....	52
Figióir 3.2–8: Tá muinín agam as mo chumas cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge.....	53
Figióir 3.2–9: Thug an cúrsa Gaeilge sa mheánscoil cabhair dom leibhéal sásúil cumais sa Ghaeilge a bhaint amach, m.sh. í a úsáid sa saol laethúil.....	54
Figióir 3.2–10: Tá an iomarca béime ar théacsanna litríochta i gcúrsa Gaeilge na hArdteistiméireachta.....	55
Figióir 3.2–11: Is cuid thábhachtach í an Ghaeilge de churaclam na scoile .....	56
Figióir 3.2–12: Ba cheart go gcaithfí níos mó ama ar thascanna labhartha sa seomra ranga Gaeilge.....	57
Figióir 3.2–13: Tá an iomarca béime ar scileanna scríofa Gaeilge a fhorbairt sa seomra ranga.....	58
Figióir 3.3–1: Cé acu de na ráitis seo a dhéanann an cur síos is fearr ar do chumas an Ghaeilge a thuiscint? (cuir tic le rogha amháin) .....	60
Figióir 3.3–2: Cé acu de na ráitis seo a dhéanann an cur síos is fearr ar do chumas an Ghaeilge a labhairt? (cuir tic le rogha amháin) .....	61
Figióir 3.3–3: Cé acu de na ráitis seo a dhéanann an cur síos is fearr ar do chumas an Ghaeilge a léamh? (m.sh., nuachtáin, irisí, leabhair) (cuir tic le rogha amháin) .....	62
Figióir 3.3–4: Cé acu de na ráitis seo a dhéanann an cur síos is fearr ar do chumas an Ghaeilge a scríobh? (cuir tic le rogha amháin) .....	63
Figióir 4.4–1: Dáileadh na scór i gCeist 1 sa Chluastuiscint .....	74
Figióir 4.4–2: Dáileadh na scór i gCeist 2 sa Chluastuiscint .....	74
Figióir 4.4–3: Dáileadh na scór i gCeist 3 sa Chluastuiscint .....	75
Figióir 4.4–4: Dáileadh na scór i gCeist 4 sa Chluastuiscint .....	75

Figióir 4.5–1: Dáileadh na scór i gCeist 1 sa Scríbhneoireacht.....	78
Figióir 4.5–2: Dáileadh na scór i gCeist 2 sa Scríbhneoireacht.....	79
Figióir 4.5–3: Dáileadh na scór i gCeist 3 sa Scríbhneoireacht.....	79
Figióir 4.6–1: Dáileadh na scór i gCeist 1 sa Scrúdú Cainte .....	82
Figióir 4.6–2: Dáileadh na scór i gCeist 2A sa Scrúdú Cainte.....	82
Figióir 4.6–3: Dáileadh na scór i gCeist 2B sa Scrúdú Cainte.....	83
Figióir 4.6–4: Dáileadh na scór i gCeist 3 sa Scrúdú Cainte .....	83
Figióir 4.6–5: Dáileadh na scór i gCeist 4 sa Scrúdú Cainte .....	83
Figióir 4.7–1: Dáileadh cumais sa scrúdú iomlán, 2011 v 2012 .....	85
Figióir 4.7–2: Dáileadh cumais sa Scrúdú Cluastuisceana, 2011 v 2012.....	85
Figióir 4.7–3: Dáileadh cumais sa Scrúdú Scríbhneoireachta, 2011 v 2012 .....	86
Figióir 4.7–4: Dáileadh cumais sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012.....	86
Figióir 5.1–1: Dáileadh na scór i gCeist 1 sa Scrúdú Cluastuisceana, 2011 v 2012.....	98
Figióir 5.1–2: Dáileadh na scór i gCeist 2 sa Scrúdú Cluastuisceana, 2011 v 2012.....	98
Figióir 5.1–3: Dáileadh na scór i gCeist 3 sa Scrúdú Cluastuisceana, 2011 v 2012.....	99
Figióir 5.1–4: Dáileadh na scór i gCeist 4 sa Scrúdú Cluastuisceana, 2011 v 2012.....	99
Figióir 5.2–1: Dáileadh na scór i gCeist 1 sa Scrúdú Scríbhneoireachta, 2011 v 2012 ..	103
Figióir 5.2–2: Dáileadh na scór i gCeist 2 sa Scrúdú Scríbhneoireachta, 2011 v 2012 ..	104
Figióir 5.2–3: Dáileadh na scór i gCeist 3 sa Scrúdú Scríbhneoireachta, 2011 v 2012 ..	106
Figióir 5.3–1: Dáileadh na scór i gCeist 1 sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012.....	110
Figióir 5.3–2: Dáileadh na scór i gCeist 2A sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012 .....	112
Figióir 5.3–3: Dáileadh na scór i gCeist 2B sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012 .....	114

Figióúr 5.3–4: Dáileadh na scóir i gCeist 3 sa Scrúdu Cainte, 2011 v 2012.....	117
Figióúr 5.3–5: Dáileadh na scóir i gCeist 4 sa Scrúdu Cainte, 2011 v 2012.....	117

## Clár na n-ábhar

<b>1</b>	<b>INTREOIR .....</b>	<b>1</b>
1.1	Múineadh na cumarsáide sa Ghaeilge: cúlra .....	1
1.2	Na 80í agus na 90í: treo nua .....	2
1.3	Na leasuithe is déanaí ar an Scrúdú Gaeilge .....	3
1.4	Tionchar na leasuithe ar an Scrúdú Gaeilge .....	4
1.5	Toradh na n-athruithe .....	5
1.5.1	Impleachtaí don siollabas .....	5
1.5.2	Líon na bhfoghlaimeoirí .....	5
1.6	Cumas teanga: ag baint tátal as na figiúirí ( <i>Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora</i> )..	7
1.6.1	An bhéaltrial .....	8
1.6.2	An tsraith pictiúr .....	8
1.6.3	Comhrá .....	8
1.6.4	An chluastuisicint .....	9
1.6.5	An cheapadóireacht .....	9
1.6.6	An léamhthuisicint .....	10
1.6.7	Litríocht .....	10
<b>2</b>	<b>AIDHMEANNA AGUS DEARADH AN TAIGHDE .....</b>	<b>12</b>
2.1	Intreoir .....	12
2.2	Modheolaíocht .....	13
2.2.1	Intreoir .....	13

2.2.2	An scrúdú treorach.....	14
2.2.3	An réamhthástáil .....	14
2.2.4	An sampla deiridh .....	15
2.2.5	Na hionstraimí taighde .....	17
2.2.6	An Scrúdú Cluastuisceana .....	18
2.2.7	Riar an Scrúdaithe Cluastuisceana .....	19
2.2.8	An Scrúdú Scríbhneoireachta .....	20
2.2.9	Riar an Scrúdaithe Scríbhneoireachta.....	21
2.2.10	An Scrúdú Cainte.....	21
2.2.11	Riar an Scrúdaithe Cainte .....	24
2.2.12	Ceistneoir na mac léinn.....	25
2.2.13	Riar an cheistneora .....	25
<b>3</b>	<b>EOLAS MAIDIR LEIS NA RANNPHÁIRTITHE .....</b>	<b>26</b>
3.1	Sonraí na rannpháirtithe .....	27
3.2	Dearcadh na rannpháirtithe i leith na Gaeilge agus foghlaim na Gaeilge .....	46
3.3	Féinmheasúnú ar chumas sa Ghaeilge .....	59
<b>4</b>	<b>IONTAOFACHT AGUS PRÍOMHTHORTHAÍ AN TAIGHDE .....</b>	<b>64</b>
4.1	Iontaofacht.....	64
4.1.1	An cur chuige.....	64
4.2	Iontaofacht rátálaithe .....	68
4.2.1	Iontaofacht na rátálaithe: an próiseas anailíse .....	68
4.2.2	Iontaofacht rátálaithe: na torthaí.....	69



4.3 Diminsiúnacht an scrúdaithe.....	70
4.3.1 Diminsiúnacht an scrúdaithe: próiseas agus torthaí na hanailíse .....	70
4.4 An Scrúdú Cluastuisceana .....	71
4.5 An Scrúdú Scríbhneoireachta .....	75
4.6 An Scrúdú Cainte .....	79
4.7 Príomhthorthaí an taighde .....	84
4.8 Achoimre ar phríomhthorthaí an taighde.....	93
4.9 Teorainneacha an taighde .....	94
<b>5 MIONANAILÍS AGUS PLÉ AR NA TORTHAÍ.....</b>	<b>95</b>
5.1 An Scrúdú Cluastuisceana .....	95
5.2 An Scrúdú Cainte .....	108
5.2.1 Freagraí ar an rólghníomhaíocht in 2011 agus in 2012 .....	115
5.2.2 Ceist 3 agus Ceist 4.....	116
5.3 Achoimre agus impleachtaí .....	118
<b>AGUISÍN 1: GRÁID NA HARDTEISTIMÉIREACHTA.....</b>	<b>120</b>
<b>AGUISÍN 2: TORTHAÍ GAELGE SAN ARDTEISTIMÉIREACHT .....</b>	<b>121</b>
<b>AGUISÍN 3: AN SCRÚDÚ CLUASTUISCEANA.....</b>	<b>122</b>
<b>AGUISÍN 4: AN SCRÚDÚ SCRÍBHNEOIREACHTA .....</b>	<b>128</b>
<b>AGUISÍN 5: AN SCRÚDÚ CAINTE.....</b>	<b>132</b>
<b>AGUISÍN 6: EOCHAIR DON SCRÚDÚ CLUASTUISCEANA AGUS DON SCRÚDÚ SCRÍBHNEOIREACHTA .....</b>	<b>138</b>
<b>AGUISÍN 7: CÓRAS MARCÁLA DON SCRÚDÚ CAINTE .....</b>	<b>142</b>
<b>AGUISÍN 8: CEISTNEOIR .....</b>	<b>148</b>

AGUISÍN 9: TUAIRIMÍ NA MAC LÉINN.....	155
GLUAIS .....	158
TAGAIRTÍ .....	160

# 1 Intreoir

## 1.1 Múineadh na cumarsáide sa Ghaeilge: cúlra

Is iomaí cor agus casadh atá tagtha ar scéal na Gaeilge sa chóras oideachais ó bunaíodh an stát. An rud is iontaí, b'fhéidir, ná a laghad béime a cuireadh ar theagasc na Gaeilge sna hiar-bhunscoileanna fad is a bhí údaráis an stáit nua ag iarraidh bunscoileanna na tíre a ghaelú. Go deimhin, ba é a bhí beartaithe ná gach ábhar bunscoile a chur á theagasc trí Ghaeilge – sprioc nár baineadh amach riamh (Murtagh, 2003). Mar sin féin, d'fhág an iarracht sin a lorg ar theagasc na Gaeilge sa chóras oideachais iomlán. Is é a mhaíonn Ó Laoire (2004) go ndearnadh talamh slán de go mbeadh Gaeilge líofa ag daltaí ag fágáil na bunscoile dóibh, amhail is nach raibh le déanamh sna hiar-bhunscoileanna ach snas a chur ar scileanna litearthachta. A chomhartha sin nach ndearnadh an Ghaeilge éigeantach i scrúduithe na hArdteistiméireachta go dtí 1934. Ní go dtí 1941 a leagadh amach cúrsa dualgais litríochta don Ardteistiméireacht.

Bhí teagasc na Gaeilge sa chóras oideachais fite fuaite le tuairimí i dtaobh athbheochan na teanga. Tháinig athrú meoin i dtaobh na hathbheochana sna 1960í. Dar lena lán tráchtairí (Brown 1985: 149–50), gur le linn na tréimhse seo a chuaigh stát na hÉireann i dtreo shaothrú an dátheangachais agus a éiríodh as an iarracht chun an Ghaeilge a chur in áit an Bhéarla. A fhianaise sin an *Páipéar Bán um Athbheochan na Gaeilge* a d'fhoilsigh an Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge sa bhliain 1965. Tuigeadh nár *fait accompli* a bhí i slánú na Gaeilge agus nár bhféidir brath ar an chóras oideachais (ag leibhéal ar bith) chun an Ghaeilge a chur in úsáid. Má bhí sochaí dhátheangach le cruthú, chaithfí an Ghaeilge a theagasc mar theanga chumarsáide. Bhí a lorg sin le feiceáil ar ghnéithe de theagasc na Gaeilge sna hiar-bhunscoileanna – tá scrúdú cainte, nó béaltrial, ina cuid éigeantach de Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta ó 1960, cuir i gcás.

Fós féin, in ainneoin na dtuiscintí nua faoi ról na Gaeilge sa tsochaí, ní dheachthas i ngleic lena lán ceisteanna bunúsacha i dtaobh theagasc na teanga. Go dtí an lá seo féin, tá aon siollabas amháin i bhfeidhm sna hiar-bhunscoileanna taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht, amhail is gurb ionann cumas do dhaltaí ar cainteoirí dúchais iad agus do dhaltaí nach n-úsáideann mórán Gaeilge taobh amuigh den seomra ranga. Ná níor leagadh amach riamh plean comhleanúnach grádaithe le haghaidh mhúineadh na Gaeilge ag gach leibhéal, ó aois naíonáin go fágáil na scoile.

Nuair nach raibh a leithéid de phlean ann, b'olc mar a bhí an Ghaeilge in ann déileáil le mórathruithe na 1970í agus na 1990í. Cuireadh saoroideachas iar-bhunscoile ar fáil sa bhliain 1967 agus tháinig méadú suntasach ar líon na ndaltaí – méadú 5,000 sa chéad bhliain iomlán den pholasaí nua, de réir na Meastachán Buiséid don Oideachas (1968). Ní

raibh luí le hacadúlacht ag cuid mhór de na daltaí sin agus níorbh fhada gur braitheadh teannas idir a gcuid riachtanas siúd agus riachtanais an chúrsa Gaeilge. Fuarthas locht, mar shampla, ar théacsanna liteartha a measadh a bheith ródheacair nó gan a bheith oiriúnach do shaol na ndaltaí. Méadaíodh ar líon na ndaltaí ar theip orthu sna scrúduithe Gaeilge Meánteistiméireachta agus Ardteistiméireachta nó nár thug faoin Scrúdú Gaeilge ar chor ar bith. Sa bhliain 1980, mar shampla, theip ar 34% de na daltaí a thug faoin Scrúdú Gnáthleibhéil (CCP, 1985). Is fiú a mheabhrú go raibh cúinsí seachtracha ann, mar shampla laghdú ar líon na scoileanna a raibh an Ghaeilge mar mheán teagaisc iontu agus deireadh teacht le riachtanais Ghaeilge sa phróiseas earcaíochta don tseirbhís phoiblí (Ó Riagáin, 1997). Bíodh sin mar atá, ba léir go raibh athmhachnamh agus atheagar ar theagasc na Gaeilge ag teastáil.

## 1.2 Na 80í agus na 90í: treo nua

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) sa bhliain 1987, eagraíocht ar cuireadh bonn reachtúil fúithi sa bhliain 2001. Is é ról na heagraíochta ná comhairle a chur ar Airí faoi chúrsaí curaclaim agus measúnachta sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna. Faoin bhliain 1989, bhí siollabas cumarsáide curtha ar fáil don Teastas Sóisearach (a scrúdaíodh den chéad uair sa bhliain 1992). Tosaíodh ar an Bhonnchúrsa Ardteistiméireachta a theagasc i 1994 (reáchtáladh an chéad scrúdú sa bhliain 1996). Tosaíodh ar na siollabais eile don Ardteistiméireacht (Gnáthchúrsa agus Ardchúrsa) a theagasc sa bhliain 1995 agus reáchtáladh na chéad scrúduithe sa bhliain 1997.

Ba mhór le rá an dul chun cinn a bhí déanta sa teangeolaíocht fheidhmeach faoin am seo agus bhí tuiscintí níos fearr ann maidir le sealbhú teanga. Bhí na siollabais nua bunaithe ar phrionsabail na cumarsáide agus na feasachta teanga. Bhí trácht iontu ar phróisis agus ar straitéisí foghlama, ar théacsanna dílse, ar an dealú idir gabhchumas agus ginchumas, ar ghníomhaíochtaí agus idirbheartaíocht, ar obair bheirte agus obair ghrúpa. Cuireadh béim ar a thábhachtaí is atá sé go mbainfeadh foghlaimoirí *úsáid* as an teanga le cumarsáid a dhéanamh (:91). Cuireadh fáilte roimh na cúrsaí agus na siollabais nua. Mhaígh eagarfhocal ar an *Irish Times*, 19 Lúnasa 1997:

*...there are improved performances in key subjects like Irish...teachers also paid tribute to the new syllabus in Irish for improving both the results and attractiveness of that long-maligned subject.*

Sa leabhrán taighde *Siollabais Chumarsáide na Gaeilge* (2004), luann Muiris Ó Laoire an méadú a tháinig ar líon na ndaltaí a n-éiríonn leo pas nó grád níos airde ná sin a bhaint amach i scrúduithe stáit ó tháinig na cúrsaí agus na siollabais nua i bhfeidhm (féach Aguisín 2: Torthaí Gaeilge san Ardteistiméireacht). Mar sin féin, maíonn Ó Laoire go bhfuil

gá le tuilleadh taighde chun go mbeifear in ann tátal a bhaint as na figiúirí sin. Luann sé taighde le Ní Thuathail (2003) agus Ní Ghothraigh (2003) a thugann le fios nach mar a chéile i gcónaí na modhanna teagaisc atá molta sna foilseacháin agus na modhanna a úsáidtear sa seomra ranga. ‘Teastaíonn athrú radacach chun an t-athrú curaclaim a chur i gcrích i gceart,’ a deir Ó Laoire (:44).

### 1.3 Na leasuithe is déanaí ar an Scrúdú Gaeilge

Ar 11 Márta 2007, d’fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna go raibh athruithe suntasacha le teacht ar shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta agus ar dháileadh na marcanna i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta. Tosaíodh ar an siollabas nua a mhúineadh i Meán Fómhair na bliana 2010 agus rinneadh é a scrúdú den chéad uair i Meitheamh 2012. Léiríonn Tábla 1.3–1 thíos dáileadh na marcanna sna rannóga éagsúla den scrúdú. Is iad na hathruithe is suntasaí ná an t-ardú ó 25% go dtí 40% ar na marcanna don Scrúdú Cainte, an t-íslíú go 10% ar an chluastuiscint agus an laghdú atá tagtha ar na marcanna don litríocht.

**Tábla 1.3–1: Dáileadh na marcanna sa Scrúdú Gaeilge san Ardteistiméireacht (Ardleibhéal)**

	Roimh 2012	Ó 2012 i leith
<b>Scrúdú Cainte</b>	150 marc (25%)	240 marc (40%)
<b>Scrúdú Cluastuisceana</b>	100 marc (16.66%)	60 marc (10%)
<b>Scrúdú Léamhthuisceana</b>	70 marc (11.66%)	100 marc (16.66%)
<b>Scrúdú Scríbhneoireachta</b>	100 marc (16.66%)	100 marc (16.66%)
<b>Litríocht</b>	180 marc (30%)	100 marc (16.66%)
<b>Iomlán</b>	<b>600 marc</b>	<b>600 marc</b>

25% de na marcanna atá ag dul don Scrúdú Cainte sna nuatheangacha eile (an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis agus an Spáinnis) san Ardteistiméireacht ag an Ardleibhéal. Tá 20% ag dul don chluastuiscint agus 55% san iomlán ar an léamh agus an scríobh.

Agus na leasuithe á bhfógairt i bpreaseisiúint ón Roinn Oideachais agus Scileanna dar dáta 11 Márta 2007, dúirt an tAire:

*Tá sé ráite agam go minic agus go seasta gurb é an t-aon tslí chun beocht a chur i dteanga ná bheith in ann gnáthchumarsáid labhartha a dhéanamh inti gach lá. Is chuige atá na hathruithe seo á ndéanamh chun caighdeán na Gaeilge sna hiarbhunscoileanna a fheabhsú trí chion na marcanna don chuid labhartha den scrúdú a ardú...Tá súil agam go nglacfaidh idir mhic léinn agus mhúinteoirí an Ghaeilge chucu go huile anois mar theanga bheo.*

*...Ceann de bhunchuspóirí an Rialtais i leith na Gaeilge ná go mbeadh breis eolais ar an teanga agus breis úsáide á baint aisti mar theanga phobail. Creidim gur cheart go mbeadh breis marcanna á mbronnadh ar an mbéaltriall mar léiriú ar an tiomantas chun labhairt na Gaeilge a threisiú... Teastaíonn uaim a chinntiú go mbeidh labhairt na Gaeilge ar siúl i ngach rangsheomra agus go dtabharfar aird ar fheabhsú na Gaeilge labhartha i ngach ceacht.*

Níor luaigh an tAire aon taighde ná aon iniúchadh a bhí mar bhunús leis an chinneadh.

#### **1.4 Tionchar na leasuithe ar an Scrúdú Gaeilge**

Bhí formhór na dtráchtairí a rinne plé ar na leasuithe seo i bhfabhar na n-athruithe, de bharr go mbeadh níos mó béime anois ar úsáid na teanga agus ar an teanga labhartha seachas ar an Ghaeilge mar ‘ábhar scoile.’ Ar an taobh eile, léirigh saineolaithe oideachais agus teanga amhras faoin bhealach a raibh na hathruithe le cur i bhfeidhm. Ina measc siúd bhí múinteoirí agus tuismitheoirí a raibh faitíos orthu go raibh an t-ábhar á shimpliú agus nach mbeadh scrúdú dúshlánach go leor á chur ar dhaltaí sna scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht agus i nGaelcholáistí ar fud na tíre. In alt a foilsíodh ar an iris ar líne BEO! in 2013, scríobh Breandán Delap:

*Fadhb eile a bhaineann leis an siollabas úr seo ná go bhfuil sé i bhfad rófhurasta dóibh siúd atá líofa cheana féin. Níl oiread is leabhar próis iomlán amháin ar shiollabas na hArdteiste agus tá breis marcanna ar fáil anois le haghaidh cúpla rann as dán a aithris sa bhéaltriall ná ceist*

*scríofa a fhreagairt ar fhilíocht a bhfuil staidéar déanta agat air le dhá bhliain.*

Bunaíodh an eagraíocht Meitheal na Gaeilge ATAL (Ardteistiméireacht Ardleibhéal) le himpleachtaí an tsíollabais agus an scrúdaithe nua a mheas i gcomhthéacs na scoileanna Gaeltachta agus na nGaelscoileanna. Bhí ionadaithe ó Ghaelscoileanna Teoranta, Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, agus ionadaithe aonair páirteach i Meitheal na Gaeilge. Ardaíodh ceisteanna faoi cé chomh héifeachtach a bheadh na hathruithe nó an dtiocfadh feabhas ar scoileanna labhartha dá mbarr. Bhíothas den tuairim go raibh deis ann chun modhanna agus critéir mheasúnaithe a athbhreithniú i gcomhthéacs na marcanna breise don Scrúdú Cainte, ach nár thapaigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an deis sin. Go deimhin, ní raibh de mhórathruithe ar an scrúdú féin ach an méid seo:

- Go mbeadh ar na hiarrthóirí ceann amháin de na cúig dhán ainmnithe ón chúrsa Comónta Litríochta a aithris nó a léamh os ard, murab ionann agus sliocht próis.
- Go mbeadh ar iarrthóirí cur síos a dhéanamh ar shraith pictiúr. Is é an scrúdaitheoir a dhéanfadh ceann de na sraitheanna pictiúr a roghnú go randamach le linn an scrúdaithe féin.

Gach bliain, cuirfear 20 sraith pictiúr nua ar fáil do na scoileanna sa chéad téarma den chúigiú bliain. Cé gur cuireadh fáilte roimh an tasc nua seo sa Scrúdú Cainte bhí eagla ann go gcaillfí cibé fiúntas a bhain leis mar thasc nuair a bheadh deis ag múinteoirí agus scoláirí na scéalta a ullmhú agus, b'fhéidir, a chur de ghlanmheabhair.

## **1.5 Toradh na n-athruithe**

### **1.5.1 Impleachtaí don síollabas**

Mar a léiríonn dáileadh na marcanna don litríocht thuas (ó 30% den iomlán in 2011 go 16.66% in 2012), tá gearradh siar suntasach déanta ar an litríocht sa síollabas. Níl saothar próis iomlán ar an síollabas a thuilleadh agus tá an réimse filíochta laghdaithe. Léiríodh imní faoi seo nuair a foilsíodh an síollabas nua, mar go rabhthas den tuairim go bhfuil ról láidir ag an litríocht i saibhriú teanga. Ceist eile a éiríonn as na leasuithe seo ná cad é mar a úsáidtear an t-am breise a bhí tiomanta don litríocht le cur le cumas cumarsáide na bhfoghlaimeoirí?

### **1.5.2 Líon na bhfoghlaimeoirí**

Léirítear cúpla rud spéisiúil sna figiúirí i dTábla 1.5–1 thíos. Ar an chéad dul síos, tá breis agus 7,000 dalta ann a rinne Scrúdú Béarla na hArdteistiméireachta in 2011 nó in 2012

*nach ndearna* an Scrúdú Gaeilge. Is cinnte go raibh díolúine ag a lán de na daltaí sin agus gur tugadh an díolúine sin dóibh ar chúiseanna dlisteanacha – toisc, mar shampla, nach bhfuil siad i bhfad ina gcónaí in Éirinn, gur chaith siad seal ar an choigríoch nó go bhfuil riachtanais speisialta foghlama acu. Bíodh sin mar atá, tá ceist le cur faoi na critéir a úsáidtear agus díolúine ón Scrúdú Gaeilge á tabhairt, obair a mbeidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ag tabhairt faoi go luath.

Ar chuidigh na hathruithe sa Scrúdú Gaeilge le líon na ndaltaí a dhéanann an scrúdú a mhéadú? Tá an ghné sin den scéal níos casta ná mar a shílfeá ar an chéad fhéachaint. D'eisigh Roinn an Aire Oideachais agus Scileanna preasráiteas ar 15 Lúnasa 2012 inar fháiltigh an tAire roimh thorthaí Ardteistiméireachta na bliana sin. Maíodh an méid seo sa phreasráiteas:

*The other main change to the Leaving Cert this year was in Irish where the oral component of the exams now accounts for 40% of the marks awarded. The number of students taking higher level Irish has increased by almost 11% compared to last year.*

Luadh an méadú 11% sin go minic sa chlúdach a rinneadh ar thorthaí Ardteistiméireachta na bliana sna meáin chumarsáide. Figiúr lochtach atá ann, áfach, mar tá sé bunaithe ar chomparáid dhíreach idir líon na ndaltaí a rinne an páipéar Ardleibhéil in 2011 agus an líon daltaí a rinne an páipéar céanna in 2012, gan líon iarbhír na ndaltaí a rinne an Ardteistiméireacht sa dá bhliain sin a chur san áireamh. Léirítear sna figiúirí i dTábla 1.5–1 thíos go raibh *laghdú* ar líon na ndaltaí a rinne scrúduithe na hArdteistiméireachta in 2012 agus ar líon na ndaltaí a rinne an Scrúdú Gaeilge an bhliain chéanna. Má dhéantar na figiúirí a ríomh de réir an chéatadáin a rinne an Scrúdú Ardleibhéil in 2012 i gcoibhneas leis an líon iomlán a rinne an scrúdú an bhliain sin, is léir gur ardú 4.75% a tháinig ar líon na ndaltaí a thug faoin Ardleibhéal in 2012 agus íslíú dá réir ar an líon a thug faoin Ghnáthleibhéal agus faoin Bhonnleibhéal.



**Tábla 1.5–1: Líon daltaí a rinne an Ardteistiméireacht in 2011 agus in 2012**

Bliain	Líon Iomlán	An Scrúdú Béarla	An Scrúdú Gaeilge	Ardleibhéal Gaeilge	Gnáthleibhéal Gaeilge	Bonnleibhéal Gaeilge
2011	57,532	51,453	44,398 77% de líon na ndaltaí a rinne an Ardteist	14,358 32.34% de líon na ndaltaí a rinne Gaeilge	25,221 56.81% de líon na ndaltaí a rinne Gaeilge	4,819 10.85% de líon na ndaltaí a rinne Gaeilge
2012	55,815	50,517	42,965 77% de líon na ndaltaí a rinne an Ardteist	15,937 37.09% de líon na ndaltaí a rinne Gaeilge	22,875 53.24% de líon na ndaltaí a rinne Gaeilge	4,153 9.67%
+ / -	-1717	-936	-1433	+4.75%	-3.57%	-1.18%

San iomlán, faoi mar a léirítear i dTábla 1.5–2 thíos, bronnadh gráid A ar 17.4% de na daltaí a thug faoin scrúdú ag an Ardleibhéal in 2012. Ba mhéadú 3.5% é sin ar an líon a fuair gráid A in 2011. D'éirigh le 1.4% breise de na daltaí gráid B a bhaint amach in 2012 chomh maith. Fuair breis agus 87% de na daltaí onóracha sa scrúdú agus is ionann sin agus a rá gur bhain 3.3% níos mó de na daltaí onóracha amach in 2012 ná mar a bhain in 2011. Tá briseadh síos iomlán ar mharcanna Gaeilge na hArdteistiméireachta le fáil in Aguisín 2.

**Tábla 1.5–2: Torthaí Gaeilge (Ardleibhéal) in 2011 agus in 2012**

	Gráid A (A1 + A2)	Gráid B (B1 + B2 + B3)	Gráid C (C1 + C2 + C3)	Gráid D (D1 + D2 + D3)	Teip (E, F, NG)
2011	13.90%	35.50%	34.50%	15.10%	1%
2012	17.40%	36.90%	32.90%	12.10%	0.70%
+ / -	+ 3.5%	+ 1.4%	- 1.6%	- 3.0%	- 0.3%

## 1.6 Cumas teanga: ag baint tátal as na figiúirí (*Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora*)

Fiú má tháinig ardú ar líon na ndaltaí a bhain gráid A agus gráid B amach, cad é is féidir linn a rá go cinnte faoi chumas teanga na ndaltaí sin? Ach oiread leis an hábhair eile sna

scrúduithe stáit, ní dhéantar aon mhiondealú ar na marcanna a ghnóthaíonn daltaí sna codanna éagsúla den scrúdú. Ciallaíonn sé sin gur deacair breithiúnas a thabhairt ar thionchar na n-athruithe ar an scrúdú nó ar chumas na ndaltaí. Is í an t-aon fhoinsé eolais a thugann léargas dúinn ar cad é mar a éiríonn le daltaí i scrúduithe an stáit ná *Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora* a fhoilsítear ó am go chéile ar shuíomh Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Tá *Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora 2012* ar fáil ar shuíomh an Choimisiúin, an chéad tuairisc faoin Ghaeilge san Ardteistiméireacht ó bhí 2008 ann. Mar seo a leanas na príomhphointí atá tugtha sa Tuairisc maidir leis an Ardleibhéal.

### 1.6.1 An bhéaltriall

*Bhí an ghnóthachtáil an-sásúil sa Bhéaltriall. Thuairisc scrúdaitheoirí, monatóirí agus iad siúd a bhí páirteach i bpróiseas na nAchomharc, go raibh cuid mhór de na hiarrthóirí ar a suaimhneas ag gabháil do na codanna éagsúla den scrúdú, gur léir go raibh ullmhúchán ciallmhar fiúntach déanta, gur léir gurbh í an Ghaeilge an gnáthmheán teagaisc in an-chuid ranganna, agus nach amháin gur chabhraigh na hathruithe sa scrúdú leis an ngnóthachtáil ó thaobh na ngrád de ach, rud níos tábhachtaí fós, gur chabhraigh siad le sealbhú agus le húsáid na teanga, nithe a bhí níos daingne agus níos nádúrtha ná mar a bhí go dtí seo... (2012:15)*

### 1.6.2 An tsraith pictiúr

*Ba léir go raibh réamhullmhúchán an-mhaith déanta ag na múinteoirí agus ag na hiarrthóirí sna seomraí ranga ar na sraitheanna pictiúr. Bhí céatadán maith de na hiarrthóirí in ann cur síos cuimsitheach leanúnach a dhéanamh ar an scéal sna pictiúir. Bhí roinnt iarrthóirí ann a raibh deacrachtaí acu leis an tsraith pictiúr. Ba chosúil nach raibh an t-ullmhúchán cuí déanta acu agus bhí roinnt acu a rinne iarracht an-lag dá réir. Ba bheag abairt shlán a bhí ag cuid acu. Bhí siad in ann cumarsáid a dhéanamh ach bhí an Ghaeilge an-lochtach...*

*Ba bheag saibhreas a bhí ag na hiarrthóirí sin ó thaobh nathanna cainte nó briathra de. Bhí na focail chuí ag roinnt acu cuid den am ach bhí na struchtúir gramadaí lochtach... (2012:16)*

### 1.6.3 Comhrá

*Is mó an líon iarrthóirí ar éirigh go han-mhaith leo sa chuid seo den Bhéaltriall ná mar a tharla le tamall anuas. Ba dhóigh leis na*

*scrúdaitheoirí gur dea-thionchar an chleachtais ranga a bhí anseo. Ba dhóigh leo gur mó an bhéim atá á cur anois ar labhairt na teanga, agus gurbh é a bhí le haithint anseo tionchar dearfach na hoibre go léir a rinneadh ar na sraitheanna pictiúr... (2012:17)*

#### **1.6.4 An chluastuiscint**

*Bhí na torthaí ar an Triail Chluastuisceana níos ísle i mbliana ná blianta eile. Bhí a lán iarrthóirí ann a ghnóthaigh idir 3 mharc agus 16 mharc as 60 marc. Blianta eile bhí an Triail Chluastuisceana ina cuidiú mór ag iarrthóirí a fuair grád ard; a mhalairt a bhí fíor i mbliana.*

*Bhí caighdeán na bhfreagraí sa Triail Chluastuisceana níos ísle in 2012 ná mar a bhí le blianta beaga anuas. Bhí na freagraí breac le drochlitriú, fiú amháin ag na hiarrthóirí láidre. Mheas na scrúdaitheoirí nár caitheadh dóthain ama ar an Triail Chluastuisceana sa rang toisc níos lú marcanna a bheith ag gabháil léi agus níos lú ama a bheith ar fáil di sa scrúdú, agus go raibh a thoradh sin le haithint ar an bhfreagairt. (2012:27)*

#### **1.6.5 An cheapadóireacht**

*... Bhí an-éagsúlacht caighdeán sa fhreagairt i gcás na ceapadóireachta, idir fhreagraí breátha cuimsitheacha ina raibh Gaeilge shaibhir chruinn agus fhreagraí laga a bhí gann ar aon iarracht le hábhar an teidil a ionramháil, gan iontu ach stór focal teoranta agus gramadach mhíchruinn. Céatadán maith de na hiarrthóirí ar éirigh leo marcanna maith a bhaint amach, bhí an chosúlacht ar a gcuid freagraí go raibh cuid den ábhar réamhullmhaithe acu. Ní chuidíonn sé mórán le hiarrthóirí sleachta réamhullmhaithe a bheith de ghlanmheabhair acu, áfach, murar féidir leo an t-ábhar a chur in oiriúint don teideal lá an scrúdaithe. Ní mór baint a bheith idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar le marcanna a ghnóthú.*

*.... Luaigh na scrúdaitheoirí caighdeán lag Gaeilge a bheith ag cuid mhaith de na hiarrthóirí, easpa cumais i láimhseáil bhunstruchtúir na teanga, easpa eolais ar aimsirí na mbriathra agus ar cheartúsáid na copaille. Ba mhinic a bhí difear mór le sonrú idir caighdeán na Gaeilge sa cheapadóireacht agus caighdeán na Gaeilge i gcodanna eile de script an iarrthóra chéanna. (2012: 28)*

### 1.6.6 An léamhthuiscint

*Ba léir ar an bhfreagairt sa Léamhthuiscint go raibh tromlach na n-iarrthóirí ábalta dul i ngleic leis an dá phíosa léamhthuisceana. D'éirigh le líon ard iarrthóirí na pointí eolais cuí a aimsiú sna sleachta i gcás na gceisteanna 1-5. Bhí an tsaoirse ag na hiarrthóirí na freagraí a scríobh amach díreach ón sliocht nó iad a scríobh ina bhfocail féin sna ceisteanna sin. Gnóthaíodh marcanna an-mhaith sa chuid seo den scrúdú....D'éirigh le céatadán maith de na hiarrthóirí samplaí cearta den bhriathar saor san aimsir láithreach agus san aimsir chaite a aimsiú sna ceisteanna gramadaí sa dá léamhthuiscint, Ceist 6 (a). Bhí deacrachtaí ag céatadán maith de na hiarrthóirí leis na ceisteanna céanna, áfach, iarrthóirí nár éirigh leo samplaí cruinne d'ainmfhocail sa ghinideach iolra agus uatha a aimsiú sna sleachta. Ba i gCeist 6 (b) sa dá léamhthuiscint ba mhó a léirigh na hiarrthóirí an cumas Gaeilge a bhí acu. Rinne an cheist seo idirdhealú idir na hiarrthóirí a raibh tuiscint mhaith acu ar éirim an tsleachta agus na hiarrthóirí nach raibh tuiscint chomh maith céanna acu. (2012: 28–29)*

### 1.6.7 Litríocht

*...Cheap na scrúdaitheoirí go mb'fhéidir gur cuireadh béim ar an teanga bheo sna ranganna agus nár cuireadh go leor béime ar an litríocht... (:29)*

*Ba bheag eolas a bhí ag iarrthóirí áirithe ar shaol ná ar shaothar an fhile. Bhí go leor de na freagraí lag agus easnamhach anseo... (2012: 29)*

Ní miste an méid seo a leanas a rá i dtaobh na sleachta thuas.

- Chuidigh na hathruithe sa Scrúdú Cainte le daltaí a chur ar a suaimhneas agus iad ag labhairt Gaeilge, ach bhí fadhbanna ann i gcónaí maidir le cúrsaí cruinnis agus saibhreas teanga.
- Is ait mar a tháinig íslíú ar scóir sa rannóg chluastuisceana. Bheifí ag súil, agus níos mó béime ar an chumarsáid agus ar labhairt na teanga, go mbeadh daltaí níos compordaí leis an ghné seo den scrúdú.
- Ní raibh léamh na filíochta chomh maith agus a bhí léamh an phróis blianta eile.
- Is léir go bhfuil fadhb leanúnach ann maidir le píosaí a bheith curtha de ghlanmheabhair don scríbhneoireacht. Rinneadh tagairt don deacracht seo go sonrach i dtuairiscí eile de chuid an Phríomhscrúdaitheora, mar shampla, 2008 (:37–38), 2005 (:25) agus 2001 (:4–5).

## Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar

- Maidir leis an léamhthuisct, deirtear sa Tuairisc gur éirigh le ‘líon ard iarrthóirí na pointí eolais cuí a aimsiú sna sleachta...bhí an tsaoirse [acu] na freagraí a scríobh amach díreach ón sliocht ná iad a scríobh ina bhfocail féin...’. Is leor spléachadh a thabhairt ar an chéad téacs léamhthuisceana i scrúdú 2012 le léiriú a fháil ar cé chomh furasta agus atá sé foclaíocht na gceisteanna a mheaitseáil le foclaíocht sa téacs agus an freagra cuí a aimsiú ar an dóigh sin.

Tríd is tríd, is deacair tátal a bhaint as an méid atá sa Tuairisc toisc go n-úsáidtear roinnt mhaith ráiteas ginearálta agus leaganacha doiléire ar nós ‘*cuid mhór* de na hiarrthóirí’, ‘*céatadán maith* de na hiarrthóirí’, ‘*roinnt* iarrthóirí,’ ‘*a lán* iarrthóirí’. Is deacair a thomhas cé chomh leitheadach is atá na fadhbanna a luaitear sa Tuairisc nuair nach ndéantar aon sainiú ná beachtú ná miondealú orthu. Tá an méid sin fíor i gcás an ardaithe 4.9% a tháinig ar líon na ndaltaí a ghnóthaigh gráid A agus B in 2012 – ní léir cén bunús a bhí leis an ardú sin ná cén chuid de na scrúduithe inar tháinig feabhas ar na marcanna.

Tugadh faoin taighde seo, go príomha, le léargas níos cinnte a fháil ar an tionchar a bhí ag na hathruithe a rinneadh ar an siollabas agus ar dháileadh na marcanna sa scrúdú Gaeilge ar chumas Gaeilge na ndaltaí. Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh tuiscint níos fearr againn ar chumas ginearálta na ndaltaí, agus go mbeadh faisnéis níos beachte ar fáil faoi na buanna agus na laigí atá acu sna scileanna éagsúla teanga. Is ansin a bheifear in ann beart nó straitéis a mholadh le dul i ngleic le haon easnaimh.

## 2 Aidhmeanna agus dearadh an taighde

### 2.1 Intreoir

Is é ábhar an taighde seo ná siollabas nua Gaeilge na hArdteistiméireachta a tugadh isteach i Meán Fómhair 2010 agus a scrúdaíodh den chéad uair i Meitheamh 2012. Is é príomhaidhm an taighde ná meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an tsiollabais nua ar ghnéithe de chumas Gaeilge dhaltaí na hArdteistiméireachta.

Ba iad seo a leanas príomhcheisteanna an taighde:

1. An bhfuil aon difríocht idir inniúlacht ghinearálta (cumasc den chluastuisicint, den scríbhneoireacht agus den labhairt) na rannpháirtithe a tástáladh faoin seansiollabas/scrúdú (2011) agus iad siúd a tástáladh faoin siollabas/scrúdú nua (2012)?
2. An bhfuil aon difríocht idir inniúlacht na rannpháirtithe a tástáladh faoin seansiollabas/scrúdú (2011) agus iad siúd a tástáladh faoin siollabas/scrúdú nua (2012) i ngach ceann de na scileanna seo a leanas: cluastuisicint, scríbhneoireacht agus labhairt?

Is é aidhm an taighde ná comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht na ndaltaí a rinne an seanscrúdú sa bhliain 2011 agus iad siúd a rinne an scrúdú nua sa bhliain 2012. Bhíothas ag iarraidh, mar sin, an taighde a chur i gcrích timpeall an ama a bhí gach grúpa daltaí ag gabháil do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta. Níorbh fhéidir sin a dhéanamh, áfach. Is scrúduithe fíorthábhachtacha iad scrúduithe na hArdteistiméireachta agus bíonn daltaí faoi bhrú nach beag lena linn. Is beag seans go mbeadh na daltaí sin, ná a gcuid múinteoirí ach oiread, ag iarraidh cur lena n-ualach oibre le linn an ama sin. Ba dheacair scrúduithe an tionscadail taighde seo a réachtáil *díreach i ndiaidh* scrúduithe na hArdteistiméireachta ach oiread, mar bíonn daltaí éagsúla réidh ar dhátaí éagsúla. Rinneadh cinneadh, mar sin, an taighde a dhéanamh le mic léinn a bhí díreach i ndiaidh tosú sa chéad bhliain ollscoile.

Déantar staidéar ar an Ghaeilge ag trí leibhéal san Ardteistiméireacht (Bonnleibhéal, Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal). I gcás an tionscadail taighde seo, áfach, ní raibh sé indéanta aon scrúdú amháin a ullmhú a chuimseodh gach leibhéal acu sin. Ní fhéadfadh, i dtionscadal chomh beag leis seo, na ceisteanna taighde a fhreagairt gan rogha níos teoranta a dhéanamh ar na rannpháirtithe, is é sin rannpháirtithe a úsáid a bhain grád nó gráid áirithe amach i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta.

Beartaíodh i dtús báire glacadh le rannpháirtithe a bhain gráid C amach sa Scrúdú Gaeilge Ardleibhéil. Bhíothas ag súil le rannpháirtithe ó thrí chineál meánscoile, mar atá: scoileanna Gaeltachta ina múintear na hábhair trí Ghaeilge, Gaelcholáistí agus scoileanna Béarla. Tuigeadh a thábhachtaí is a bhí sé an taighde a chur i gcrích chomh luath agus ab fhéidir sa bhliain acadúil, le nach mbeadh tionchar rómhór ag cibé cúrsa ollscoile a bhí ar siúl acu ar chumas Gaeilge na rannpháirtithe. Chuidigh na ranna Gaeilge in ollscoileanna éagsúla linn mic léinn a earcú a bhain torthaí áirithe amach san Ardteistiméireacht. Bíodh sin mar atá, ba dheacair agus b'fhadálach mic léinn a mhealladh chun páirt a ghlacadh sa tionscadal. Fuarthas amach nár leor an fócaíocht €40 le líon sásúil mic léinn a mhealladh don dá uair an chloig oibre. Caithfear cuimhneamh chomh maith gur mic léinn iad seo a bhí fós ag socrú síos in institiúidí tríú leibhéal i dtús an chéad seimeastair. I ndiaidh na cúinsí sin go léir a chur san áireamh, ba léir nárbh fhéidir líon sásúil mic léinn a earcú sna trí chatagóir a luadh thuas. B'éigean imeacht ón mhúnla a bhí ann, i.e. trí anailís faoi leith a dhéanamh ar thrí fhoghrúpa. Mar sin, éiríodh as mic léinn a bhain gráid C amach a lorg. Ar deireadh, earcaíodh mic léinn a bhain grád B1 amach (80 marc ach níos lú ná 85 marc) nó grád B2 (75 marc ach níos lú ná 80 marc) i Scrúdú Gaeilge Ardleibhéil na hArdteistiméireachta in 2011 nó in 2012.

## 2.2 Modheolaíocht

### 2.2.1 Intreoir

Faoi mar a dúradh roimhe seo, b'inhianaithe scileanna Gaeilge na rannpháirtithe a thástáil chomh luath agus ab fhéidir i ndiaidh scrúduithe na hArdteistiméireachta. Ní raibh an méid sin indéanta, áfach. Mar sin de, cuireadh scrúduithe an taighde seo ar siúl in institiúidí tríú leibhéal (nó in aice leis na hinstitiúidí sin) i Má Nuad, i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh ar dhátaí éagsúla idir an tríú seachtain de Shamhain agus an chéad seachtain de mhí na Nollag sa bhliain 2011 agus arís le linn na tréimhse céanna sa bhliain 2012. Iarradh ar na rannpháirtithe foirm a léamh agus a shíniú lena dheimhniú go raibh siad toilteanach páirt a ghlacadh sa taighde. Bhí cur síos gairid ginearálta ar an tionscadal taighde san fhoirm sin agus deimhniú go n-úsáidí freagraí agus obair na rannpháirtithe go lándiscreideach. Chomh maith leis sin, bhí ar na rannpháirtithe ceistneoir a chomhlánú. Míníodh dóibh gurbh é a bhí ag teastáil ná a gcuid tuairimí féin agus cur síos ar a gcuid eispéireas féin agus nach raibh a leithéid de rud ann agus freagra 'ceart' nó 'mícheart.' B'éigean do gach rannpháirtí freastal ar Scrúdú Cainte agus tabhairt faoi pháipéar scrúdaithe a raibh scrúdú Cluastuisceana agus Scrúdú Scríbhneoireachta ann. Tá míréir bheag ann idir líon iomlán na rannpháirtithe sna scrúduithe éagsúla ( $n = 177$ ) agus líon na ndaoine a rinne an Ceistneoir a fhreagairt ( $n = 183$ ). Is amhlaidh a rinne gach uile rannpháirtí an Ceistneoir a chomhlánú ach bhí líon beag daoine sa chéad sampla seo ( $n = 6$ ) nach ndearna na scrúduithe nó nach ndearna

iad go léir. Fágadh na daoine sin ar lár san anailís dheireanach ar thorthaí na scrúduithe ach cuireadh san áireamh iad san anailís ar an Cheistneoir.

### 2.2.2 An scrúdú treorach

Theastaigh uainn i dtosach úsáid a bhaint as scrúduithe de chuid an chórais scrúduithe atá forbartha ag Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, is é sin Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG). Tá na scrúduithe seo bunaithe ar an *Fhráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha* (CEFR) a d'fhoilsigh Comhairle na hEorpa sa bhliain 2001. Tá sé ráite (NCCA, 2006 agus NQAI, 2007) go bhfuil gá le hailíniú idir siollabais teanga an churaclaim in Éirinn agus na leibhéil chumais atá leagtha amach sa CEFR. Bíodh sin mar atá, níl aon ní déanta go dtí seo leis an dá rud a ailíniú. Fadhb eile ná gur cumasc atá i dtorthaí na hArdteistiméireachta de na marcanna uile a fuarthas i ngach cuid den scrúdú gan aon mhiondealú ann ar ghnóthachtáil na n-iarrthóirí i gcodanna faoi leith den scrúdú. Bhí an baol ann, dá mbainfí úsáid as scrúduithe a bheadh bunaithe ar leibhéal amháin de chuid TEG, go gcuirfí sonraí ar fáil nach bhféadfaí tátal a bhaint astu i gcomhthéacs an tionscadail taighde seo. Mar sin de, sula ndearnadh cinneadh i dtaobh na gcineálacha tasc a bhí le húsáid, socraíodh **scrúdú treorach** (*routing test*) gairid a chur le chéile le míreanna ó roinnt leibhéal de chuid TEG. Úsáidtear scrúduithe treorach chun leibhéal chumais iarrthóirí a réamhthástáil le go mbeidh a fhios ag lucht scríofa scrúduithe cén leibhéal ar cheart a bheith ag díriú air. Chuidigh torthaí an scrúdaithe treorach linn scrúdú a ullmhú a bhí oiriúnach do leibhéal chumais na rannpháirtithe, rud a chuireann le bailíocht na dtorthaí. Agus anailís á déanamh ar thorthaí an scrúdaithe treorach, ba léir go mbeadh orainn imeacht ó chuid de na tascanna a bhfuil taithí againn ar iad a úsáid i scrúduithe TEG. Léiríodh gur ghá athruithe suntasacha a dhéanamh ar chuid de na tascanna sa Scrúdú Scríbhneoireachta agus sa Scrúdú Cainte lena chinntiú go mbeifí ábalta tátal fiúntach a bhaint as na torthaí agus comparáid a dhéanamh idir na torthaí a fuair cohórt 2011 agus cohórt 2012. Léiríodh chomh maith nach bhféadfaí cloí le leibhéal amháin deacrachta (bunaithe ar leibhéal TEG) agus go gcaithfí míreanna a chuimsíonn leibhéal A2–B2 a úsáid chun nach mbeadh an scrúdú ródheacair ná ró-éasca. Bhí a lán athruithe le déanamh ar na córais mharcála éagsúla, go háirithe don scríbhneoireacht agus don Scrúdú Cainte. Bhí athruithe móra le déanamh ar an Scrúdú Cainte lena chinntiú go mbeifí ábalta tátal fiúntach a bhaint as na torthaí. Measadh nach mbeadh na córais mharcála a úsáidtear i scrúduithe TEG iomlán oiriúnach d'obair thaighde den chineál seo.

### 2.2.3 An réamhthástáil

Bunaithe ar an obair anailíse a rinneadh ar na scrúduithe treorach, cuireadh le chéile míreanna don Scrúdú Cluastuisceana, don Scrúdú Scríbhneoireachta agus don Scrúdú Cainte mar aon le córais chuimsitheacha marcála do na rannóga éagsúla. Rinneadh



réamhthástáil ar na míreanna ar fad le grúpa beag mic léinn ( $n = 12$ ) a bhí comhchosúil leis an sampla a bhí chun tabhairt faoi scrúdú deiridh. Agus scagadh agus anailís a dhéanamh ar thorthaí na réamhthástála, ba léir go raibh tábhacht faoi leith ag baint leis na teoracha a chuirfí ar fáil do na rannpháirtithe, go háirithe sula dtabharfaidís faoin Scrúdú Cluastuisceana. Mar shampla, léirigh an réamhthástáil sa Chluastuisceant go raibh claonadh ag rannpháirtithe gach píosa eolais a bhain le ceist faoi leith a bhreacadh síos seachas an freagra a thabhairt. Cuir i gcás, i gceist ar bith inar iarradh ar rannpháirtithe an ‘phríomhchúis’ a bhí le rud éigin a thabhairt, scríobh cuid mhór acu na ‘cúiseanna’ ar fad a tugadh sa mhír. Sna cásanna sin, ní fhéadfaí a bheith cinnte cé acu a bhí tuiscint cheart acu ar an ábhar nó an amhlaidh a mheaitseáil siad focail áirithe sa cheist agus sa mhír éisteachta. Socraíodh, mar réiteach air sin, teoracha a thabhairt roimh an Scrúdú Cluastuisceana chun a chur i gcuimhne do na rannpháirtithe na ceisteanna a léamh go cúramach agus gan liosta d’fhreagraí ‘a d’fhéadfadh a bheith ceart’ a thabhairt nuair nach raibh ach freagra amháin ceart ann. Socraíodh chomh maith nár mhiste a chur i gcuimhne do na rannpháirtithe gur cheart dóibh aird faoi leith a bheith acu ar an ghramadach agus ar litriú sa Scrúdú Scríbhneoireachta.

Céim riachtanach den tionscadal a bhí sa tréimhse réamhthástála seo. Ba lena linn a rinneadh scagadh ar na tascanna, na míreanna agus na roghanna éagsúla chun a chinntiú go raibh siad éifeachtach agus go raibh na topaicí, an t-ábhar agus an leibhéal deacrachta cuí ann. Ba lena linn seo a cinntíodh go raibh na critéir agus na treoirlínte marcála do na tascanna ar fad ag feidhmiú mar is cuí.

### **2.2.4 An sampla deiridh**

Déanfar scagadh anois ar chuid den eolas cúlra a bhaineann le rannpháirtithe 2011 agus rannpháirtithe 2012 lena chruthú gur samplaí inchomparáide iad. Déanfar sin i gcomhthéacs na bhfreagraí a thug na rannpháirtithe ar cheisteanna áirithe sa Cheistneoir. Is fiú na freagraí a thug an dá ghrúpa (2011 agus 2012) a chur i gcomparáid, féachaint an bhfuil aon difríochtaí suntasacha eatarthu.

Sa Tábla seo thíos, tá achoimre ar chúlra na rannpháirtithe. Tá eolas cuimsitheach le fáil i gCaibidil 3.

Tábla 2.2–1: Cúlra na rannpháirtithe

Líon rannpháirtithe		2011	2012
		96	87
Inscne	Baineann	64	58
	Fireann	32	29
Grád sa Ghaeilge	B1 Onóracha	58	53
	B2 Onóracha	38	34
Teanga teaghlaigh	Gaeilge	5	0
	Béarla	76	75
	Gaeilge + Béarla	14	12
Teanga sa bhunscoil	Gaeilge	40	23
	Béarla	47	52
	Gaeilge + Béarla	9	12
Teanga sa mheánscoil	Gaeilge	26	10
	Béarla	57	66
	Gaeilge + Béarla	13	11

Ba mhar a chéile, beagnach, mar a d'fhreagair an dá ghrúpa na ceisteanna i dtaca le hinscne agus na gráid a bhaineadh amach i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta. Bhí roinnt difríochtaí ann i measc rannpháirtithe sa dá ghrúpa. Mar shampla, ní raibh an Ghaeilge ina teanga teaghlaigh ag duine ar bith de rannpháirtithe 2012 ach is amhlaidh a bhí an Ghaeilge ina teanga teaghlaigh ag cúigear d'iarrthóirí 2011. Bíodh sin mar atá, bhí an líon iarrthóirí a raibh difríochtaí den chineál sin eatarthu chomh beag sin nach raibh aon tionchar aige ar na tástálacha chi-chearnaithe ná ar V-staitistic Cramer. Féach an cur síos cuimsitheach ar an rannpháirtithe i gCaibidil 3.

## Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar

Léiríodh difríochtaí chomh maith maidir leis an teanga (nó na teangacha) a úsáideadh le haghaidh teagasc sa bhunscoil. Maidir leis an teagasc sa bhunscoil, feictear i dTábla 2.1 go raibh níos mó rannpháirtithe i ngrúpa 2011 a fuair a gcuid oideachais bunscoile trí mheán na Gaeilge ná mar a bhí i measc rannpháirtithe 2012. Má bhreathnaímid ar an anailís ar an fhreagra seo i gCaibidil 3 feictear gurb é .089 an luach **neas-suntasachta** (*approximate significance* nó '*approx. sig.*') Tá an figiúr sin faoi bhun 0.10, rud a thugann le fios go bhfuil difríocht shuntasach idir lucht an dá bhliain maidir leis an cheist sin. Mar sin féin, má bhreathnaímid ar an **luach** (*value*) léirítear nach difríocht rómhór atá ann, mar is é an luach ná 0.163, figiúr atá níos gaire go mór do 0 ná mar atá sé do 1.

Má bhreathnaímid ar an teanga (nó na teangacha) a úsáideadh le haghaidh teagasc sa mheánscoil, feictear go bhfuil an neas-suntasacht faoi bhun 0.10 agus go bhfuil difríocht shuntasach idir lucht an dá bhliain maidir leis an cheist sin. Mar sin féin, ní difríocht rómhór atá ann, mar is é an luach ná 0.203, atá níos gaire do 0 ná do 1 – rud a fhágann sa trian is ísle é.

Mar is léir ó Thábla 2.1, ba é an difríocht ba mhó idir an dá ghrúpa ná an foghrúpa sin a múineadh trí Ghaeilge i sampla 2011. Is féidir go raibh tionchar áirithe ag na difríochtaí seo ar na ceisteanna taighde. D'fhéadfaí a mhaíomh gur ar éigean a d'éireodh chomh maith céanna leis an dá ghrúpa sa scrúdú a úsáideadh sa taighde nuair a bhí líon níos ísle de chohórt 2012 a fuair a gcuid oideachais go léir trí Ghaeilge. Ní mór cuimhneamh, áfach, gurbh é an réamhriachtanas ba thábhachtaí a bhí ann ná go mbeadh grád B1 nó grád B2 bainte amach ag gach rannpháirtí i Scrúdú Gaeilge Ardleibhéil na hArdteistiméireachta.

### 2.2.5 Na hionstraimí taighde

1. Ba é an chéad chéim den taighde ná inniúlacht ghinearálta agus cumas cumarsáide na rannpháirtithe a thástáil le scrúduithe teanga saincheaptha. Bhí trí scrúdú ann: Scrúdú Cluastuisceana, Scrúdú Scríbhneoireachta agus Scrúdú Cainte. Ba é príomhaidhm an taighde ná comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht na rannpháirtithe a rinne Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta sa bhliain 2011 agus iad siúd a rinne an scrúdú sin sa bhliain 2012. Dá bhrí sin, bhí sé tábhachtach go ndéanfadh an dá ghrúpa na scrúduithe céanna sna dálaí céanna.
2. Cuid thánaisteach den taighde seo ná eolas a bhailiú maidir le cúlra teanga na rannpháirtithe, a ndearcadh i leith na Gaeilge agus fhoghlaim na Gaeilge agus féinmheasúnú ar a gcumas féin sa Ghaeilge. Úsáideadh Ceistneoir chun an t-eolas sin a bhailiú.

### 2.2.6 An Scrúdú Cluastuisceana

Ceapadh an scrúdú seo chun scileanna cluastuisceana na rannpháirtithe a thástáil. Roghnaíodh topaicí agus téamaí sna téacsanna cluastuisceana a bhaineann leis an saol laethúil agus a mbeadh cur amach ag daltaí orthu ón Siollabas Ardleibhéil Gaeilge. Úsáideadh samplaí cainte ó chineálacha éagsúla dioscúrsa. Úsáideadh formáidí freagartha éagsúla chomh maith. Cainteoirí dúchais Gaeilge a scríobh na téacsanna agus cuireadh béim ar nádúrthacht agus ar inchreidteacht. I ndiaidh chéim na réamhthástála, agus i ndiaidh dúinn dul i gcomhairle le múinteoirí a bhfuil taithí fhada acu ag teagasc Gaeilge i scoileanna meánleibhéil, rinneadh leasuithe chun na téacsanna a dhéanamh níos oiriúnaí agus níos barántúla. Sna téacsanna sin ina bhfuil comhrá nó agallamh idir beirt cainteoirí, socraíodh go mbeadh fear agus bean ann chun gurbh fhusa na cainteoirí a aithint thar a chéile. Rinneadh na téacsanna cluastuisceana a thaifeadadh ar chaighdeán gairmiúil. Roghnaíodh cainteoirí oilte a bhfuil taithí acu ag obair ar thaifeadtaí le haghaidh mhíreanna cluastuisceana scrúduithe TEG le hocht mbliana anuas. Rinneadh gach uile iarracht an chaint a bheith chomh nádúrtha agus ab fhéidir. Iarradh ar na cainteoirí labhairt ar gnáthluas. Coinníodh gnéithe den ghnáthchaint laethúil, mar shampla, stad beag sa chaint, nó cainteoirí ag dul siar ar a gcuid cainte nó athrá. Roghnaíodh cainteoirí cumasacha de chuid na dtrí mhórchanúint: Ulaidh, an Mhumhain agus Connachta. Bíodh sin mar atá, leasaíodh leaganacha a bhí an-chanúnach ar fad.

Is é a bhí i gCeist 1 ná trí cinn de chomhráite gairide. B'éigean do na rannpháirtithe dhá fhreagra ghairide a chur ar fáil i dtaca le gach comhrá acu. Marc amháin a bhí le gach ceist agus ba é an t-uasmharc a d'fhéadfaí a bhaint amach sa chuid seo den scrúdú ná 6.

Comhrá níos faide a bhí i gCeist 2. B'éigean do na rannpháirtithe cúig ráiteas a léamh agus tic a chur sa bhosca cuí chun a léiriú cé acu a bhí na ráitis 'fíor' nó 'bréagach' nó an é nár tugadh an t-eolas ar chor ar bith. Marc amháin a bhí le gach ráiteas agus ba é an t-uasmharc a d'fhéadfaí a bhaint amach sa chuid seo den scrúdú ná 5.

Sé cinn de shleachta a bhí i gCeist 3, idir mhonalóga agus chomhráite gairide. B'éigean do na rannpháirtithe ceist amháin nó dhá cheist a fhreagairt i dtaca le gach sliocht. Ba iad na formáidí freagartha a bhí ann ná ceisteanna ilrogha nó freagraí gairide a thabhairt. Ba é an t-uasmharc a d'fhéadfaí a bhaint amach sa chuid seo den scrúdú ná 9.

Agallamh raidió a bhí i gCeist 4. Ba í an fhormáid freagartha sa chás seo ná cúig fhreagra ghairide agus ceist ilrogha amháin. Ba é an t-uasmharc a d'fhéadfaí a bhaint amach sa chuid seo den scrúdú ná 6.

## Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar

Rinneadh tástáil ar chineálacha éagsúla cluastuisceana. Tá ceisteanna sa scrúdú atá dírithe ar eolas éigin a athsholáthar, is é sin eolas a thugar go follasach sna píosaí éisteachta. Tá ceisteanna eile ann ina gcaithfidh na rannpháirtithe brí fhoriomlán nó éirim na cainte a thabhairt leo ó chomhrá nó ó mhonalóg. I gceisteanna eile, caithfidh na rannpháirtithe éisteacht go cúramach chun na príomhphointí a thuiscint. Tá ceisteanna ann a chuireann iallach ar na rannpháirtithe comhthéacs agus infheireas a úsáid agus na ceisteanna á bhfreagairt acu.

Murab ionann agus Teastas Eorpach na Gaeilge, níl aon bhunliosta focal tugtha i siollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta. Dá bhrí sin, b'éigean na míreanna léacsacha a bhí le húsáid sa Scrúdú Cluastuisceana a roghnú go cúramach. Rinneadh iarracht a chinntiú nach mbeadh freagra ar bith ag brath ar fhocal nó nath amháin a thuiscint. Rinneadh gach iarracht friotal na scrípteanna a bheith an-chosúil leis an fhriotal a mbeadh taithí ag daltaí na hArdteistiméireachta air.

Bíodh sin mar atá, bhíothas ag súil leis na rannpháirtithe a bheith ábalta straitéisí cuí a úsáid (mar shampla, comhthéacsú, buille faoi thuairim) agus iad i ngleic le míreanna léacsacha nárbh eol dóibh. Seachnaíodh struchtúir chasta ghramadaí agus rinneadh gach iarracht dul na gnáthchainte nádúrtha a bheith ar an script. I gCaibidil 5, tabharfar tuilleadh eolais i dtaobh na gcineálacha éagsúla cluastuisceana a tástáladh sa scrúdú seo.

Bhí 26 mír sa leagan deiridh den Scrúdú Cluastuisceana agus ba é an t-uasmharc a d'fhéadfaí a bhaint amach ann ná 26. Tá an scrúdú iomlán tugtha in Aguisín 3: An Scrúdú Cluastuisceana.

### 2.2.7 Riar an Scrúdaithe Cluastuisceana

Tugadh leabhrán do gach rannpháirtí sa Scrúdú Cluastuisceana. Bhí buneolas faoin scrúdú ar chlúdach an leabhráin, mar shampla fad agus líon na gceisteanna. Ba i mBéarla, ag barr an dara leathanach, a tugadh an t-eolas sin agus roinnt treoracha eile. Ba i nGaeilge a bhí na ceisteanna ar fad agus bhí ar na rannpháirtithe a gcuid freagraí a scríobh i nGaeilge, i gcás go raibh orthu freagraí a scríobh. Sular seinneadh an dlúthdhiosca, rinne cúntóir nó duine de na taighdeoirí na treoracha a léamh agus chuir sé/sí i gcuimhne do na rannpháirtithe a thábhachtaí is a bhí sé na ceisteanna a fhreagairt murab ionann agus na sonraí go léir a bhain leis an cheist a athsholáthar. Ní bhíonn ceisteanna ar an mhúnla 'fíor', 'bréagach' nó 'níor tugadh an t-eolas' ar Scrúdú Cluastuisceana na hArdteistiméireachta. Dá bharr sin, cuireadh sampla den chineál seo ceiste i láthair na rannpháirtithe agus míníodh úsáid an natha 'an phríomhchúis'. Sular cuireadh an dlúthdhiosca ar siúl, tugadh cúig nóiméad do na rannpháirtithe na ceisteanna a léamh agus dul i dtaithe ar leagan amach an leabhráin. Seinneadh gach mír éisteachta

faoi dhó agus sos gairid idir gach ceist chun deis a thabhairt do rannpháirtithe a gcuid freagraí a bhreacadh síos. Déantar na bearnaí seo idir na míreanna éisteachta a leagan amach go han-chúramach ar an dlúthdhiosca chun go mbeidh a sáith ama ag na rannpháirtithe straitéisí cognaíocha a úsáid, mar shampla eolas a stóráil sa chuimhne ghearrthearma nó fíricí ábhartha a aisghabháil as an chuimhne ghearrthearma. Mhair an scrúdú iomlán cúig nóiméad tríocha ar fad.

### 2.2.8 An Scrúdú Scríbhneoireachta

Trí cheist a bhí sa Scrúdú Scríbhneoireachta. Ba é a bhí le déanamh i gCeist 1 ná deich mbearna a líonadh i dteachtairacht ghairid ríomhphoist. Marc amháin a tugadh ar gach freagra ceart. Le go bhfaighfí an marc iomlán, b'éigean gach marc a bheith láncheart ó thaobh na gramadaí agus ó thaobh litriú de. Ba é an t-uasmharc a d'fhéadfaí a bhaint amach sa chuid seo den scrúdú ná 10.

I gCeist 2, bhí ar na rannpháirtithe ríomhphost gairid a scríobh mar gheall ar ábhar a míníodh dóibh i nGaeilge agus i mBéarla. B'éigean an ríomhphost a bhunú ar cheithre nod a tugadh i mBéarla amháin. Ceapadh na noda seo sa chaoi is go mbeadh ar na mic léinn struchtúir agus feidhmeanna bunúsacha Gaeilge a sholáthar, mar shampla buíochas a ghabháil, cur síos ar rudaí, cuireadh a thabhairt nó pleananna a dhéanamh. Is struchtúir agus feidhmeanna iad sin ar cheart taithe a bheith ag na hiarrthóirí orthu. Bhí ar na rannpháirtithe líon éigin idir 55 agus 65 focal a scríobh. Bhí 12 marc le gnóthú ar chruinneas gramadaí, 2 mharc ar ábhar agus stór focal agus marc amháin as an tasc a chur i gcrích, is é sin rud éigin a scríobh i dtaobh gach ceann de na noda. Ba é an t-uasmharc a d'fhéadfaí a bhaint amach sa chuid seo den scrúdú ná 15.

Ba é a bhí i gCeist 3 ná cúig cinn d'abairtí gairide a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge. Is bunstruchtúir ghramadaí a bhí á dtástáil sa cheist seo. Ba é an t-uasmharc a d'fhéadfaí a bhaint amach sa chuid seo den scrúdú ná 25. B'éigean scéim chuimsitheach mharcála a cheapadh le haghaidh na ceiste seo sa dóigh is go mbeadh ar ár gcumas tátal ginearálta a bhaint as na freagraí. Tugadh marcanna as struchtúir faoi leith a sholáthar. Rinneadh an-chuid réamhthástála ar an cheist chun a chinntiú nach mbeadh freagraí na rannpháirtithe chomh difriúil sin óna chéile nárbh fhéidir aon tátal ginearálta a bhaint astu. Ó tharla gur cruinneas gramadaí a bhí á thástáil sa cheist seo, úsáideadh focail agus frásaí simplí nach bhfuil mórán de dhúshlán aistriúcháin iontu.

D'fhéadfaí a mhaíomh gur raon an-teoranta de chineálacha scríbhneoireachta a bhí á dtástáil sa chuid seo den scrúdú. Tástáil fhollasach ar scileanna gramadaí agus comhréire na rannpháirtithe a bhí i bhformhór na dtascanna. Ní raibh ach ceist amháin saorscríbhneoireachta ann. Is é is cúis a bhí leis sin ná an iontaofacht a bheith barrthábhachtach sa taighde seo. Bíonn iontaofacht ag brath ar an tasc féin agus ar an

## Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar

dóigh a ndéantar é a mharcáil. Tríd is tríd, ní bhíonn an scóráil a dhéantar ar thascanna ráitithe chomh hiontaofa leis an scóráil a dhéantar ar mhíreanna déscartha (is é sin míreanna a bhfuil freagra ceart nó mícheart orthu). **Athraitheas** (*variance*) sa phróiseas ráitithe is cúis leis sin. Cinneadh gan tuilleadh ceisteanna ‘saorscríbhneoireachta’ a úsáid mar gheall ar chomh deacair agus a bhíonn sé measúnú comhleanúnach córasach a dhéanamh ar fheidhmíocht scríbhneoireachta i dtionscadal taighde den chineál seo. Bíodh is go ndearnadh anailís faoi iontaofacht na rátálaithe i dtaca leis an dara ceist scríbhneoireachta, measadh gurbh fhearr, ó thaobh na hiontaofachta de, úsáid a bhaint as míreanna agus ceisteanna a mharcáiltear go hoibiachtúil.

Bhí 36 mír sa leagan deiridh den Scrúdú Scríbhneoireachta. Ba é an t-uas-scór a d’fhéadfaí a bhaint amach sa scrúdú ná 50. Tá an scrúdú iomlán le fáil in Aguisín 4.

### 2.2.9 Riar an Scrúdaithe Scríbhneoireachta

Thug na rannpháirtithe faoin Scrúdú Scríbhneoireachta i ndiaidh an Scrúdaithe Cluastuisceana.

### 2.2.10 An Scrúdú Cainte

Bhí an Scrúdú Cainte roinnte i gcúig mhór-thasc. I ngach tasc acu sin, rinneadh tástáil ar ghnéithe faoi leith de chumas na rannpháirtithe chun cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge. Ba é príomhaidhm an scrúdaithe ná cumas na rannpháirtithe a thomhas i dtaca le foghraíocht, ceisteanna a chur agus a fhreagairt, tuairimí a chur in iúl agus cur síos a dhéanamh ar rudaí. Roghnaíodh na topaicí agus na feidhmeanna go cúramach chun go mbeadh cur amach orthu ag daltaí a bhí i ndiaidh an cúrsa Ardleibhéil Gaeilge a dhéanamh.

Bhí an-tábhacht ag baint le caighdeánú na dtascanna sa Scrúdú Cainte chun go mbeadh na torthaí inchomparáide. Rinneadh na tascanna a chur in oiriúint trí dhianphróiseas tástála, léirmheastóireachta agus eagarthóireachta go dtí go rabhthas cinnte gur tascanna éifeachtacha iad agus go mbeadh go leor ama ag rannpháirtithe i gcomhair pleanála agus na tascanna a chur i gcrích agus go gcuirfeadh na rannpháirtithe freagraí inchomparáide ar fáil.

Bhí an próiseas réamhthástála riachtanach chun a chinntiú go raibh an leibhéal ceart deacrachta sna tascanna agus go bhféadfaí tatal a bhaint as na scóir. Inniu, tá tuiscint níos fearr ná riamh ann ar a bhfuil i gceist le ‘deacracht taisc’. Cuirtear san áireamh anois gnéithe den tasc féin, na dálaí ina dtugtar faoin tasc agus an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag na dálaí sin ar na scóir a ghnóthaítear i scrúduithe cainte. Is léir ó chuid den taighde sa réimse seo, go háirithe an taighde a rinne Skehan agus Foster (1997 & 2001),

Wigglesworth (1997), Elder *et al* (2002) agus Robinson (1995), gurb iomaí rud a d'fhéadfadh deacracht an tasc a mhéadú. Ina measc tá an méid ama a cheadaítear le haghaidh pleanála, an taithí atá ag duine ar chineál áirithe tasc, castacht chognaíoch agus an cur síos a dhéantar ar an tasc. Cuireadh na cúinsí sin go léir san áireamh le linn do na tascanna cainte a bheith á gceapadh agus á réamhthástáil. Má tá athraitheas ann idir scóir, ba cheart gurb é cumas na rannpháirtithe féin is cúis leis seachas, mar shampla, tuiscintí na rátálaithe ar an chóras marcála.

Léiríodh i staidéar a rinne Brown (2003) mar a fhéadann iompar agus cur chuige an *interlocutor* tionchar a bheith aige ar fheidhmíocht na ndaoine atá faoi scrúdú. Bhíothas ag iarraidh an tionchar sin a sheachaint agus, chuige sin, ceapadh fráma speisialta *interlocutor* agus tugadh do gach scrúdaitheoir cainte é. Tá mionteoracha sa fhráma maidir le cúrsaí ama agus conas gach tasc a chur i láthair agus a mhíniú don rannpháirtí. B'éigean a leithéid d'fhráma a chur ar fáil le go ndéanfaí na hagallaimh go léir ar bhealach caighdeánach. Ba é an aidhm a bhí ann an scrúdú cainte céanna a chur ar na rannpháirtithe go léir agus pé tionchar a bheadh ag pearsantacht agus stíl chumarsáide an scrúdaitheora a mhaolú oiread agus is féidir. Rinneadh gach iarracht tascanna cumarsáideacha a roghnú a bhfuil feidhm leo agus atá ar an leibhéal ceart deacrachta do na rannpháirtithe. Toisc an-bhéim a bheith ar chaighdeánú ina leithéid seo de thionscadal taighde, bíonn i gcónaí mínádúrthacht áirithe sna tascanna a úsáidtear. Tá an Scrúdú Cainte iomlán le fáil in Aguisín 5. Tá an scéim mharcála le fáil in Aguisín 7.

Foghraíocht a bhí á tástáil sa chéad tasc. Tá sé seo bunaithe ar thasc a d'úsáid Murtagh ina staidéar siúd (2003). B'éigean do gach rannpháirtí téacs timpeall dhá chéad focal a léamh os ard. Bhí an scóráil dírithe ar dhá fhuaim déag faoi leith (nó cumaisc d'fhuaimneanna). Níl tasc sainiúil i gcóras TEG le cumas foghraíochta a thástáil ach cuirtear an ghné sin den teanga san áireamh sa mharcáil don Scrúdú Cainte iomlán, bunaithe ar scálaí éagsúla do na leibhéil éagsúla. Bíodh sin mar atá, cinneadh gurbh fhearr díriú ar fhuaimneanna faoi leith i gcomhthéacs an tionscadail taighde seo chun go bhféadfaí cumas an dá ghrúpa rannpháirtithe a mheas. Mheasamar go mbeadh na rannpháirtithe ar a suaimhneas leis an tasc seo ó tharla go bhfuil a mhacasamhail de thasc aithriseoireachta i Scrúdú Cainte Gaeilge na hArdteistiméireachta. Marcáladh gach fuaim ceart nó mícheart. Ba é an scór ab airde a d'fhéadfaí a bhaint amach sa tasc seo ná 12.

Sa dara tasc, tugadh cárta rólghníomhaíochta do na rannpháirtithe. Bhí eolas ar an chárta a chuideodh leo saoire a phleanáil. Bhí ar rannpháirtithe an t-eolas sin a úsáid chun freagraí oiriúnacha a thabhairt ar shé cheist a chuir an scrúdaitheoir. Bíodh is nach n-úsáidtear tascanna rólghníomhaíochta mar uirlis mheasúnaithe i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, chuir múinteoirí Ardteistiméireachta in iúl dúinn go n-úsáidtear go han-mhinic sa seomra ranga iad. Chomh maith leis sin, léirigh an réamhthástáil gur thuig



## Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar

na rannpháirtithe riachtanais an chineáil seo taisc gan deacracht ar bith. Tugadh 2 mharc ar gach freagra ceart. Rinneadh na rannpháirtithe a mharcáil de réir chruinneas gramadaí a gcuid freagraí. Tugadh 2 mharc ar fhreagra láncheart agus marc amháin má bhí earráid ghramadaí amháin sa fhreagra. Níor tugadh marc ar bith i gcás go raibh níos mó ná dhá earráid ghramadaí ann. Ba é an scór ab airde a d'fhéadfaí a bhaint amach sa tasc seo ná 12.

I dtasc a trí, bhí ar na rannpháirtithe sé cheist shimplí a chur ar an scrúdaitheoir i dtaobh saoire a bhí á pleanáil aige/aici féin. Tugadh cárta don rannpháirtí ar a raibh eochairfhocail a bhain leis na ceisteanna a bhí le cur. Nuair a thug an scrúdaitheoir freagra ar cheist, bhí ar an rannpháirtí an freagra a bhreacadh síos ar an chárta. Tugadh an cárta ceannann céanna agus an t-eolas ceannann céanna do gach rannpháirtí, le go mbeadh ar na rannpháirtithe na ceisteanna céanna a chur. Roghnaíodh an tasc áirithe seo ar dhá chúis. Ar an chéad dul síos, is bunriachtanas teanga a bheith in ann ceisteanna a chur, riachtanas nach mbíonn aird air i gcónaí sa teagasc ná sa mheasúnú. Ar an dara dul síos, tá tasc den chineál céanna anois ina cuid de Scrúdú Cainte Gaeilge na hArdteistiméireachta. Ó 2012 i leith, i gcuid a trí den Scrúdú Cainte, bíonn ar dhaltaí trí cheist a chur i dtaobh sraith pictiúr. Mar sin de, tuigeadh dúinn go mbeadh sé suimiúil tasc den chineál seo a fhí isteach sa tionscadal taighde seo, féachaint cad é mar a d'éireodh le grúpa 2011 agus le grúpa 2012. Bíodh is gurbh éigean do na rannpháirtithe freagraí an scrúdaitheora a bhreacadh síos, níor tugadh aon mharc ar an chuid sin den tasc. Tugadh marc amháin ar gach ceist cheart a chuir an rannpháirtí. Marcáladh iarrachtaí na rannpháirtithe de réir cé chomh cruinn is a bhí a gcuid freagraí ó thaobh na gramadaí de. Tugadh marc amháin ar gach ceist láncheart. Níor tugadh marc ar bith i gcás go raibh níos mó ná dhá earráid ghramadaí sa cheist. Ba é an scór ab airde ab fhéidir a bhaint amach sa tasc seo ná 6.

Tuairimí a chur in iúl a bhí á thástáil i dtasc a ceathair. Tugadh leathanach do na rannpháirtithe ar a léiríodh dhá shlí bheatha éagsúla. Bhí ar an rannpháirtí an dá shlí bheatha a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile agus a d(h)earcadh féin a thabhairt ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach ceann acu. Shíleamar go mbeadh an topaic (cúrsaí oibre agus fostaíochta) ina ábhar spéise ag na rannpháirtithe agus gur dócha gur pléadh é le linn dóibh a bheith ag roghnú cúrsa tríú leibhéal. Níl tasc díreach chomh sainiúil leis seo i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta ach d'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil 'tuairimí a chur in iúl' mar pháirt den chomhrá i gcuid 4 den scrúdú sin. Ba léir ón réamhthástáil nár dheacair do na rannpháirtithe déileáil leis an tasc ná le hábhar an taisc. Tugadh nóiméad amháin do gach rannpháirtí a m(h)achnamh a dhéanamh faoi cad é a déarfadh sé/sí. Ligeadh dóibh labhairt ar feadh 3 nóiméad. Díreach mar a rinneadh i gcás thasc a ceathair thuas, socraíodh teorainn ama a chur le freagraí na rannpháirtithe. Rinneadh sin ar mhaithe le caighdeánú agus chun na

rannpháirtithe a spreagadh chun méid chinnte a rá. Dá mbeadh a gcuid freagraí róghairid, ba dheacair na scálaí rátála a chur i bhfeidhm go comhleanúnach. Rinneadh freagraí na rannpháirtithe a mheasúnú de réir trí scála éagsúla: bainteacht le hábhar (2 mharc), líofacht agus stór focal (4 mharc) agus cruinneas gramadaí (5 mharc). Ba é an scór ab airde a d'fhéadfaí a bhaint amach sa tasc seo ná 11.

I dtasc a cúig, tugadh sraith de shé pictiúr do na rannpháirtithe agus gach pictiúr díobh in ord cróineolaíoch. Tugadh nóiméad don rannpháirtí ansin chun an méid a déarfadh sí/sí a phleanáil. Bhí trí nóiméad ar fad acu chun cur síos a dhéanamh ar ábhar na bpictiúr. B'éigean scéal na bpictiúr a insint go comhleanúnach. Dúradh leis na rannpháirtithe an scéal a thosú mar seo: 'Lá amháin an tseachtain seo caite...' Socraíodh an treoir sin a thabhairt de bharr gur tugadh faoi deara le linn na réamhthástála gur dheacair do rannpháirtithe áirithe cloí leis an aimsir cheart agus iad ag insint an scéil. Bhíothas ag imeacht ón aimsir láithreach chun na haimsire caite agus, i gcás amháin, chun na haimsire fáistíní. Tá tasc den chineál seo anois mar pháirt de Scrúdú Cainte Gaeilge na hArdteistiméireachta agus, dá bhrí sin, is dócha go raibh níos mó taithí ag grúpa 2012 ar na riachtanais a bhaineann leis an tasc. Rinneadh freagraí na rannpháirtithe a mheasúnú de réir trí scála éagsúla: bainteacht le hábhar (2 mharc), líofacht agus stór focal (4 mharc) agus cruinneas gramadaí (5 mharc). Ba é an scór ab airde a d'fhéadfaí a bhaint amach sa tasc seo ná 11. Tá tuilleadh eolais maidir leis na scéimeanna marcála a úsáideadh le haghaidh tascanna faoi leith le fáil sa Scéim Mharcála in Aguisín 7 agus tá mioneolas i gCaibidil 5 faoi cad é mar a chruthaigh rannpháirtithe 2011 agus 2012.

### 2.2.11 Riar an Scrúdaithe Cainte

Scrúdaitheoirí oilte a bhí i mbun na scrúduithe cainte. Is ar bhonn traidisiúnta 'agallamh duine le duine' a reáchtáladh na scrúduithe. Is é an modh díreach sin is fearr a mbeadh cur amach ag na rannpháirtithe air, ó tharla é a bheith in úsáid i Scrúdú Cainte na hArdteistiméireachta. Ba é an leagan amach a bhí air ná go gcuirfeadh scrúdaitheoir amháin agallamh ar rannpháirtí amháin ar feadh timpeall cúig nóiméad déag. Thuigeamar go raibh tascanna áirithe ann nach mbeadh mórán cur amach ag na rannpháirtithe orthu, b'fhéidir. Ba dá bharr sin a socraíodh go dtabharfadh an scrúdaitheoir treoracha i mBéarla. Iarradh ar na rannpháirtithe soiléiriú a lorg dá mbeadh gá acu leis. Ní minic a tharla sin, a bhuíochas sin don réamhthástáil chuimsitheach agus leasuithe a rinneadh chun gach doiléire agus éiginnteacht a chur ar ceal. Rinneadh gach agallamh a thaifeadh sa chaoi is go dtiocfadh le rátálaithe oilte iad a mheasúnú níos faide anonn. D'éascaigh sin an anailís staitistiúil ar iontaofacht na rátálaithe éagsúla.

### 2.2.12 Ceistneoir na mac léinn

Dáileadh Ceistneoir ar gach rannpháirtí le teacht ar an eolas seo a leanas: eolas ginearálta maidir le cúlra oideachais, cúlra teanga, mar a ghnóthaigh an rannpháirtí i scrúduithe teanga go dtí seo, na hábhair staidéir a rabhthas ag gabháil dóibh san am agus pleananna don am atá le teacht, dearcadh i leith na Gaeilge agus i leith fhoghlaim na Gaeilge agus féinmheasúnú ar a c(h)umas féin sa Ghaeilge. Tá an Ceistneoir a dáileadh ar rannpháirtithe sa bhliain 2012 le fáil in Aguisín 8: Ceistneoir. 41 mír a bhí sa cheistneoir. Bhí sé mhír sa roinn faoi chúlra scoile agus dhá mhír sa roinn mar gheall ar chúlra teanga. Bhí 8 mír sa roinn maidir leis na torthaí a bhain na rannpháirtithe amach i scrúduithe teanga sa mheánscoil. Bhí 7 mír ann maidir leis na hábhair ollscoile a raibh na rannpháirtithe ag gabháil dóibh san am agus a gcuid pleananna don am atá le teacht. 14 mír a bhí sa roinn maidir le dearcadh na rannpháirtithe i leith na Gaeilge, i leith fhoghlaim na Gaeilge agus i leith an chúrsa Gaeilge. Bhí 13 de na míreanna sin le freagairt i bhfráma freagartha Likert (Likert, 1932) a raibh cúig rogha ann ó ‘easaontaím go láidir’ (1) go ‘aontaím go láidir’ (5). Bhí ceist oscailte ann le deis a thabhairt do na rannpháirtithe a gcuid pointí féin a bhreacadh síos maidir lena dtaithí féin ar fhoghlaim na Gaeilge. Tá a gcuid freagraí le fáil in Aguisín 9. Sa roinn dheireanach den cheistneoir, iarradh ar na rannpháirtithe a gcumas féin sa Ghaeilge a mheas. Bhí 4 mhír ann ag díriú ar chumas na rannpháirtithe chun an Ghaeilge a thuiscint, a labhairt, a léamh agus a scríobh. Bhí ar na rannpháirtithe ráitis a léamh agus a rá cé acu ráiteas is fearr a chuir síos ar a gcumas féin i ngach ceann de na scileanna sin.

### 2.2.13 Riar an cheistneora

B'éigean do gach mac léinn a ghlac páirt sa tionscadal an Ceistneoir a chomhlánú. Cuireadh leagan Béarla agus leagan Gaeilge ar fáil agus fágadh faoi na rannpháirtithe a rogha leagan a úsáid. Rinneadh an Ceistneoir a dháileadh i ndiaidh an Scrúdaithe Cainte nó i ndiaidh an Scrúdaithe Scríbhneoireachta. Iarradh ar na rannpháirtithe é a chomhlánú díreach ansin agus é a thabhairt ar ais don chúntóir. Míníodh do na rannpháirtithe go rabhthas ag lorg a gcuid tuairimí féin i dtaobh na n-ábhar a bhí sa cheistneoir. Gealladh dóibh chomh maith go bpléifí lena gcuid freagraí go lándiscreideach.

### 3 Eolas maidir leis na rannpháirtithe

Tugtar anseo torthaí an Cheistneora a chomhlíon gach rannpháirtí a ghlac páirt sa taighde seo. Bhí sé tábhachtach eolas a bhailiú chun a chinntiú nach raibh aon difríochtaí suntasacha idir cohórt 2011 agus cohórt 2012. Bhain na ceisteanna le heolas ginearálta faoina scolaíocht go dtí seo, cúlra teanga, taifead ar a gcuid scrúduithe go dtí seo agus an clár staidéir a rabhtas ina bhun tráth a rinneadh an taighde seo. Tá rannóg eile sa Cheistneoir inar bailíodh eolas faoi dhearcadh na rannpháirtithe maidir leis an Ghaeilge agus foghlaim na Gaeilge. Sa rannóg dheireanach, iarraidh orthu féinmheasúnú a dhéanamh ar a gcumas Gaeilge féin.

Rinneadh anailís staitistiúil ar na freagraí ar fad. Baineadh úsáid as tástálacha chi-chearnaithe agus as V-staitistic Cramer. Is é an aidhm a bhí leis na tástálacha seo ná a fháil amach an bhfuil difríocht shuntasach idir na freagraí a chuir gach grúpa ar fáil (2011 vs 2012) agus, más amhlaidh atá difríocht ann, cé chomh mór is atá sí. Tá roinnt pointí eile ann is fiú a lua a chuideoidh linn na staitisticí a léirmhíniú. Nuair a bhreathnaítear ar an tábla **tomhais siméadracha** (*symmetric measures*), ba cheart luach na **neas-suntasachta** (*approximate significance*) a sheiceáil. Má tá an luach sin os cionn 0.10,<sup>1</sup> is amhlaidh atá an staitistic i gcomhair **luach** (*value*) **neamhshuntasach** nó, lena rá ar shlí eile, is dócha gur trí sheans atá aon difríochtaí ann. (B'fhéidir, mar shampla, go ndearnadh earráid tomhais.) Má tá an neas-suntasacht faoi bhun 0.10, ba cheart an staitistic don luach a sheiceáil. Léiríonn an luach cé chomh mór agus atá cibé difríochtaí a bheadh ann. Sa raon idir 0 agus 1 a bhíonn sé. Dá ghaire do 1 é, is amhlaidh is mó an éifeacht atá aige. Mar sin de, má tá difríocht shuntasach atá ann, taispeánfaidh an luach díreach cé chomh suntasach is atá an difríocht idir an dá ghrúpa i dtaca le ceist faoi leith.

I bhformhór na bhfreagraí, ní raibh difríocht shuntasach ar bith le tuairisciú agus, mar sin de, fágadh na tástálacha chi-chearnaithe agus V-staitistic Cramer ar lár. Tá léiriú maith físe sna barrachairteanna ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir an dá ghrúpa. Tugtar na príomhthorthaí thíos agus déantar trácht ar thábhacht na ndifríochtaí a tháinig chun cinn. San anailís i gCaibidil 5 déanfar tagairt do dhearcadh na rannpháirtithe maidir leis an Ghaeilge agus foghlaim na Gaeilge agus an féinmheasúnú a rinne siad ar a gcumas féin sa Ghaeilge.

---


<sup>1</sup> Seans nach léir cén bunús atá leis an tairseach a shocrú ar 0.10, ach is socrú caighdeánach atá ann. Mar seo atá: má úsáidtear 0.10, agus más luach 0.10 atá i gceist, thiofadh an tástáil a dhéanamh 100 uair agus is é an toradh a bheadh uirthi ná go dtiocfadh difríochtaí iarbhrí chun solais 90% ( $1.00 - 0.10 = 0.90 = 90\%$ ) den am. Difríochtaí atá ann trí sheans a bheadh ann 10% den am.

### 3.1 Sonraí na rannpháirtithe

Tábla 3.1–1: Inscne na rannpháirtithe

	2011	2012	Iomlán
Baineann	64	58	122
Fireann	32	29	61
Iomlán	96	87	183

Figiúr 3.1–1: Inscne na rannpháirtithe



Tábla 3.1–2: Múineadh na ranganna sa bhunscoil

	2011	2012	Iomlán
Trí Ghaeilge	40	23	63
Trí Bhéarla	47	52	99
Tríd an dá theanga	9	12	21
Iomlán	96	87	183


**Tomhais shiméadracha**

		<b>Luach</b>	<b>Neas-suntasacht</b>
Nominal by	Phi	0.163	0.089
Nominal	Cramer's V	0.163	0.089
Líon cásanna bailí		183	

- a. Gan glacadh leis an hipitéis nialasach.
- b. Ag úsáid na hearráide caighdeánaí asamtóití agus ag glacadh leis an hipitéis nialasach.

Maidir leis an teagasc sa bhunscoil, feictear sa tábla thuas go raibh níos mó rannpháirtithe in 2011 a fuair a gcuid oideachais bunscóile trí mheán na Gaeilge ná mar a fuair i ngrúpa 2012. Má bhreathnaímid ar an anailís, feicimid go bhfuil neas-suntasacht .089 ann, figiúr atá faoi bhun 0.10 agus a thugann le fios go bhfuil difríocht shuntasach idir lucht an dá bhliain maidir leis an cheist sin. Mar sin féin, má bhreathnaímid ar an luach, léirítear nach difríocht rómhór atá ann, mar is é an luach ná 0.163, atá níos gaire go mór do 0 ná mar atá sé do 1.

**Figiúr 3.1–2: Múineadh na ranganna sa bhunscoil**



**Tábla 3.1–3: Múineadh na ranganna sa mheánscoil**


	2011	2012	Iomlán
Trí Ghaeilge	26	10	36
Trí Bhéarla	57	66	123
Tríd an dá theanga	13	11	24
Iomlán	96	87	183

**Tomhais shiméadracha**

		Luach	Neas-suntasacht
Nominal by	Phi	0.203	0.023
Nominal	Cramer's V	0.203	0.023
Líon cásanna bailí		183	

- a. Gan glacadh leis an hipitéis nialasach.
- b. Ag úsáid na hearráide caighdeánaí asamtóití agus ag glacadh leis an hipitéis nialasach.

**Figiúr 3.1–3: Múineadh na ranganna sa mheánscoil**



**Tábla 3.1–4: Teanga teaghlaigh**

	2011	2012	Iomlán
Gaeilge	5	0	5
Béarla	76	75	151
Gaeilge + Béarla	14	12	26
Eile	1	0	1
Iomlán	91	87	178


**Tomhais shiméadracha**

		Luach	Neas-suntasacht
Nominal by	Phi	0.177	0.125
Nominal	Cramer's V	0.177	0.125
Líon cásanna bailí		183	

- a. Gan glacadh leis an hipitéis nialasach.
- b. Ag úsáid na hearráide caighdeánaí asamtóití agus ag glacadh leis an hipitéis nialasach.

Feictear i dTábla 5.3 –1 nach raibh an Ghaeilge ina teanga teaghlaigh ag duine ar bith de rannpháirtithe 2012 ach is amhlaidh a bhí an Ghaeilge ina teanga teaghlaigh ag cúigear d'iarrthóirí 2011. Bíodh sin mar atá, léiríonn na staitisticí nach raibh difríocht shuntasach idir an dá ghrúpa maidir leis an cheist seo.

**Figiúr 3.1–4: Teanga teaghlaigh**





Tábla 3.1–5: Céad teanga tuismitheora/tuismitheoirí nó caomhnóra/caomhnóirí


	2011	2012	Iomlán
Gaeilge	7	0	7
Béarla	80	79	159
Gaeilge + Béarla	8	8	16
Eile	1	0	1
Iomlán	96	87	183

Tomhais shiméadracha

		Luach	Neas-suntasacht
Nominal by	Phi	0.204	0.055
Nominal	Cramer's V	0.204	0.055
Líon cásanna bailí		183	

- a. Gan glacadh leis an hipitéis nialasach.
- b. Ag úsáid na hearráide caighdeánaí asamtóití agus ag glacadh leis an hipitéis nialasach.

Figiúr 3.1–5: Céad teanga tuismitheora/tuismitheoirí nó caomhnóra/caomhnóirí




Arís sa chás seo, feictear go raibh difríocht idir an dá ghrúpa maidir le céad teanga tuismitheoirí nó caomhnóirí ach léiríonn an luach nach difríocht rómhór a bhí i gceist.

**Tábla 3.1–6: Iomlán na bpointí a baineadh amach san Ardteistiméireacht**

Pointí	Líon iarrthóirí 2011	Líon iarrthóirí 2012
320-370	5	5
375-400	9	7
405-440	17	10
445-480	26	25
485-520	26	25
525-580	13	15
<b>Iomlán</b>	<b>96</b>	<b>87</b>

Léiríonn na staitisticí seo go raibh an dá ghrúpa an-chosúil le chéile maidir leis na pointí a bhain siad amach san Ardteistiméireacht – rud a bhí an-tábhachtach don taighde seo.


**Figiúr 3.1–6: Iomlán na bpointí a baineadh amach san Ardteistiméireacht**



**Tábla 3.1–7: Grád a baineadh amach sa Ghaeilge san Ardteistiméireacht**

Grád	Líon iarrthóirí 2011	Líon iarrthóirí 2012	Iomlán
B1	58	53	<b>111</b>
B2	38	34	<b>72</b>
<b>Iomlán</b>	<b>96</b>	<b>87</b>	<b>183</b>

**Figiúr 3.1–7: Grád a baineadh amach sa Ghaeilge san Ardteistiméireacht**



**Tábla 3.1–8: Grád a baineadh amach sa Ghaeilge sa Teastas Sóisearach**

Grád	2011	2012	Iomlán
A	32	14	<b>46</b>
B	54	53	<b>107</b>
C	6	17	<b>23</b>
Fágadh gan líonadh	4	3	<b>7</b>
<b>Iomlán</b>	<b>96</b>	<b>87</b>	<b>183</b>


**Tomhais shiméadracha**

		<b>Luach</b>	<b>Neas-Suntasacht</b>
Nominal by	Phi	0.257	0.007
Nominal	Cramer's V	0.257	0.007
Líon Cásanna Bailí		183	

- a. Gan glacadh leis an hipitéis nialasach.
- b. Ag úsáid na hearráide caighdeánaí asamtóití agus ag glacadh leis an hipitéis nialasach.

Feictear go bhfuil níos mó daoine i ngrúpa 2011 a fuair Grád A sa Teastas Sóisearach. Bíodh sin mar atá, léiríonn na staitisticí nach raibh difríocht shuntasach idir an dá ghrúpa maidir leis an cheist seo.


**Figiúr 3.1–8: Grád a baineadh amach sa Ghaeilge sa Teastas Sóisearach**



**Tábla 3.1–9: Grád a baineadh amach sa Bhéarla san Ardteistiméireacht**

Grád	2011	2012	Iomlán
Ardleibhéal A1	10	5	15
Ardleibhéal A2	11	7	18
Ardleibhéal B1	6	13	19
Ardleibhéal B2	12	13	25
Ardleibhéal B3	16	16	32
Ardleibhéal C1	15	10	25
Ardleibhéal C2	7	7	14
Ardleibhéal C3	8	3	11
Ardleibhéal D1	2	1	3
Ardleibhéal D2	4	0	4
Ardleibhéal D3	1	1	2
Gnáthleibhéal A2	1	2	3
Gnáthleibhéal B1	0	1	1
Gnáthleibhéal B2	1	0	1
Fágadh gan líonadh	2	8	10
Iomlán	96	87	183


**Figiúr 3.1–9: Grád a Baineadh Amach sa Bhéarla san Ardeistiméireacht**



**Tábla 3.1–10: Teanga(cha) iasachta a ndearnadh staidéar orthu go dtí an Ardeistiméireacht**

Teanga	2011	2012	Iomlán
Fraincis	63	57	120
Gearmáinis	22	16	38
Iodáilis	1	1	2
Laidin	0	1	1
Spáinnis	5	6	2
Ceann ar bith	2	0	11
Fágadh gan líonadh	3	6	9
Iomlán	96	87	183

**Figiúr 3.1–10: Teanga(cha) iasachta a ndearnadh staidéar orthu go dtí an Ardteistiméireacht**




Tábla 3.1–11: Grád a baineadh amach sa chéad teanga iasachta

Grád	2011	2012	Iomlán
Ardleibhéal A1	4	1	5
Ardleibhéal A2	7	5	12
Ardleibhéal B1	11	13	24
Ardleibhéal B2	15	10	25
Ardleibhéal B3	8	14	22
Ardleibhéal C1	12	13	25
Ardleibhéal C2	8	5	13
Ardleibhéal C3	2	2	4
Ardleibhéal D1	4	1	5
Ardleibhéal D2	1	1	2
Ardleibhéal D3	0	2	2
Gnáthleibhéal A1	1	1	2
Gnáthleibhéal A2	2	0	2
Gnáthleibhéal B1	3	3	6
Gnáthleibhéal B2	4	3	7
Gnáthleibhéal B3	1	0	1
Gnáthleibhéal C1	2	2	4
Gnáthleibhéal D1	0	1	1
Fágadh gan líonadh	11	10	21
Iomlán	96	87	183




**Figiúr 3.1–11: Grád a baineadh amach sa chéad teanga iasachta**



**Tábla 3.1–12: Ainm na hollscoile ina bhfuil tú ag staidéar**

Ollscoil	2011	2012	Iomlán
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	53	55	<b>108</b>
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	18	17	<b>35</b>
An Coláiste Ollscoile, BÁC	3	6	<b>9</b>
Coláiste na Tríonóide, BÁC	19	0	<b>19</b>
Ollscoil Chathair BhÁC	3	5	<b>8</b>
Coláiste Phádraig, Droim Conrach	0	2	<b>2</b>
Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath	0	2	<b>2</b>
<b>Iomlán</b>	<b>96</b>	<b>87</b>	<b>183</b>

**Figiúr 3.1–12: Ainm na hollscoile ina bhfuil tú ag staidéar**



**Tábla 3.1–13: An cúrsa atá á dhéanamh agat sa chéad bhliain**


Cúrsa	2011	2012	Iomlán
Na dána	64	45	109
Na heolaíochtaí	16	12	28
Eolaíochtaí sóisialta	11	15	26
Teicneolaíocht faisnéise	3	8	11
Oiliúint múinteoirí	1	2	3
Eile	1	5	6
Iomlán	96	87	183

**Tomhais shiméadracha**

		<b>Luach</b>	<b>Neas-suntasacht</b>
Nominal by	Phi	0.242	0.097
Nominal	Cramer's V	0.242	0.097
Líon cásanna bailí		183	

- a. Gan glacadh leis an hipitéis nialasach.
- b. Ag úsáid na hearráide caighdeánaí asamtóití agus ag glacadh leis an hipitéis nialasach.


**Figiúr 3.1–13: An cúrsa atá á dhéanamh agat sa chéad bhliain**



Tábla 3.1–14: Ábhair atá á ndéanamh agat sa chéad bhliain

Ábhair	2011	2012	Iomlán
Ábhair nach teangacha iad	28	31	59
Teangacha seachas Gaeilge	0	2	2
An Ghaeilge amháin	0	1	1
An Ghaeilge agus teanga(cha) eile	6	3	9
An Ghaeilge agus ábhair eile	36	21	57
Teanga agus ábhair eile	17	22	39
Oiliúint múinteoirí	1	2	3
Fágadh gan líonadh	8	5	13
Iomlán	96	87	183


Figiúr 3.1–14: Ábhair atá á ndéanamh agat sa chéad bhliain



**Tábla 3.1–15: An bhfuil súil agat staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa dara bliain?**

	2011	2012	Iomlán
Níl	50	57	107
Tá	44	29	73
Fágadh gan líonadh	2	1	3
Iomlán	96	87	183


**Figiúr 3.1–15: An bhfuil súil agat staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa dara bliain?**



**3.1–16: An mbeadh súil agat cáiliú mar mhúinteoir bunscoile?**

	2011	2012	Iomlán
Ní bheadh	80	74	<b>154</b>
Bheadh	15	11	<b>26</b>
Fágadh gan líonadh	1	2	<b>3</b>
Iomlán	<b>96</b>	<b>87</b>	<b>183</b>


**Figiúr 3.1–16: An mbeadh súil agat cáiliú mar mhúinteoir bunscoile?**



**Tábla 3.1–17: An mbeadh súil agat cáiliú mar mhúinteoir meánscoile?**

	2011	2012	Iomlán
Ní bheadh	54	58	112
Bheadh	40	27	67
Fágadh gan líonadh	2	2	4
Iomlán	96	87	183

**Figiúr 3.1–17: An mbeadh súil agat cáiliú mar mhúinteoir meánscoile?**




### 3.2 Dearcadh na rannpháirtithe i leith na Gaeilge agus foghlaim na Gaeilge

Tábla 3.2–1: Cabhraíonn foghlaim na Gaeilge leis an bhféiniúlacht Éireannach a threisiú

	2011	2012	Iomlán
Easaontú láidir	2	0	2
Easaontú	2	2	4
Éiginnte	2	0	2
Aontú	30	34	64
Aontú láidir	60	51	111
Iomlán	96	87	183

Figiúr 3.2–1: Cabhraíonn foghlaim na Gaeilge leis an bhféiniúlacht Éireannach a threisiú





**Tábla 3.2–2: Cabhraíonn foghlaim na Gaeilge nuair atá teangacha eile á bhfoghlaim**


	2011	2012	Iomlán
Easaontú láidir	0	4	4
Easaontú	6	15	21
Éiginnte	25	18	43
Aontú	45	39	84
Aontú láidir	19	11	30
Fágadh gan líonadh	1	0	1
Iomlán	96	87	183

**Tomhais shiméadracha**

		Luach	Neas-suntasacht
Nominal by	Phi	0.258	0.033
Nominal	Cramer's V	0.258	0.033
Líon cásanna bailí		183	

- a. Gan glacadh leis an hipitéis nialasach.
- b. Ag úsáid na hearráide caighdeánaí asamtóití agus ag glacadh leis an hipitéis nialasach.


**Figiúr 3.2–2: Cabhraíonn foghlaim na Gaeilge nuair atá teangacha eile á bhfoghlaim**



Tábla 3.2–3: Tá an Ghaeilge tábhachtach chun cultúr na hÉireann a thuiscint

	2011	2012	Iomlán
Easaontú láidir	1	1	2
Easaontú	2	4	6
Éiginnte	6	7	13
Aontú	39	46	85
Aontú láidir	48	29	77
Iomlán	96	87	183


Figiúr 3.2–3: Tá an Ghaeilge tábhachtach chun cultúr na hÉireann a thuiscint



Tábla 3.2–4: Tá an Ghaeilge bainteach leis an saol comhaimseartha in Éirinn

	2011	2012	Iomlán
Easaontú láidir	1	0	1
Easaontú	15	18	33
Éiginnte	34	26	60
Aontú	32	32	64
Aontú láidir	14	11	25
Iomlán	96	87	183


Figiúr 3.2–4: Tá an Ghaeilge bainteach leis an saol comhaimseartha in Éirinn



Tábla 3.2–5: Tá sé tábhachtach an Ghaeilge a chosaint agus a chaomhnú

	2011	2012	Iomlán
Easaontú láidir	1	0	1
Easaontú	0	0	0
Éiginnte	2	4	6
Aontú	19	15	34
Aontú láidir	74	68	142
Iomlán	96	87	183


Figiúr 3.2–5: Tá sé tábhachtach an Ghaeilge a chosaint agus a chaomhnú



Tábla 3.2–6: Labhair an múinteoir Gaeilge a bhí agam Gaeilge sa rang den chuid is mó

	2011	2012	Iomlán
Easaontú láidir	5	5	10
Easaontú	10	15	25
Éiginnte	6	6	12
Aontú	27	28	55
Aontú láidir	48	33	81
Iomlán	96	87	183


Figiúr 3.2–6: Labhair an múinteoir Gaeilge a bhí agam Gaeilge sa rang den chuid is mó



Tábla 3.2–7: Taitníonn sé liom/Thaitin sé liom a bheith ag foghlaim Gaeilge

	2011	2012	Iomlán
Easaontú láidir	1	0	1
Easaontú	1	1	2
Éiginnte	4	4	8
Aontú	42	33	75
Aontú láidir	48	49	97
Iomlán	96	87	183


Figiúr 3.2–7: Taitníonn sé liom/Thaitin sé liom a bheith ag foghlaim Gaeilge



Tábla 3.2–8: Tá muinín agam as mo chumas cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge

	2011	2012	Iomlán
Easaontú láidir	1	0	1
Easaontú	4	8	12
Éiginnte	22	15	37
Aontú	46	48	94
Aontú láidir	23	15	38
Fágadh gan líonadh	0	1	1
Iomlán	96	87	183


Figiúr 3.2–8: Tá muinín agam as mo chumas cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge



**Tábla 3.2–9: Thug an cúrsa Gaeilge sa mheánscoil cabhair dom leibhéal sásúil cumais sa Ghaeilge a bhaint amach, m.sh. í a úsáid sa saol laethúil**

	2011	2012	Iomlán
Easaontú láidir	7	3	10
Easaontú	9	16	25
Éiginnte	25	16	41
Aontú	37	34	71
Aontú láidir	18	17	35
Fágadh gan líonadh	0	1	1
Iomlán	96	87	183

**Figiúr 3.2–9: Thug an cúrsa Gaeilge sa mheánscoil cabhair dom leibhéal sásúil cumais sa Ghaeilge a bhaint amach, m.sh. í a úsáid sa saol laethúil**






**Tábla 3.2–10: Tá an iomarca béime ar théacsanna litríochta i gcúrsa Gaeilge na hArdteistiméireachta**

	2011	2012	Iomlán
Easaontú láidir	4	2	6
Easaontú	7	14	21
Éiginnte	10	14	24
Aontú	32	31	63
Aontú láidir	43	25	68
Fágadh gan líonadh	0	1	1
Iomlán	96	87	183


**Figiúr 3.2–10: Tá an iomarca béime ar théacsanna litríochta i gcúrsa Gaeilge na hArdteistiméireachta**



Tábla 3.2–11: Is cuid thábhachtach í an Ghaeilge de churaclam na scoile

	2011	2012	Iomlán
Easaontú láidir	1	0	1
Easaontú	1	2	3
Éiginnte	5	2	7
Aontú	40	44	84
Aontú láidir	49	38	87
Fágadh gan líonadh	0	1	1
Iomlán	96	87	183


Figiúr 3.2–11: Is cuid thábhachtach í an Ghaeilge de churaclam na scoile



**Tábla 3.2–12: Ba cheart go gcaithfí níos mó ama ar thascanna labhartha sa seomra ranga Gaeilge**

	2011	2012	Iomlán
Easaontú láidir	1	0	1
Easaontú	2	2	4
Éiginnte	2	2	4
Aontú	25	26	51
Aontú láidir	66	56	122
Fágadh gan líonadh	0	1	1
Iomlán	96	87	183


**Figiúr 3.2–12: Ba cheart go gcaithfí níos mó ama ar thascanna labhartha sa seomra ranga Gaeilge**



Tábla 3.2–13: Tá an iomarca béime ar scileanna scríofa Gaeilge a fhorbairt sa seomra ranga

	2011	2012	Iomlán
Easaontú láidir	4	3	7
Easaontú	20	21	41
Éiginnte	25	10	35
Aontú	27	32	59
Aontú láidir	20	20	40
Fágadh gan líonadh	0	1	1
Iomlán	96	87	183

Figiúr 3.2–13: Tá an iomarca béime ar scileanna scríofa Gaeilge a fhorbairt sa seomra ranga



### 3.3 Féinmheasúnú ar chumas sa Ghaeilge

Tábla 3.3–1: Cé acu de na ráitis seo a dhéanann an cur síos is fearr ar do chumas an Ghaeilge a thuiscint? (cuir tic le rogha amháin)


	2011	2012	Iomlán
Ní féidir liom aon Ghaeilge a thuiscint	0	0	0
Is féidir liom corrfhocal Gaeilge a thuiscint	0	2	2
Is féidir liom abairtí simplí a thuiscint	0	0	0
Is féidir liom píosaí de chomhráite/craoltaí a thuiscint	17	19	36
Is féidir liom an chuid is mó de chomhráite/craoltaí a thuiscint	36	42	78
Is féidir liom cainteoirí dúchais a thuiscint	43	24	67
Iomlán	96	87	183

#### Tomhais shiméadracha

		Luach	Neas-suntasacht
Nominal by	Phi	0.203	0.057
Nominal	Cramer's V	0.203	0.057
Líon cásanna bailí		183	

- Gan glacadh leis an hipitéis nialasach.
- Ag úsáid na hearráide caighdeánaí asamtóití agus ag glacadh leis an hipitéis nialasach.


**Figiúr 3.3–1: Cé acu de na ráitis seo a dhéanann an cur síos is fearr ar do chumas an Ghaeilge a thuiscint? (cuir tic le rogha amháin)**



**Tábla 3.3–2: Cé acu de na ráitis seo a dhéanann an cur síos is fearr ar do chumas an Ghaeilge a labhairt? (cuir tic le rogha amháin)**

	2011	2012	Iomlán
Ní féidir liom aon Ghaeilge a labhairt	0	0	0
Ní féidir liom ach corrfhocal Gaeilge a labhairt	2	3	5
Is féidir liom í a labhairt cuibheasach maith	31	32	63
Is féidir liom í a labhairt sách maith	40	39	79
Is féidir liom í a labhairt go líofa	23	13	36
<b>Iomlán</b>	<b>96</b>	<b>87</b>	<b>183</b>


**Figiúr 3.3–2: Cé acu de na ráitis seo a dhéanann an cur síos is fearr ar do chumas an Ghaeilge a labhairt? (cuir tic le rogha amháin)**



Tábla 3.3–3: Cé acu de na ráitis seo a dhéanann an cur síos is fearr ar do chumas an Ghaeilge a léamh? (m.sh., nuachtáin, irisí, leabhair) (cuir tic le rogha amháin)

	2011	2012	Iomlán
Ní féidir liom aon Ghaeilge a léamh	0	0	0
Ní féidir liom ach corrfhocal Gaeilge a aithint	1	1	2
Is féidir liom í a léamh lena lán cabhrach	3	6	9
Is féidir liom í a léamh le beagán cabhrach	26	28	54
Is féidir liom í a léamh beagnach gan cabhair ar bith	42	39	81
Is féidir liom í a léamh chomh maith le nó níos fearr ná an Béarla	24	13	37
Iomlán	96	87	183

Figiúr 3.3–3: Cé acu de na ráitis seo a dhéanann an cur síos is fearr ar do chumas an Ghaeilge a léamh? (m.sh., nuachtáin, irisí, leabhair) (cuir tic le rogha amháin)






**Tábla 3.3–4: Cé acu de na ráitis seo a dhéanann an cur síos is fearr ar do chumas an Ghaeilge a scríobh? (cuir tic le rogha amháin)**

	2011	2012	lomlán
Ní féidir liom aon Ghaeilge a scríobh	0	0	0
Ní féidir liom ach corrfhocal Gaeilge a scríobh	1	1	2
Is féidir liom abairtí simplí a scríobh	6	5	11
Is féidir liom í a scríobh cuibheasach maith	41	43	84
Is féidir liom í a scríobh sách maith	37	29	66
Is féidir liom í a scríobh chomh maith le nó níos fearr ná an Béarla	11	6	17
Fágadh gan líonadh	0	3	3
<b>lomlán</b>	<b>96</b>	<b>87</b>	<b>183</b>

**Figiúr 3.3–4: Cé acu de na ráitis seo a dhéanann an cur síos is fearr ar do chumas an Ghaeilge a scríobh? (cuir tic le rogha amháin)**



## 4 Iontaofacht agus príomhthorthaí an taighde

### 4.1 Iontaofacht

Sa chaibidil seo, tugtar eolas maidir le cé chomh héifeachtach agus a bhí na míreanna éagsúla agus maidir le hiontaofacht na scrúduithe Cainte, Cluastuisceana agus Scríbhneoireachta. Is cuid riachtanach de thionscadal taighde ar bith tuairisc a thabhairt ar chaighdeán na sonraí a bailíodh. Caithfidh iontaofacht na n-ionstraimí bailithe sonraí a mheas chun a léiriú go gcuirfeadh na hionstraimí sin torthaí comhleanúnacha iontaofa ar fáil fiú dá mbeadh ceisteanna comhchosúla le cur in n-áit na gceisteanna a úsáideadh sa tionscadal. Is é príomhaidhm na hanailíse ar chaighdeán na sonraí, mar sin, ná a dheimhniú gur féidir tátal a bhaint as torthaí na gceisteanna taighde a bhí mar bhunús leis an tionscadal seo.

#### 4.1.1 An cur chuige

Baineadh úsáid as an **teoiric tástála chlasaiceach** (*classical test theory*, nó 'CTT') agus **teoiric na bhfreagairtí mír aonair** (*item response theory* nó 'IRT') chun caighdeán na sonraí sa tionscadal seo a mheas. Bíonn an anailís CTT an-úsáideach chun míreanna ar leith agus codanna de scrúdú a iniúchadh. Úsáidtear an anailís CTT chun innéacsanna deacrachta agus idirdhealúcháin a chur ar fáil, mar aon le **alfa-chomhéifeacht** (*alpha coefficient*) a úsáidtear mar innéacs iontaofachta. Ba iad seo na príomh-mhodhanna anailíse a úsáideadh:

#### **Mírdheacracht** (cion na bhfreagraí cearta)

Is é atá i gceist le **mírdheacracht** (*item difficulty*) ná cion na bhfreagraí ceart a tugadh ar aon mhír faoi leith sa scrúdú. Is é .5 an luach idéalach ach bíonn sé sin ag brath ar chomhthéacs an scrúdaithe. Bíonn figiúr sa raon idir .33 agus .67 inghlactha de ghnáth. Má tá formhór na míreanna ródheacair nó ró-éasca do na hiarrthóirí, ní bheidh torthaí an scrúdaithe ina léiriú maith ar chumas na n-iarrthóirí sin.

Rinneadh anailís chomh maith de réir an dá thomhas idirdhealúcháin seo thíos.

#### **Innéacs déshraithach pointe** (*point biserial index*)

Cuireann an t-innéacs déshraithach pointe eolas ar fáil maidir le feidhmíocht iarrthóra in aon mhír ar leith (ceart nó mícheart) agus scór an iarrthóra sin sa scrúdú iomlán. Má tá an mhír ina hidirdhealaitheoir an-éifeachtach, beidh a luach idir 0 agus 1. Léiríonn an luach seo gur éirigh go maith sa scrúdú iomlán le hiarrthóir a fuair an mhír sin ceart, (nó

nár éirigh go maith sa scrúdú iomlán le duine nach bhfuair an mhír ceart). Má bhíonn luach de idir -1 agus 0 ag mír, is léiriú é sin nach bhfuil an mhír ina hidirdhealaitheoir éifeachtach, mar shampla go raibh an mhír ceart ag iarrthóirí nár éirigh go maith leo sa scrúdú iomlán. Níl aon rialacha dochta ann maidir le raon inghlactha ach bheifí ag súil le luach os cionn .20.

### **Innéacs idirdhealúcháin** (*discrimination index*)

Úsáidtear an chomhghaolmhaireacht seo chun a dheimhniú go ndéanann an mhír idirdhealú éifeachtach idir iarrthóirí cumasacha agus iarrthóirí laga. Má tá luach ard idirdhealúcháin sa mhír, is iondúil go mbíonn sí ceart ag na hiarrthóirí cumasacha agus go mbíonn sí mícheart ag na hiarrthóirí laga (luach 0 -1). Ach má tá luach idirdhealúcháin íseal ag an mhír, d'fhéadfadh sí a bheith ceart ag iarrthóirí laga nó mícheart ag iarrthóirí cumasacha. Má tá luach íseal idirdhealúcháin ag an-chuid míreanna sa scrúdú ní bheidh scóir an scrúdaithe sin ina léiriú cruinn ceart ar chumas na n-iarrthóirí (luach -1-0). Caithfear a chur san áireamh chomh maith go mbíonn tionchar ag mírdheacracht ar cé chomh maith agus a oibríonn an dá innéacs seo. Má bhíonn mír ródheacair nó ró-éasca ní bheidh sí ró-úsáideach maidir le hidirdhealú a dhéanamh idir na rannpháirtithe.

### **Alfa Cronbach**

Is ar éigean atá a leithéid de rud ann agus scrúdú atá iomlán iontaofa. Mar sin féin, tá dualgas ar lucht scríofa scrúduithe a gcuid oibre a dhéanamh chomh hiontaofa agus is féidir. Páirt thábhachtach de sin ná bheith ar an airdeall roimh rudaí is cúis le **athraitheas neamhchórasach** (*unsystematic variance*) agus na rudaí sin a sheachaint oiread agus is féidir. Ba cheart, mar shampla, go mbeadh teoracha an scrúdaithe soiléir, go mbeadh na míreanna saor ó dhébhriocht agus go ndéanfaí an scrúdú a riar agus a mharcáil go comhleanúnach. Tá roinnt modhanna ann chun iontaofacht a thomhas. De bharr brú ama, ní raibh sé praiticiúil úsáid a bhaint as ceachtar den dá mhodh is coitianta sa tionscadal áirithe seo, is iad sin:

1. An modh tástála/atástála (*test/retest*). Is é atá i gceist leis seo ná an scrúdú a riar faoi dhó agus an chomhghaolmhaireacht idir an dá thacar scór a ríomh chun iontaofacht an scrúdaithe a mheas.
2. Modh na leaganacha coibhéiseacha (*equivalent forms method*). Is é atá i gceist leis seo ná dhá leagan den scrúdú a riar agus an chomhghaolmhaireacht idir an dá thacar scór a ríomh chun iontaofacht an scrúdaithe a mheas.

Dá bhrí sin, baineadh úsáid as alfa Cronbach (Cronbach, 1951), modh a chuir ar ár gcumas iontaofacht an scrúdaithe a mheas gan ach leagan amháin den scrúdú a riar uair

amháin. Úsáidtear alfa Cronbach chun an t-athraitheas i dtacar scór a iniúchadh, féachaint cén sciar den athraitheas sin atá córasach, comhleanúnach. Sa raon idir 0 agus 1 a bhíonn an chomhéifeacht alfa. Dá airde an luach is amhlaidh is fearr a bhíonn an scrúdú ó thaobh an chomhleanúnachais de. Mhaígh Nunnally (1978) go bhfuil 0.7 ina chomhéifeacht shásúil iontaofachta ach glactar le figiúirí níos ísle ná sin, ag brath ar an chomhthéacs.

### **Diall caighdeánach** (*standard deviation*, nó 'SD')

Tugann an diall caighdeánach léargas dúinn ar scóir faoi leith i gcoibhneas an mheánscóir. Taispeánann sé cé acu atá na scóir sin gar don mheán nó an bhfuil raon leathan iontu. Más diall caighdeánach íseal atá ann (i gcoibhneas an mheánscóir), is amhlaidh a bhíonn scóir na n-iarrthóirí éagsúla an-ghar don mheán. Dá ndéanfaí cás mar sin a thaispeáint i léaráid, bheadh an chuma air go bhfuil formhór na scór suite timpeall an mheánscóir agus gan ach beagán scór níos faide amach ón mheán. Dá mbeadh diall caighdeánach ard (i gcoibhneas an mheánscóir) ann, áfach, is amhlaidh a bheadh tuilleadh scór ag imeacht ón mheán agus go mbeadh dáileadh níos leithne ann. Is féidir, fiú amháin, nach mbeadh ach beagán scór suite gar don mheán. Dá airde an luach atá ag an diall caighdeánach, is amhlaidh is 'leithne' a bheidh dáileadh na bpointí. Níl aon chritear docht daingean ann ar cad is diall caighdeánach 'ard' nó 'íseal' ann.

### **Anailís Rasch**

Cabhraíonn meastacháin iontaofachta CTT linn caighdeán ginearálta na scór atá i gceist sa taighde seo a mheas. Bíodh sin mar atá, tá míbhuntáistí ag baint leis na meastacháin chéanna. Ar an chéad dul síos, ní dhéileálann aon mheastachán CTT faoi leith ach le hearráid tomhais amháin. Ní féidir, mar sin, faisnéis a sholáthar i dtaobh **ilfhoinsí earráide** (*multiple sources of error*) ná i dtaobh na ndifríochtaí idir na foinsí earráide sin. Ar an dara dul síos, de réir na hanailíse CTT, bíonn gach earráid randamach (Baker, 1997). Dá bhrí sin, ní dhéanann meastacháin iontaofachta CTT dealú ar bith idir earráidí tomhais córasacha agus earráidí tomhais randamacha. Is féidir na heasnaimh sin agus easnaimh eile sa CTT a chúiteamh trí úsáid a bhaint as teoiric na bhfreagairtí mír aonair (IRT). Is é an gnáthamh anailíse IRT is mó a úsáidtear ná Samhail Rasch (Rasch, 1960). Mínítear thíos mar a úsáideadh Rasch sa taighde seo.

### **Meastacháin deacrachtaí** (*difficulty estimates*)

Nuair a bhíonn iontaofacht á meas, caithfidh a fháil amach an raibh earráidí ar bith ann a mbeadh tionchar acu ar na scóir nó ar chinntí a rinneadh i bhfianaise na scór sin. Uirlis úsáideach san obair sin is ea as **paraiméadair mhíre agus chumais** (*item and ability parameters*). I measc na bparaiméadar áisiúil a úsáidtear in anailís Rasch, tá

## Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar

meastacháin deacrachta. Is féidir meastacháin deacrachta a úsáid chun a dheimhniú go bhfuil an mhír oiriúnach don ghrúpa iarrthóirí ó thaobh leibhéil de. Tá an méid seo de dhifear ann, áfach: san anailís CTT, bíonn paraiméadair na míre ag brath ar an ghrúpa atá ag tabhairt faoin mhír, is é le rá, dá mbeadh an mhír chéanna le tabhairt do ghrúpa iarrthóirí níos cumasaí, bheadh an chuma ar an scéal go bhfuil an mhír sin ‘níos fusa’. Os a choinne sin, dá dtabharfaí an mhír do ghrúpa níos laige, bheadh an chuma air go bhfuil an mhír ‘níos deacra’. De réir Rasch, déantar mírdheacracht a mheas ar shlí eile: déantar anailís ar na freagraí a chuir an grúpa iarrthóirí ar fáil, ag cur san áireamh cumas na n-iarrthóirí agus cé chomh cruinn is atá an mheaitseáil idir a gcumas siúd agus deacracht na míreanna (McNamara, 1996). Is mar sin is fearr is féidir deacracht na míre agus cumas an iarrthóra a chur i gcomparáid. Ba mar gheall air sin a chinneamar anailís Rasch a úsáid chun mírdheacracht a ríomh sa taighde seo. Tá meastacháin deacrachta curtha ar fáil le haghaidh gach míre i ngach cuid den scrúdú.

### **Staitisticí mír-oiriúnachta** (*item fit statistics*)

Gné eile den anailís Rasch ná staitisticí mír-oiriúnachta, a chuidíonn linn míreanna nach gcuireann le hiontaofacht an scrúdaithe a aimsiú. Má mheastar mír faoi leith a bheith mí-oiriúnach de réir anailís Rasch, d’fhéadfadh ceann ar bith de na rudaí seo a leanas a bheith i gceist:

1. Go raibh locht ar scríobh agus ar dhearadh na míre
2. Go bhfuil an mhír ag freagairt do chumas eile seachas an cumas a bhí an scrúdú in ainm is a bheith á thástáil.

Dá bharr sin, deirtear gur míreanna ‘fadhbacha’ iad na míreanna mí-oiriúnacha seo. Ní idirdhealaitheoirí éifeachtacha iad na míreanna fadhbacha seo. Mar sin de, cuidíonn faisnéis i dtaobh míreanna fadhbacha linn míreanna laga a aimsiú a d’fhéadfadh tionchar a bheith acu ar iontaofacht na scór. Is cosúil, ó na sonraí a bailíodh don taighde seo, nach raibh ach dhá mhír as ocht mír is ochtó mí-oiriúnach. Is iad na míreanna a bhí ann ná míreanna 68 (*cás*) agus 69 (*briste*) sa chéad tasc sa Scrúdú Cainte. Fágadh an dá mhír mhí-oiriúnacha ón Scrúdú Cainte ar lár sa taighde. Tá ráta maith oiriúnachta ag na míreanna eile, rud a chuireann le hiontaofacht fhoriomlán an scrúdaithe.

### **Comhéifeacht chomhghaolúcháin** (*correlation coefficient*)

Nuair a bhíonn míreanna á marcáil go suibiachtúil, is é sin le rá, nuair a bhíonn na rátálaithe ag brath ar a mbreithiúnas féin chun na critéir mharcála a chur i bhfeidhm, caithfidh a bheith airdeallach faoi earráidí tomhais agus fianaise a sholáthar a dheimhniú go ndearna na rátálaithe na tascanna a mharcáil go comhleanúnach. Is

chuige sin a ríomhtar an chomhghaolmhaireacht idir beirt rátálaithe agus na torthaí sin a úsáid chun iontaofacht a mheas.

## 4.2 Iontaofacht rátálaithe

Rinneadh formhór na dtascanna sa taighde seo a mharcáil go hoibiachtúil de réir na scéimeanna marcála atá tugtha in Aguisín 6 agus Aguisín 7. Is go suibiachtúil a rinneadh líon áirithe tascanna a mharcáil. Ceann acu sin, ba thasc scríbhneoireachta é inar iarradh ar na hiarrthóirí teachtaireacht ríomhphoist a scríobh. Bhí cúig thasc sa Scrúdú Cainte. Bhí critéir mharcála an-chuimsitheach ann le haghaidh mharcáil na dtascanna sin. Is ar éigean a bhí aon bhreithiúnas ná aon chinneadh le déanamh ag na rátálaithe i gcás trí cinn de na tascanna sin. Is fíor go raibh ar na rátálaithe a mbreithiúnas a úsáid agus iad ag socrú na marcanna in dhá thasc, i.e. tuairimí a chur in iúl agus cur síos ar shraith pictiúr. Cuireadh scála rátála ar fáil don dá thasc sin agus cuireadh gnáthaimh chaighdeánaithe i bhfeidhm chun a dheimhniú go mbeadh comhleanúnachas ann i measc na rátálaithe ó thaobh marcanna de. Is tábhachtach, i dtaighde den chineál seo, go gcuirfí fianaise staitistiúil ar fáil agus go dtabharfaí meastachán ar cé chomh comhleanúnach is a bhí na rátálaithe maidir le feidhmíocht na n-iarrthóirí a mheas. Tá sé barrthábhachtach go mbeadh marcanna gach rátálaí ina léiriú cruinn ar chumas na n-iarrthóirí agus ní ina léiriú ar aon ní eile.

### 4.2.1 Iontaofacht na rátálaithe: an próiseas anailíse

Ba mar seo a rinneadh iontaofacht ó rátálaí go chéile a ríomh: rinne beirt rátálaithe, gach duine acu ag obair leis/léi féin, timpeall 20% den tasc scríbhneoireachta agus den dá thasc cainte a mharcáil. Rinneadh anailís ar fhreagraí ghrúpa 2011 agus ghrúpa 2012 araon agus rinneadh an iontaofacht ó rátálaí go chéile a ríomh de réir líon na **gcomhfhreagairtí beachta** (*exact agreements*) idir rátálaithe agus idir gach rátálaí agus an scór deiridh, m.sh., 11 pointe a thug rátálaí 1, 11 pointe a thug rátálaí 2 = comhfhreagairt bheacht.

Rinneadh na staitisticí seo a leanas a ríomh le Excel 2010:

- trastáblú na gcomhfhreagairtí beachta
- comhéifeachtaí comhghaolúcháin Pearson

agus rinneadh iad a mhiondealú mar seo a leanas:

- an chuid den scrúdú lenar bhain (labhairt agus scríobh)
- comhfhreagairt idir Rátálaí A + Rátálaí B
- comhfhreagairt idir Rátálaí A + scór deiridh

## Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar

- comhfhreagairt idir Rátálaí B + scór deiridh.

Rinneadh comhghaolmhaireachtaí idiraicme a ríomh in SPSS 20.0.0 agus miondealaíodh mar seo a leanas iad:

- Rátálaí A
- Rátálaí B
- scór deiridh

### 4.2.2 Iontaofacht rátálaithe: na torthaí

Mar is léir ó Tábla 4.2–1 thíos, bhí ard-iontaofacht ann idir na rátálaithe i gcás na míreanna sin a bhí le marcáil go suibiachtúil. Tá comhéifeachtaí comhghaolúcháin sa raon -1 go 1 ann. Tugann uimhreacha arda le fios go raibh comhghaolmhaireacht dhearfach láidir ann. I dtaighde den chineál seo, bítear ag súil le comhghaolmhaireacht dhearfach ard agus tugann na sonraí le fios gur baineadh an méid sin amach. Is léir ó na staitisticí Pearson go raibh comhfhreagairt an-ard ann. Níl na comhfhreagairtí beachta idir rátálaithe chomh tábhachtach leis na comhghaolmhaireachtaí, mar d'fhéadfadh beirt rátálaithe a bheith an-ghar dá chéile formhór mór an ama gan aon chomhfhreagairt bheacht a bheith ann.

**Tábla 4.2–1: Iontaofacht na rátálaithe**

Uile									
	Araon			Scrúdú Scribh.			Scrúdú Cainte		
	Pearson	Comhfhreagairt bheacht	%	Pearson	Comhfhreagairt bheacht	%	Pearson	Comhfhreagairt bheacht	%
Rátálaí A + Rátálaí B	0.979	24	16.9	0.871	18	12.68	0.8489	6	4.225
Rátálaí A + scór deiridh	0.992	45	31.69	0.937	31	21.83	0.9508	14	9.859
Rátálaí B + scór deiridh	0.994	60	42.25	0.969	47	33.1	0.9573	13	9.155

Tá claonadh i staitisticí Pearson an leibhéal comhfhreagartha a rómheas. Dá bhrí sin, is fiú féachaint ar na comhghaolmhaireachtaí idiraicme. Arís, tá comhghaolmhaireacht láidir ann, mar is léir ó Tábla 4.2–2 thíos.

**Tábla 4.2–2: Maitrís chomhghaolmhaireachta idir míreanna**

Rátálaí A	Rátálaí B	Scór deiridh
1.000	.979	.993
.979	1.000	.995
.993	.995	1.000

### 4.3 Diminsiúnacht an scrúdaithe

Ó tharla gur úsáideadh scrúdú a bhfuil codanna éagsúla ann (cluastuisicint, scríobh agus labhairt) sa taighde seo, tá sé tábhachtach a dheimhniú go dtástálann gach cuid den scrúdú scil faoi leith nach bhfuil á tástáil sna codanna eile. Tá roinnt bealaí ann leis sin a dhéanamh ach, sa chás seo, shocraíomar úsáid a bhaint as comhghaolmhaireachtaí cumais.

#### 4.3.1 Diminsiúnacht an scrúdaithe: próiseas agus torthaí na hanailíse

Rinneadh comhghaolmhaireachtaí Pearson a ríomh de réir na gcodanna éagsúla den scrúdú (scrúdú iomlán, cluastuisicint, scríobh agus labhairt) ag úsáid na meastachán cumais a chuir an anailís Rasch ar fáil. Bhí comhéifeacht shuntasach ann, rud a chiallaíonn, go bunúsach, gur comhéifeacht iontaofa í.

**Tábla 4.3–1: Meastacháin chumais de réir chomhghaolmhaireachtaí Pearson (coimriú)**

	Scrúdú iomlán	Cluastuisicint	Scríobh	Caint
Scrúdú iomlán	1			
Cluastuisicint	0.765545	1		
Scríobh	0.859013	0.470853	1	
Caint	0.857131	0.564923	0.599251	1



#### 4.4 An Scrúdú Cluastuisceana

Is é atá sna figiúirí sa tríú colún i dTábla 4.4–1 ná an cion iarrthóirí a thug an freagra ceart ar mhíreanna éagsúla den scrúdú. Cuir i gcás, níor thug ach 10% de na hiarrthóirí an freagra ceart ar mhír a haon den Scrúdú Cluastuisceana. Má tá formhór na míreanna rófhurasta nó ródheacair do na hiarrthóirí, is olc an fhianaise iad ar chumas na n-iarrthóirí céanna. Is é an luach idéalach ná cion meánach .50 d'fhreagraí cearta (tugtar an t-eolas seo sa tsraith dheireanach i dTábla 4.4–1).

Tugann na sonraí sa dara colún de léargas ar cé chomh deacair is a bhí na míreanna éagsúla sa scrúdú de réir na meastachán Rasch. Is mar seo a léirítear meastacháin mhírdheacrachta Rasch: an dóchúlacht go bhfuil seans 50% ag duine de chumas áirithe an mhír a fhreagairt i gceart. Is gnách an meánleibhéal mírdheacrachta a shocrú ar 0. Mar sin de, bíonn míreanna atá os cionn an mheánleibhéil deacrachta suite ar thaobh dearfach an scála, fad is a bhíonn míreanna atá faoi bhun an mheánleibhéil deacrachta suite ar an taobh diúltach. (McNamara, 1996). Is léir ó na figiúirí thíos go raibh raon maith deacrachta sna míreanna sa Scrúdú Cluastuisceana, ó 2.81 (an mhír ba dheacra) go -1.88 (an mhír ab fhusa).

Déantar talamh slán de, in anailís Rasch, go bhfuil gach mír chomh hidirdhealaitheach lena chéile (Bachman, 1990; McNamara, 1996 agus Baker, 1997). Dá bhrí sin, caithfimid dul i muinín na hanailíse CTT le haghaidh faisnéise ar cé chomh héifeachtach is atá míreanna ar leith mar idirdhealaitheoirí. Is léir ón cheathrú colún (**an t-innéacs idirdhealúcháin**) i dTábla 4.4–1 thíos go ndearna na míreanna sa Scrúdú Cluastuisceana idirdhealú maith idir iarrthóirí de leibhéal chumais éagsúla. Ní raibh aon uimhreacha diúltacha ann agus bhí luach .5 nó luach éigin os a chionn sin ag 17 amach as 26 mír, rud a thugann le fios go raibh an Scrúdú Cluastuisceana iontaofa sa mhéid is go ndearna sí idirdhealú éifeachtach idir iarrthóirí cumasacha agus iarrthóirí nach raibh chomh cumasach céanna. De réir na hanailíse, ní raibh ach mír amháin ann nach raibh ina hidirdhealaitheoir maith ná nár chuidigh mórán le hiontaofacht an Scrúdaithe Cluastuisceana. Luach idirdhealúcháin 0.05 a bhí ag an mhír seo (mír 5 i gCeist 4), rud a thugann le fios nach ndearna sí idirdhealú éifeachtach idir iarrthóirí cumasacha agus iarrthóirí nach raibh chomh cumasach céanna.

Sa chúigiú colún, léiríonn an t-innéacs déshraithach pointe feidhmíocht an iarrthóra i mír faoi leith i gcoibhneas le feidhmíocht an iarrthóra sin sa scrúdú iomlán. Tugann an t-innéacs déshraithach pointe le fios go ndearna formhór na míreanna sa Scrúdú Cluastuisceana idirdhealú atá ar aon dul leis an scrúdú iomlán.

**Tábla 4.4–1: Innéacsanna deacrachta agus idirdhealúcháin sa Scrúdú Cluastuisceana (na sonraí uile 2011 & 2012)**

An Scrúdú Cluastuisceana (CL)	Mírdheacracht (Rasch)	Cion freagraí cearta (anailís chlasaiceach)	Innéacs idirdhealúcháin	Innéacs déshrathach pointe
CL 1:1	2.57	.10	.27	.38
CL1:2	0.09	.47	.86	.66
CL 1:3	0.76	.34	.76	.63
CL 1:4	0.2	.45	.82	.64
CL 1:5	0.18	.46	.45	.36
CL 1:6	-0.83	.65	.65	.56
CL 2:1	1.7	.19	.32	.39
CL 2:2	-1.88	.82	.37	.52
CL 2:3	-0.27	.54	.79	.68
CL 2:4	-0.53	.59	.66	.60
CL 2:5	-0.59	.61	.64	.56
CL 3:1	-0.71	.63	.52	.49
CL 3:2	0.82	.33	.59	.54
CL 3:3	-0.44	.58	.60	.52
CL 3:4	-0.16	.53	.54	.48
CL 3:5	-0.89	.66	.51	.48
CL 3:6	0.2	.45	.53	.47
CL 3:7	0.2	.44	.44	.42

## Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar

CL 3:8	1.17	.27	.67	.65
CL 3:9	-1.51	.77	.57	.56
CL 4:1	0.01	.49	.66	.62
CL 4:2	-0.5	.59	.76	.68
CL 4:3	-0.13	.51	.81	.72
CL 4:4	-0.65	.62	.57	.61
CL 4:5	2.81	.08	.05*	.23
CL 4:6	-1.62	.78	.43	.55
<i>Meán</i>		.50	.57	.54


I dTábla 4.4–2, tá sonraí le haghaidh líon iomlán na rannpháirtithe sa Scrúdú Cluastuisceana. Ba é 13 an meánscór (26 an scór ab airde a d'fhéadfaí a bhaint amach) sa Chluastuisceant. Ba é an diall caighdeánach ná 5.1. Luach .82 a taifeadadh mar alfa Cronbach sa Scrúdú Cluastuisceana. Mar atá ráite thuas, dá airde luach an alfa Cronbach, is amhlaidh is fearr atá an scrúdú ó thaobh comhleanúnachais de. Meastar comhéifeacht iontaofachta .70 nó uimhir éigin os a chionn sin a bheith inghlactha i dtionscadail taighde de ghnáth.

**Tábla 4.4–2: Tuairiscí ar scóir sa Chluastuisceant (na sonraí uile 2011 & 2012)**


Líon rannpháirtithe	177
Scór iomlán	26
Meánscór	13
Diall caighdeánach	5.1
Uas-scór	23
Íos-scór	1
Alfa Cronbach	.82

Léirítear dáileadh na scór ar cheisteanna ar leith i bhFigiúr 4.4–1 go Figiúr 4.4–4 thíos. Is sonraí uile 2011 agus 2012 atá á léiriú sa chuid seo den tuairisc agus, mar a fheicfear ar ball, is beag difríocht a bhí idir sonraí 2011 agus 2012. I gCaibidil 5, déanfar mionscagadh ar na difríochtaí idir an dá ghrúpa i dtaca leis na codanna éagsúla den scrúdú agus i dtaca leis na míreanna éagsúla. Tríd is tríd, tá dáileadh na scór an-mhaith sa Chluastuiscint. Tá curtóis dhearfach bheag le feiceáil sna sonraí do Cheist 1, i.e. tá níos mó scór sa chuid íochtarach den scála gnóthachtála. Tá curtóis dhiúltach le feiceáil sna sonraí le haghaidh Cheist 2, i.e. tá níos mó scór sa chuid uachtarach den scála gnóthachtála.


**Figiúr 4.4–1: Dáileadh na scór i gCeist 1 sa Chluastuiscint**




**Figiúr 4.4–2: Dáileadh na scór i gCeist 2 sa Chluastuiscint**



**Figiúr 4.4–3: Dáileadh na scór i gCeist 3 sa Chluastuiscint**



**Figiúr 4.4–4: Dáileadh na scór i gCeist 4 sa Chluastuiscint**



#### 4.5 An Scrúdú Scríbhneoireachta

Baineann na sonraí i dTábla 4.5–1 thíos le Ceist 1 agus Ceist 3 sa Scrúdú Scríbhneoireachta. Rinneadh Ceist 2 a mharcáil go suibhachtúil. Tá tuilleadh eolais faoin cheist sin i bhFigiúr 4.5–2 thíos.

Léiríonn an anailís Rasch sa dara colún thíos go raibh raon maith deacrachta sna míreanna sa Scrúdú Scríbhneoireachta, ó 2.22 (an mhír ba dheacra) go -1.67 (an mhír ab

fhusa). Léiríonn an t-innéacs deacrachta go raibh an Scrúdú Scríbhneoireachta níos deacra do na hiarrthóirí ná mar a bhí an Scrúdú Cluastuisceana, den chuid is mó. Ba é an meán-innéacs deacrachta ná .43, atá taobh istigh den raon inghlactha, i.e. timpeall .3 go .6. Fuarthas amach de bharr na hanailíse CTT a rinneadh ar na míreanna go raibh roinnt míreanna ann (atá marcáilte le réiltín\*) nach raibh éifeachtach agus nár chuir mórán le hiontaofacht an Scrúdaithe Scríbhneoireachta. Bíodh sin mar atá, rinne formhór na míreanna i gCeist 1 agus i gCeist 3 den Scrúdú Scríbhneoireachta idirdhealú maith idir iarrthóirí cumasacha agus iarrthóirí laga. Ba é .40 an t-innéacs idirdhealúcháin meánach agus ba é .39 an t-innéacs déshrathach pointe meánach.

**Tábla 4.5–1: Innéacsanna deacrachta agus idirdhealúcháin i gCeist 1 & Ceist 3 sa Scrúdú Scríbhneoireachta (na sonraí uile 2011 & 2012)**

An Scrúdú Scríbhneoireachta	Mírdheacracht (Rasch)	Cion freagraí cearta (anailís chlasaiceach)	Innéacs idirdhealúcháin	Innéacs déshrathach pointe
SCR 1:1	2.22	0.08	0.17*	0.33
SCR 1:2	-1.01	0.63	0.56	0.55
SCR 1:3	0.28	0.36	0.43	0.49
SCR 1:4	-1.67	0.76	0.54	0.54
SCR 1:5	-0.54	0.53	0.58	0.57
SCR 1:6	0	0.47	0.18*	0.18*
SCR 1:7	0.14	0.38	0.41	0.48
SCR 1:8	-0.93	0.62	0.56	0.53
SCR 1:9	1.61	0.14	0.24	0.41
SCR 1:10	0.78	0.26	0.49	0.55
SCR 3:1	1.1	0.21	0.41	0.43
SCR 3:2	0.09	0.4	0.24	0.19
SCR 3:3	0.0	0.58	0.02*	-0.01*

Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar

SCR 3:4	0.99	0.23	0.15*	0.18*
SCR 3:5	-0.2	0.46	0.60	0.51
SCR 3:6	-0.28	0.47	0.34	0.28
SCR 3:7	-0.64	0.55	0.35	0.26
SCR 3:8	-1.33	0.69	0.47	0.46
SCR 3:9	0.51	0.31	0.50	0.48
SCR 3:10	-1.54	0.73	0.31	0.38
SCR 3:11	-0.77	0.58	0.50	0.47
SCR 3:12	-0.31	0.48	0.45	0.45
SCR 3:13	0.54	0.31	0.60	0.54
SCR 3:14	0.85	0.25	0.30	0.34
SCR 3:15	0.99	0.23	0.18*	.15*
SCR 3:16	-0.82	0.59	0.52	0.44
SCR 3:17	-0.28	0.47	0.41	0.30
SCR 3:18	0.63	0.29	0.40	0.36
SCR 3:19	-0.05	0.42	0.39	0.37
SCR 3:20	-0.54	0.53	0.54	0.46
SCR 3:21	-0.59	0.54	0.43	0.37
SCR 3:22	-0.12	0.44	0.59	0.49
SCR 3:23	0.33	0.34	0.50	0.46
SCR 3:24	1.77	0.12	0.13*	0.21
SCR 3:25	-0.41	0.5	0.47	0.41
<i>Meán</i>		<i>0.43</i>	<i>0.40</i>	<i>0.39</i>


I dTábla 4.5–2 thíos tá sonraí le haghaidh líon iomlán na rannpháirtithe sa Scrúdú Scríbhneoireachta. Taifeadadh meánscór 24 (50 an marc ab airde a d’fhéadfaí a bhaint amach) don Scrúdú Scríbhneoireachta. Ba é an diall caighdeánach ná 6.9. Ba é an luach a ríomhadh mar alfa Cronbach sa Scrúdú Scríbhneoireachta ná .80.

**Tábla 4.5–2: Tuairisc ar na scóir sa Scrúdú Scríbhneoireachta (na sonraí uile 2011 & 2012)**

Líon rannpháirtithe	177
Scór iomlán	50
Meánscór	24
Diall caighdeánach	6.9
Uas-scór	41
Íos-scór	7
Alfa Cronbach	.80


Léirítear dáileadh na scór le haghaidh na gceisteanna éagsúla i bhFigiúr 4.5–1 go Figiúr 4.5–3 thíos. Tá sonraí uile 2011 agus 2012 san áireamh. Feictear go bhfuil curtóis dhearfach bheag i gceist le dáileadh na scór i gCeist 1. Maidir le Ceist 2 (an píosa scríbhneoireachta), léiríonn Figiúr 4.5–2 go bhfuil curtóis dhiúltach le feiceáil, i.e. tá níos mó scór sa chuid uachtarach den scála gnóthachtála, rud a chiallaíonn nach raibh dáileadh leathan scór sa cheist áirithe seo. Maidir le Ceist 3, léirítear go bhfuil dáileadh measartha cothrom ar na scóir.

**Figiúr 4.5–1: Dáileadh na scór i gCeist 1 sa Scríbhneoireacht**






**Figiúr 4.5–2: Dáileadh na scór i gCeist 2 sa Scríbhneoireacht**



**Figiúr 4.5–3: Dáileadh na scór i gCeist 3 sa Scríbhneoireacht**



thíos le

## 4.6 An Scrúdú Cainte

Baineann na sonraí i dTábla 4.6–1 Ceist 1, Ceist 2A agus Ceist 2B sa Scrúdú Cainte. Rinneadh na tascanna i gCeist 3 agus Ceist 4 a mharcáil go suibichtúil. Tá tuilleadh eolais i dtaobh na gceisteanna sin i bhFigiúr 4.6–4 agus Figiúr 4.6–5 thíos.

Bhí le tuiscint as an anailís Rasch agus as an anailís CTT araon go raibh fadhb éigin ag baint le míreanna 6 agus 7 i gCeist 1 den Scrúdú Cainte. Bhí an dá mhír sin rófhurasta do na hiarrthóirí agus b'idirhealaitheoirí laga iad. Dá bhrí sin, fágadh na míreanna sin ar lár san anailís. Ar an mhórgóir, bhí raon maith deacrachta sna míreanna, ó 2.01 (an mhír ab fhusa) go -1.5 (an mhír ba dheacra). Ba é an cion meánach d'fhreagraí cearta ná .45. Ar an mhórgóir, bhí formhór na míreanna i gCeist 1 agus i gCeist 2 den Scrúdú Cainte ina n-idirdhealaitheoirí éifeachtacha idir iarrthóirí cumasacha agus iarrthóirí laga. Ba é .43 an t-

innéacs idirdhealúcháin meánach. Maidir le feidhmíocht na n-iarrthóirí ar an cheist seo agus a bhfeidhmíocht sa scrúdú iomlán, ba é .49 an t-innéacs déshraithach pointe.

**Tábla 4.6–1: Innéacsanna deacrachta agus idirdhealúcháin i gCeist 1 & Ceist 2 sa Scrúdú Cainte (na sonraí uile 2011 & 2012)**

An Scrúdú Cainte (SC) Ceist 1 & Ceist 2	Mírdheacracht (Rasch)	Cion freagraí cearta (anailís chlasaiceach)	Innéacs idirdhealúcháin	Innéacs déshraithach pointe
SC 1: 1	-1.05	.70	.33	.37
SC 1: 2	0.24	.42	.48	.58
SC 1: 3	0.7	.33	.48	.56
SC 1: 4	-1.05	.70	.34	.32
SC 1: 5	-0.99	.69	.51	.53
SC 1: 8	-1.5	.78	.34	.40
SC 1: 9	1.37	.21	.31	.52
SC 1: 10	-0.16	.51	.35	.43
SC 1: 11	0.06	.46	.56	.56
SC 1: 12	-0.84	.66	.49	.43
SC 2a: 1	-0.1	.50	.15	.39
SC 2a: 2	2.01	.19	.27	.46
SC 2a: 3	1.66	.16	.30	.45
SC 2a: 4	0.24	.43	.52	.62
SC 2a: 5	0.01	.47	.80	.67
SC 2a: 6	0.48	.39	.44	.64

## Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar

SC 2b: 1	-0.82	.66	.38	.34
SC 2b: 2	1.19	.24	.38	.50
SC 2b: 3	1.52	.19	.34	.48
SC 2b: 4	0.56	.36	.67	.59
SC 2b: 5	0.01	.47	.56	.47
SC 2b: 6	0.56	.36	.37	.37
<i>Meán</i>		45	43	49

I dTábla 4.6–2 tá achoimre ar na sonraí don líon iomlán rannpháirtithe sa Scrúdú Cainte. Cláraíodh meánscór 28 (52 an marc ab airde a d'fhéadfaí a bhaint amach). Ba é 5.4 an diall caighdeánach. Luach .73 a ríomhadh mar alfa Cronbach sa Scrúdú Cainte. Faoi mar atá luaite cheana, dá airde luach an alfa Cronbach, is amhlaidh is fearr atá an scrúdú i dtaca le comhleanúnachas de.


**Tábla 4.6–2: Tuairisc ar na scóir sa Scrúdú Cainte (na sonraí uile 2011 & 2012)**

Líon rannpháirtithe	177
Scór iomlán	52
Meánscór	28
Diall caighdeánach	5.4
Uas-scór	43
Íos-scór	16
Alfa Cronbach	.73


Léirítear dáileadh na scór ar cheisteanna ar leith sa Scrúdú Cainte i bhFigiúr 4.6–1 go Figiúr 4.6–5. Tá sonraí uile 2011 agus 2012 i gceist anseo. Is léir ó Figiúr 4.6–1 gur i gcuid uachtarach an scála atá formhór na marcanna suite i gCeist 1. Tá curtóis dhearfach le feiceáil sa dáileadh scór i bhFigiúr 4.6–2 do Cheist 2A. Is léir nár éirigh le rannpháirtithe marcanna arda (10-12) a bhaint amach sa tasc seo. Léiríonn

Figiúr 4.6–3 do Cheist 2B curtóis dhearfach. Maidir le Ceist 3 agus Ceist 4, feictear gur curtóis dhiúltach atá i gceist agus nach bhfuil dáileadh ar na scóir sa dá cheist. Ní bhfuair aon rannpháirtithe marcanna ísle (0-4) sa dá cheist sin.


**Figiúr 4.6–1: Dáileadh na scór i gCeist 1 sa Scrúdú Cainte**




**Figiúr 4.6–2: Dáileadh na scór i gCeist 2A sa Scrúdú Cainte**




**Figiúr 4.6–3: Dáileadh na scór i gCeist 2B sa Scrúdú Cainte**



**Figiúr 4.6–4: Dáileadh na scór i gCeist 3 sa Scrúdú Cainte**



**Figiúr 4.6–5: Dáileadh na scór i gCeist 4 sa Scrúdú Cainte**



## 4.7 Príomhthorthaí an taighde

Ba iad seo a leanas príomhcheisteanna an taighde:

- An bhfuil aon difríocht idir inniúlacht ghinearálta (cumasc den chluastuiscint, den scríbhneoireacht agus den labhairt) na rannpháirtithe a tástáladh faoin seansiollabas/scrúdú (2011) agus iad siúd a tástáladh faoin siollabas/scrúdú nua (2012)?
- An bhfuil aon difríocht idir inniúlacht na rannpháirtithe a tástáladh faoin seansiollabas/scrúdú (2011) agus iad siúd a tástáladh faoin siollabas/scrúdú nua (2012) i ngach ceann de na scileanna seo a leanas: cluastuiscint, scríbhneoireacht agus labhairt?

1. Ba é an chéad chéim ná féachaint ar an **dáileadh cumais**.

*A: An próiseas anailíse*

Úsáideadh anailís Rasch (Winsteps 3.74.0) chun ceithre scála éagsúla, mar aon le meastacháin ar chumas na n-iarrthóirí, a chur ar fáil i gcomhair gach cuid de scrúduithe 2011 agus 2012:

- A. An scrúdú iomlán
- B. An Scrúdú Cluastuisceana
- C. An Scrúdú Scríbhneoireachta
- D. An Scrúdú Cainte

San anailís a rinneadh ar gach ceann díobh seo, fágadh ar lár roinnt freagraí a tugadh ar mhíreanna áirithe, nó freagraí a thug iarrthóirí áirithe, dá mba rud é gur léirigh na meastacháin deacrachta nár mhíreanna oiriúnacha iad nó go raibh siad lag ó thaobh comhghaolmhaireacht dhéshraithach de. Mar sin de, fágadh ar lár míreanna nár measadh a bheith úsáideach i dtaca le ceisteanna an taighde de. Is rud normálta é míreanna a fhágáil ar lár ar an dóigh sin nuair a bhíonn sonraí á gcur in oiriúint don tsamhail.

*B: Torthaí*


I dTábla 4.7–1 achoimre ar na **meánchumais** (*mean abilities*) agus ar na dialltaí caihdeánacha (SD).

**Tábla 4.7–1: Meánchumas agus dialltaí caighdeánacha (SD) 2011 agus 2012**


Bliain	2011	2011	2011	2011	2012	2012	2012	2012
	Iomlán	Cluas.	Scríbh.	Labhairt	Iomlán	Cluas.	Scríbh.	Labhairt
Meán-chumas	0.02	0.19	-0.19	-0.01	-0.35	-0.34	-0.64	-0.21
Diall caighdeánach	0.72	1.03	0.87	0.79	0.71	1.15	0.86	0.79

Mar is léir thíos i bhFigiúr 4.7–1 go dtí Figiúr 4.7–4 léirigh iarrthóirí 2011 cumas níos airde sa scrúdú iomlán, idir Chluastuisceint, Scríbhneoireacht agus Labhairt.

**Figiúr 4.7–1: Dáileadh cumais sa scrúdú iomlán, 2011 v 2012**




**Figiúr 4.7–2: Dáileadh cumais sa Scrúdú Cluastuisceana, 2011 v 2012**




Ceann de na rudáí inspéise i bhFigiúr 4.7–2 a thaispeántar i bhthuas ná seo: cé gur léirigh iarrthóirí 2011 cumas níos airde sa Scrúdú Cluastuisceana ná mar a léirigh iarrthóirí 2012, is amhlaidh atá dáileadh cumais níos leithne i measc iarrthóirí 2012.

**Figiúr 4.7–3: Dáileadh cumais sa Scrúdú Scríbhneoireachta, 2011 v 2012**



**Figiúr 4.7–4: Dáileadh cumais sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012**



Tugann Figiúr 4.7–1 go dtí Figiúr 4.7–4 thuas léargas éigin dúinn ar an dáileadh cumais, ach caithfidh dul céim níos faide ná sin agus féachaint an bhfuil an dáileadh cumais thar an dá bhliain mar an gcéanna.

2. An dara céim ná féachaint an raibh an dáileadh cumais **thar an dá bhliain** mar an gcéanna.

*A: An próiseas anailíse*

Rinneadh U-thástáil Mann-Whitney (SPSS v20.0.0) le haghaidh gach tacar meastacháin chumais a fuarthas ón anailís Rasch a bhfuil cur síos uirthi thuas. Tástáil neamhpharaiméadrach atá in U-thástáil Mann-Whitney ar féidir í a úsáid in áit T-thástáil neamhphéireáilte. Déanann an tástáil comparáid idir dáileadh na sonraí sa dá ghrúpa. I



## Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar

gcás an taighde seo, ba iad na sonraí a cuireadh i gcomparáid ná na meastacháin chumais le haghaidh iarrthóirí 2011 agus na meastacháin chumais le haghaidh iarrthóirí 2012 i ngach cuid den scrúdú: Cluastuiscint, Scríbhneoireacht agus Labhairt. Déanann an tástáil rangú ar gach meastachán cumais (beag beann ar an bhliainghrúpa lena mbaineann sé) agus déanann comparáid ansin idir na rangúcháin i ngach grúpa. Déantar suntasacht a ríomh de réir na luachanna criticiúla seanbhunaithe a úsáidtear le haghaidh na tástála seo. Baineadh úsáid as U-thástáil Mann-Whitney toisc í a bheith neamhpharaiméadrach agus nach bhfuil sí ag brath ar thuiscintí áirithe i dtaobh dháileadh na sonraí (luachanna cumais).

### *B: Torthaí*

Tá iontráil le haghaidh gach tacar sonraí i dTábla 4.7–3 go dtí Tábla 4.7–6 (scrúdú iomlán, cluastuiscint, scríbhneoireacht agus labhairt). I gcás gach tacar sonraí, glactar nó ní ghlactar leis an nóisean go bhfuil an dáileadh mar a chéile. Níor glacadh leis an nóisean i gcás an scrúdaithe iomlán, cluastuiscint agus scríobh, rud a chiallaíonn go raibh rannpháirtithe 2011 níos fearr ná rannpháirtithe 2012, de réir na sonraí seo. Glacadh leis an nóisean i gcás an Scrúdaithe Cainte áfach, rud a thugann le fios nach bhfuil aon difríocht idir an dá ghrúpa rannpháirtithe agus gurb ionann cumas do ghrúpa 2011 agus do ghrúpa 2012 i dtaca leis an Scrúdú Cainte de.

Tábla 4.7–2: Coimriú ar an Triail Hipitéise<sup>2</sup>

Hypothesis Test Summary				
	Null Hypothesis	Test	Sig.	Decision
1	The distribution of whole_test is the same across categories of yr.	Independent-Samples Mann-Whitney U Test	.000	Reject the null hypothesis.
2	The distribution of L is the same across categories of yr.	Independent-Samples Mann-Whitney U Test	.001	Reject the null hypothesis.
3	The distribution of W is the same across categories of yr.	Independent-Samples Mann-Whitney U Test	.000	Reject the null hypothesis.
4	The distribution of S is the same across categories of yr.	Independent-Samples Mann-Whitney U Test	.063	Retain the null hypothesis.


Asymptotic significances are displayed. The significance level is .05.

Tá mionsonraí le haghaidh gach tacar sonraí thíos.

---


<sup>2</sup> Níor cuireadh Gaeilge ar na táblaí seo mar tá siad á n-athsholáthar anseo díreach as na comhaid anailíse staitisticí. L = Cluastuiscint, W= Scribhneoireacht agus S = Labhairt.

Tábla 4.7-3: An scrúdú iomlán




<b>Total N</b>	177
<b>Mann-Whitney U</b>	2,706.000
<b>Wilcoxon W</b>	6,361.000
<b>Test Statistic</b>	2,706.000
<b>Standard Error</b>	340.466
<b>Standardized Test Statistic</b>	-3.536
<b>Asymptotic Sig. (2-sided test)</b>	.000

Tábla 4.7–4: An Scrúdú Cluastuisceana




<b>Total N</b>	177
<b>Mann-Whitney U</b>	2,768.000
<b>Wilcoxon W</b>	6,423.000
<b>Test Statistic</b>	2,768.000
<b>Standard Error</b>	340.028
<b>Standardized Test Statistic</b>	-3.359
<b>Asymptotic Sig. (2-sided test)</b>	.001

Tábla 4.7–5: An Scrúdú Scríbhneoireachta



<b>Total N</b>	177
<b>Mann-Whitney U</b>	2,692.000
<b>Wilcoxon W</b>	6,347.000
<b>Test Statistic</b>	2,692.000
<b>Standard Error</b>	340.221
<b>Standardized Test Statistic</b>	-3.580
<b>Asymptotic Sig. (2-sided test)</b>	.000

Tábla 4.7–6: An Scrúdú Cainte



<b>Total N</b>	177
<b>Mann-Whitney U</b>	3,278.500
<b>Wilcoxon W</b>	6,933.500
<b>Test Statistic</b>	3,278.500
<b>Standard Error</b>	339.999
<b>Standardized Test Statistic</b>	-1.857
<b>Asymptotic Sig. (2-sided test)</b>	.063

#### 4.8 Achoimre ar phríomhthorthaí an taighde

Is iad príomhthorthaí an taighde seo ná nach raibh cohórt 2012 chomh cumasach céanna le cohórt 2011 sa scrúdú iomlán, sa Scrúdú Cluastuisceana ná sa Scrúdú Scríbhneoireachta. Níor léirigh an anailís difríocht shuntasach ar bith idir an dá ghrúpa i dtaca leis an Scrúdú Cainte.

Ag cuimhneamh ar na hathruithe a rinneadh ar dháileadh na marcanna i Scrúdú Gaeilge Ardleibhéil na hArdteistiméireachta (féach Tábla 1.3–1), agus go raibh na hathruithe sin i bhfeidhm tráth a rinne cohórt 2012 an scrúdú, is díol spéise na difríochtaí idir cumas ghrúpa 2011 agus cumas ghrúpa 2012 mar a léirítear sa taighde seo iad. Nuair a d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna na hathruithe ar dháileadh na marcanna, chuir sí an-bhéim ar an mhéadú ar líon na marcanna a bhí ag gabháil don Scrúdú Cainte agus dúirt go ndearnadh sin díreach toisc gur mhian leis an Roinn caighdeán na Gaeilge labhartha a fheabhsú. I ndiaidh ardú substainteach ar na marcanna atá ag gabháil don scrúdú Cainte, agus i ndiaidh gur tugadh isteach tasc nua (an cur síos ar shraith pictiúr), bheifí ag súil go mbeadh tuilleadh gníomhaíochtaí cumarsáideacha ar siúl sa seomra ranga agus go dtiocfadh feabhas dá réir sin ar chumas na ndaltaí cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge. Léiríonn an anailís ar thorthaí an Scrúdaithe Cainte nach raibh aon difríocht idir cumas ghrúpa 2011 agus cumas ghrúpa 2012.

Faoi mar a chonaiceamar thuas, tá laghdú os cionn 6% tagtha ar an chéatadán de na marcanna a bhí ag gabháil don Chluastuisceant i Scrúdú na hArdteistiméireachta (féach Tábla 1.3–1). Mar sin féin, bheifeá ag súil, i gcomhthéacs an ardaithe ar mharcanna na Béaltriallach, go gcuirfí tuilleadh béime sa seomra ranga ar scileanna cluastuisceana chomh maith le tuilleadh béime a chur ar chumas cainte. Is é a léiríonn torthaí an taighde seo gur tháinig lagú beag ar chumas na n-iarrthóirí an Ghaeilge labhartha a thuiscint. Tugadh faoi deara a leithéid chéanna de lagú ar scileanna cluastuisceana i measc daltaí a rinne an Scrúdú Gaeilge Ardleibhéil sa bhliain 2012. Is mar seo a cuireadh síos air in *Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora* (Gaeilge, 2012):

*Bhí na torthaí ar an Triail Chluastuisceana níos ísle i mbliana ná blianta eile. Bhí a lán iarrthóirí ann a ghnóthaigh idir 3 mharc agus 16 mharc as 60 marc... Mheas na scrúdaitheoirí nár caitheadh dóthain ama ar an Triail Chluastuisceana sa rang toisc níos lú marcanna a bheith ag gabháil léi agus níos lú ama a bheith ar fáil di sa scrúdú, agus go raibh a thoradh sin le haithint ar an bhfreagairt. (:27)*

I dtaca leis an Scríbhneoireacht de, bhí grúpa 2011 rud beag níos cumasaí ná grúpa 2012. Seans go mbeifí ag súil leis an toradh sin, ó tharla go bhfuil béim bhreise anois ar scileanna cainte a fhorbairt. Bíodh sin mar atá, cúis inní is ea an meath leanúnach ar

chumas na n-iarrthóirí cuid de na struchtúir ghramadaí is bunúsaí sa Ghaeilge a úsáid. Tá anailís chuimsitheach ar fheidhmíocht an dá ghrúpa iarrthóirí agus na difríochtaí eatarthu le fáil i gCaibidil 5.

### 4.9 Teorainneacha an taighde

Agus torthaí na hanailíse á bplé, caithfear cuimhneamh go bhfuil na difríochtaí idir an dá ghrúpa sách beag ó thaobh na staitistice de. Is féidir a rá go raibh grúpa 2011 níos cumasaí i dtaca leis an scrúdú iomlán, an Chluastuiscint agus an Scríbhneoireacht. Is fíor, áfach, gur fhreagair cúigear de na rannpháirtithe i gcohórt 2011 go raibh an Ghaeilge ina teanga teaghlaigh acu, rud nach raibh fíor i gcás duine ar bith de chohórt 2012. D'fhéadfaí a mhaíomh gur leor sin chun na difríochtaí beaga idir an dá chohórt a mhíniú. Anuas air sin, d'fhreagair líon níos airde i measc rannpháirtithe 2011 go raibh an Ghaeilge ina teanga teagaisc acu sa bhunscoil agus sa mheánscoil. Bíodh sin mar atá, caithfear cuimhneamh nár glacadh le duine ar bith sa taighde seo ach daoine a bhain grád B1 nó grád B2 amach i Scrúdú Gaeilge Ardleibhéil na hArdteistiméireachta – beag beann ar na teangacha a úsáideadh le hiad a mhúineadh sa chóras scoile. Ba é an toradh a bhí ar an anailís staitistiúil nach raibh aon difear suntasach idir an dá ghrúpa maidir le gnóthachtáil B1/B2.

B'inmhianaithe an rud é líon rannpháirtithe níos airde a bheith páirteach sa taighde seo. Bheadh tátal breise le baint as an taighde dá mbeadh líon comhionann rannpháirtithe ann ó gach ceann de na trí chúlra oideachais seo: scoileanna Gaeltachta, Gaelcholáistí agus scoileanna Béarla. Níor mhiste do thaighdeoirí amach anseo díriú ar thionchar an tsiollabais/scrúdaithe nua ar ghnóthachtáil agus ar chumas taobh istigh de na trí ghrúpa sin. B'fhiú go mór chomh maith an taighde seo a dhéanamh arís i gceann trí nó ceithre bliana le feiceáil an bhfuil aon athruithe tagtha ar chumas mhic léinn Ardleibhéil Gaeilge ar fhágáil na meánscoile dóibh. Maidir leis an Cheistneoir, b'fhéarr do thaighdeoirí amach anseo agallaimh duine le duine a dhéanamh leis na rannpháirtithe chun go mbeifí in ann tuairimí a chíoradh agus soiléiriú a lorg. Dá n-úsáidfí an cur chuige sin, is dócha go gcuirfí léargas níos caolchúisí agus eolas níos cuimsithí ar fáil maidir le dearcadh na rannpháirtithe ar an teanga agus ar a dtaithe féin mar fhoghlaimoirí Gaeilge.



## 5 Mionanailís agus plé ar na torthaí

Is é aidhm na caibidle seo ná léargas cuimsitheach a thabhairt ar fheidhmíocht an dá bhliainghrúpa sna codanna éagsúla den scrúdú a rinne siad le haghaidh an taighde seo. Déanfar cíoradh chomh maith ar a bhfeidhmíocht i gceisteanna agus i míreanna faoi leith. Chuige sin, beimid ag tarraingt ar fhaisnéis a cuireadh ar fáil de bharr na hanailíse clasaicí a rinneadh ar thorthaí na scrúduithe.

### 5.1 An Scrúdú Cluastuisceana

Léiríonn Tábla 5.1–1 thíos na meánscóir a fuair rannpháirtithe sa Scrúdú Cluastuisceana in 2011 agus in 2012 agus sna ceisteanna éagsúla sa scrúdú sin. Feictear gur tháinig laghdú ar an mheánscór don Scrúdú Cluastuisceana iomlán sa bhliain 2012 agus go raibh laghdú mar an gcéanna ar na meánscóir sna ceisteanna aonair. Bheifí ag súil gur a mhalairt a bheadh fíor dá mbeadh breis béime á cur ar fhorbairt scileanna cumarsáide sa seomra ranga de bharr an ardaithe ar mharcanna don Scrúdú Cainte san Ardteistiméireacht. Mar a chonaiceamar i gCaibidil 1, tá an laghdú atá á thuairisciú sa taighde seo ag teacht leis an méid a bhí in *Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora* (Gaeilge, 2012), áit ar dúradh go raibh torthaí sa Chluastuisceant níos ísle in 2012 ná mar a bhí i mblianta eile.

**Tábla 5.1–1: Meánscóir sa Scrúdú Cluastuisceana, 2011 v 2012**

An Scrúdú Cluastuisceana	Scóir	Meánscóir 2011	Meánscóir 2012
Ceist 1	6	2.79	2.10
Ceist 2	5	3.07	2.40
Ceist 3	9	4.99	4.27
Ceist 4	6	3.33	2.79
Iomlán	26	14.18	11.56

Feicimid i dTábla 5.1–2 gur tháinig laghdú meánach de .10 nó 10% ar líon na bhfreagraí cearta a thug rannpháirtithe sa Scrúdú Cluastuisceana in 2012 i gcomparáid le 2011. Ní raibh ach 3 mhír as 26 mír sa Scrúdú Cluastuisceana ar tháinig ardú ar líon na

rannpháirtithe a d'fhreagair iad i gceart. Ní raibh ach mír amháin acu sin ar tháinig ardú suntasach ar líon na bhfreagraí cearta inti (ó .35 go dtí .56). Maidir leis na míreanna ar tháinig ísliú ar líon na bhfreagraí cearta iontu, tá 4 mhír ar tháinig ísliú de .20 nó níos mó ar an líon rannpháirtithe a d'fhreagair iad i gceart.

**Tábla 5.1–2: Cion freagraí cearta sa Scrúdú Cluastuisceana, 2011 v 2012**

An Scrúdú Cluastuisceana	Cion freagraí cearta 2011	Cion freagraí cearta 2012
Ceist 1:1	.16	.04
1:2	.55	.38
1:3	.37	.31
1:4	.51	.38
1:5	.45	.47
1:6	.75	.54
Ceist 2:1	.20	.18
2:2	.85	.79
2:3	.64	.44
2:4	.68	.48
2:5	.70	.52
Ceist 3:1	.64	.61
3:2	.45	.20
3:3	.71	.44
3:4	.62	.42

## Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar


3:5	.68	.64
3:6	.35	.56
3:7	.45	.44
3:8	.30	.22
3:9	.79	.74

Ceist 4:1	.55	.41
4:2	.62	.55
4:3	.59	.44
4:4	.68	.54
4:5	.08	.09
4:6	.80	.75
<i>Meán</i>	<i>.55</i>	<i>.45</i>


Tá na ceisteanna a úsáideadh sa Scrúdú Cluastuisceana le fáil in Aguisín 3: An Scrúdú Cluastuisceana.

Tugtar léiriú i bhFigiúr 5.1–1 go Figiúr 5.1–4 thíos ar an dáileadh a bhí ar na scóir do na ceisteanna sa Scrúdú Cluastuisceana. Léiríonn sé gur ghnóthaigh cohórt 2011 marcanna níos airde i ngach ceann de na ceisteanna.


Figiúr 5.1–1: Dáileadh na scór i gCeist 1 sa Scrúdú Cluastuisceana, 2011 v 2012




Figiúr 5.1–2: Dáileadh na scór i gCeist 2 sa Scrúdú Cluastuisceana, 2011 v 2012



**Figiúr 5.1–3: Dáileadh na scór i gCeist 3 sa Scrúdú Cluastuisceana, 2011 v 2012**



**Figiúr 5.1–4: Dáileadh na scór i gCeist 4 sa Scrúdú Cluastuisceana, 2011 v 2012**



Léirigh na torthaí go raibh fadhbanna ag rannpháirtithe dul i ngleic le ceisteanna inar cuireadh an t-eolas riachtanach in iúl go hindíreach sa phíosa éisteachta féin. D'éirigh níos fearr leis na rannpháirtithe nuair a bhí foclaíocht na míre an-chóngarach do cibé freagra a bhí á lorg, mar a bhí sa mhír dheireanach ar fad sa Scrúdú Cluastuisceana. Bhí fadhbanna acu éirim píosa cainte nó comhrá a thabhairt leo agus ba dheacair dóibh idirdhealú a dhéanamh idir mionphointí agus príomhphointí. Bhí claonadh ag rannpháirtithe gach eolas a bhain leis an cheist, nó le heochairfhocal sa cheist, a

bhreacadh síos in áit freagra díreach a thabhairt. In amanna, bhí an freagra ceart le fáil sa mhéid a scríobh na rannpháirtithe ach gur cuireadh eolas míchruinn ar fáil mar aon leis. Níor tugadh aon mharc sna cásanna sin, mar ní fhéadfadh a bheith cinnte gur tháinig na rannpháirtithe ar an fhreagra cheart i ndáiríre.

Rinneadh an-iarracht stór focal na dtéacsanna cluastuisceana a bheith oiriúnach do mhic léinn Ardleibhéil. Ní léir, tar éis scagadh a dhéanamh ar na freagraí a thug rannpháirtithe, gur stór focal gann ba chúis le cibé deacrachtaí a bhí acu. Go ginearálta, ba léir nach raibh na straitéisí cuí acu le húsáid a bhaint as an chomhthéacs, le buille faoi thuairim a thabhairt ná leanúint orthu ag éisteacht fiú nuair a bhí frása nó píosa ann nár thuig siad. Ní miste a mheabhrú nár cuireadh litriú ná cruinneas san áireamh agus freagraí sa rannóg seo á gceartú. Is cinnte go raibh luas cainte sna taifeadtaí a úsáideadh sa taighde seo níos nádúrtha ná mar a bhíonn i Scrúduithe Cluastuisceana na hArdteistiméireachta ach, sin ráite, ní féidir breithiúnas a thabhairt ar cibé tionchar a bhí ag an ghné áirithe sin ar mharcanna na rannpháirtithe sa taighde seo.

Mar achoimre, is léir go raibh dhá mhórdheacracht ag rannpháirtithe i Scrúdú Cluastuisceana an taighde seo. Ar an chéad dul síos, ní gcónaí a bhí an tuiscint cheart acu ar riachtanais na gceisteanna (mar shampla, cé acu an príomhphointe, éirim an phíosa nó píosa faoi leith eolais a bhí á lorg) agus cén dóigh le déileáil leis na riachtanais éagsúla sin. Ag éirí as sin, bhí easpa tuisceana ann maidir le húsáid straitéisí oiriúnacha le cabhrú leo dul i ngleic le cibé deacrachtaí a tháinig chun cinn agus iad ag éisteacht.

Is spéisiúil breathnú ar an méid a léirigh na rannpháirtithe agus iad ag déanamh féinmheasúnú ar a gcumas an teanga a thuiscint. Léiríonn na príomhfhreagraí a tugadh sa cheistneoir maidir leis an cheist seo (féach Caibidil 3) gur tháinig ardú ó 38% (2011) go dtí 48% (2012) ar an líon a dúirt gur féidir leo an chuid is mó de chomhráite/craoltaí a thuiscint. Os a choinne sin, is suntasach an difear atá idir líon na rannpháirtithe a dúirt go raibh siad ábalta cainteoirí dúchais a thuiscint (45% in 2011) agus (28% in 2012).

### An Scrúdú Scríbhneoireachta

Léiríonn Tábla 5.1–3 thíos na meánscóir a fuair rannpháirtithe sa Scrúdú Scríbhneoireachta in 2011 agus in 2012 agus sna ceisteanna éagsúla sa scrúdú sin. Feictear go raibh laghdú ar an mheánscór sa scrúdú iomlán sa bhliain 2012 agus laghdú mar an gcéanna ar na meánscóir sna ceisteanna éagsúla seachas Ceist 2.

**Tábla 5.1–3: Meánscóir sa Scrúdú Scríbhneoireachta**

An Scrúdú Scríbhneoireachta	Scóir	Meánscóir 2011	Meánscóir 2012
Ceist 1	10	4.64	3.80
Ceist 2	15	9.44	10.03
Ceist 3	25	12.29	9.07
Iomlán	50	26.37	22.90

Má bhreathnaítear ar fheidhmíocht an dá ghrúpa maidir leis na míreanna éagsúla i gCeist 1 i dTábla 5.1–4, feictear nach raibh aon mhórdheacrachtaí ag ceachtar den dá ghrúpa le céimeanna compáráide na haidiachta. Maidir le Mír 1, is é *agallamh* a scríobh formhór na rannpháirtithe sa chéad bhearna, cé gur fhág an tromlach acu an ‘t’ ar lár. As an dornán iarrthóirí a raibh an claochú tosaigh i gceart acu, bhí an focal féin litrithe mícheart acu, den chuid is mó. Fadhbanna le claochlú tosaigh is minice a bhain tuisle as rannpháirtithe, mar shampla, *má faighim, go chuirfidh, go fhuair mé, seans go cuirfeadh mé scairt*.

Léiríodh chomh maith deacrachtaí maidir le húsáid na n-aimsirí, go háirithe an aimsir chaite agus an aimsir fháistineach. Bhí deacrachtaí móra ann maidir leis an litriú sna ceisteanna ar fad sa Scrúdú Scríbhneoireachta, mar shampla *thaithin*, agus *aglamh*. Is beag slacht a bhí ar úsáid na sínte fada. Ní léir gur thuig na rannpháirtithe i gcónaí an gaol idir síneadh fada a bheith ar litir agus fuaim an fhocail. Ba léir chomh maith nár léigh rannpháirtithe an abairt iomlán nó gur theip orthu brí na habairte a thabhairt leo sula ndearna siad bearna a líonadh.


Tábla 5.1–4: Cion freagraí cearta i gCeist 1 sa Scrúdú Scríbhneoireachta, 2011 v 2012

Ceist 1	Cion freagraí cearta 2011	Cion freagraí cearta 2012
1. [an] t-agallamh/scrúdú/triail	.08	.09
2. [go] bhfuair	.64	.62
3. [níor] thaitin/réitigh	.49	.21
4. [níos] fearr/teo/deise...	.83	.68
5. [ar an] gcéad/chéad/ dara/dóú...	.60	.46
6. [aon] chíos/ airgead/rud/bhillí...	.38	.58
7. ceannóidh/gheobhaidh ( <i>fáistineach de dhíth</i> )	.41	.35
8. [a] thabhairt	.68	.54
9. [má] fhaighim	.22	.06
10. [go] gcuirfidh	.32	.20
<i>Meán</i>	.47	.38

Léiríonn Figiúr 5.1–5 go raibh dáileadh measartha maith ar na scóir ach, ar an iomlán, gur éirigh le grúpa 2011 marcanna níos airde a bhaint amach sa cheist seo.



**Figiúr 5.1–5: Dáileadh na scór i gCeist 1 sa Scrúdú Scríbhneoireachta, 2011 v 2012**




Bhí 15 marc ar fad ag dul do Cheist 2 sa Scrúdú Scríbhneoireachta. Ba bheag an difríocht a bhí idir an meánscór in 2011 (9.44) agus an meánscór in 2012 (10.03). Cé nach bhfuil an t-ardú i gCeist 2 an-suntasach, tá sé spéisiúil nuair a chuirtear san áireamh gurb é seo an t-aon tasc saorscríbhneoireachta a bhí sa scrúdú. Thug na scrúdaitheoirí faoi deara go raibh na rannpháirtithe breá ábalta na feidhmeanna teanga a bhí de dhíth don cheist seo a láimhseáil (mar shampla, buíochas a chur in iúl, cuireadh a thabhairt, cur síos a dhéanamh agus athrú a mholadh). Níor dheacair ciall a bhaint as an méid a scríobh siad ná an teachtaireacht a thuiscint. Níl aon amhras ach go raibh na rannpháirtithe sa dá ghrúpa in ann cumarsáid scríofa a dhéanamh agus an teachtaireacht chuí a chur in iúl. Bíodh sin mar atá, léiríodh easpa smachta ar bhunstruchtúir na teanga sna ceisteanna scríbhneoireachta ar fad, rud a d’fhéadfadh bac a chur ar na hiarrthóirí cumarsáid chomh héifeachtach céanna a dhéanamh dá mbeadh riachtanais an tasc níos dúshlánaí ó thaobh ábhair agus feidhmeanna teanga de.

Maidir leis na deacrachtaí is mó a tháinig chun cinn sa chruinneas, bhí úsáid an struchtúir *ar mhaith leat...?* Is éard a bhí ag na hiarrthóirí ná *ba mhaith leat*, *an maith leat* nó *is maith leat*. Ní raibh an tuiséal gairmeach a *Pheadair* ach ag na daoine is fearr sa dá ghrúpa agus léiríodh éiginnteacht faoin tuiséal tabharthach: *ar na mballaí*, mar shampla. Chruthaigh an forainm réamhfhoclach fadhbanna chomh maith: *ag scríobh duitse* in ionad *chugatsa*. Maidir le húsáid na mbriathra, bhí fadhbanna le *tá* agus *bíonn*. I dtaca le cúrsaí stíle, ba mhínic a úsáideadh *áfach* ag tús abairte.

Feicimid i bhFigiúr 5.1–6 gur ghnóthaigh níos mó de rannpháirtithe 2012 13 marc agus 14 marc sa cheist seo. D'éirigh le formhór na rannpháirtithe marcanna arda a fháil don ábhar sa cheist seo agus as an tasc a chur i gcrích.

**Figiúr 5.1–6: Dáileadh na scór i gCeist 2 sa Scrúdú Scríbhneoireachta, 2011 v 2012**



Maidir le Ceist 3, feictear i dTábla 5.1–5 go raibh feabhas an-bheag le feiceáil sna freagraí do 3 mhír as 25 mír ar fad. Bunstruchtúir a bhí i bhformhór na míreanna gramadaí a ndearnadh scrúdú orthu sa cheist seo ach, mar sin féin, bhí deacrachtaí ag rannpháirtithe iad a láimhseáil. *San Albain* a bhí acu in áit *in Albain*, cuir i gcás. Ba mhinic a bhí fadhbanna acu le claochlú tosaigh agus le húsáid na n-aimsirí: *an chuimhin leat*, *an gcuimhin leat*, *an chuimhníonn tú Eoin*, *a gceapeann tú*, *is as mBÁC*, *an seachtain*, *an mbuail tú*. Is í an fhadhb is mó a bhí acu le *caite* ná gur cheap siad gur gá séimhiú a chur air tar éis *seachtain*. Ba í an uimhir iolra den ainmfhocal a d'úsáid formhór na rannpháirtithe tar éis *cúpla*. Tháinig laghdú mór ar líon na rannpháirtithe a raibh *mo dheirfiúr* ceart acu. Bhí deacrachtaí acu le claochlú tosaigh i ndiaidh an réamhfhocail *ar*. Ba é litriú an fhocail *deacra* a chothaigh fadhbanna dóibh seachas an aidiacht ‘deacair’ a chur sa bhreischéim/sárchéim.


Tábla 5.1–5: Cion freagraí cearta i gCeist 3 sa Scrúdú Scríbhneoireachta, 2011 v 2012

Ceist 3		Cion freagraí cearta 2011	Cion freagraí cearta 2012
1.	Bhí mé <u>in Albain</u>	.29	.12
	an <u>tseachtain</u>	.38	.41
	seo <u>caite</u>	.59	.58
	Agus cheannaigh mé cúpla/roinnt <u>leabhar</u> nua	.23	.22
	Tá mé ag baint an-taitneamh <u>astu/Taitníonn</u> siad go mór <u>liom</u> /Tá mé an-tógtha <u>leo/Is breá liom iad</u>	.55	.35
2.	<u>An cuimhin leat</u> Eoin/an bhfuil cuimhne <u>agat ar Eoin</u>	.53	.41
	<u>(Is) as Baile Átha Cliath é/dó</u>	.57	.54
	agus <u>d'fhreastail</u> sé/rinne sé <u>freastal</u>	.68	.71
	<u>ar</u> an <u>gc(h)úrsa</u> Gaeilge	.39	.22
	<u>i nGaillimh/sa Ghaillimh</u>	.85	.61
3.	<u>Ar chas tú (ar)/bhuail tú le</u>	.67	.48
	mo <u>dheirfiúr</u> Máire	.64	.31
	Tá sí <u>ina cónaí</u> /tá <u>cónaí uirthi/Cónaíonn</u> sí	.47	.13
	<u>le</u>	.33	.16
	trí <u>bliana</u> anois	.24	.21
4.	<u>An gceapann/measann/síleann/An dóigh leat</u>	.63	.55
	go <u>mbeidh</u> an <u>cúrsa</u> seo	.58	.36

	níos <u>deacra</u>	.32	.26
	an <u>bhliain</u> seo chugainn/an <u>chéad bhliain</u> eile	.39	.46
	<u>Ní cheapaim/Ní dóigh liom/Ní mheasaim/Ní bheidh</u>	.59	.47
5.	Dúirt Seán <u>gur chuir/sheol</u>	.57	.52
	sé na <u>haistí</u>	.53	.34
	<u>Fraincise</u>	.53	.14
	<u>chugam</u>	.18	.06
	<u>níor tháinig</u> siad go fóill/ach <u>ní bhfuair/níl</u> siad <u>faighte</u>	.57	.44
	<i>Meán</i>	.49	.36

Tugann Figiúr 5.1–7 léiriú ar dháileadh na scór do Cheist 3.

**Figiúr 5.1–7: Dáileadh na scór i gCeist 3 sa Scrúdú Scríbhneoireachta, 2011 v 2012**



Is dócha gurb é an rud ba shuntasáí faoi thorthaí an Scrúdaithe Scríbhneoireachta sa taighde seo ná an easpa leanúchais maidir le cur i bhfeidhm na mbunrialacha gramadaí. Bhí sé coitianta go leor, mar shampla, go scríobhfadh an duine céanna *mo seomra* i gCeist 2 agus *mo dheirfiúr* i gCeist 3 nó go mbeadh *sílim go mbeidh mé* agus *sílim go*

## Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar

*bheidh mé* in úsáid ar an leathanach céanna ag an aon iarrthóir amháin. I bhfianaise an easpa leanúnachais sin, is léir go bhfuil géarghá le feasacht teanga foghlaimeoirí a fhorbairt le go mbeidh tuiscint níos fearr acu ar fheidhm na rialacha gramadaí. Teastaíonn treoir le go mbeidh siad in ann a gcuid píosaí scríbhneoireachta a réamhphleanáil agus a athbhreithniú. Ar ndóigh, glactar leis anois nach ionann rialacha gramadaí a theagasc agus talamh slán a dhéanamh de go sealbhóidh foghlaimeoirí na struchtúir sin nó go mbeidh siad in ann iad a úsáid i gceart as sin amach. Tuigimid ar fad go bhfuil na botúin a dhéanann foghlaimeoirí ina gcuid nádúrtha den phróiseas foghlama teanga.

Le blianta beaga anuas, táthar ag cur an-bhéim ar an fheasacht teanga agus ar na próisis foghlama agus tugtar aitheantas do na forbairtí seo in *Siollabas Gaeilge na Ardteistiméireachta, Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal* (:3). Ach is léir go bhfuil obair le déanamh go fóill maidir le tacaíochtaí breise oiliúna a chur ar fáil do mhúinteoirí chun go mbeidh siad lánmhuiníneach maidir le cur chun cinn na feasachta teanga sa seomra ranga.

Maidir leis an cheapadóireacht i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, aithnítear cuid de na fadhbanna céanna in *Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora* (Gaeilge, 2012):

*Bhí an-éagsúlacht caighdeán sa fhreagairt i gcás na ceapadóireachta, idir fhreagraí breátha cuimsitheacha ina raibh Gaeilge shaibhir chruinn agus fhreagraí laga a bhí gann ar aon iarracht le hábhar an teidil a ionramháil, gan iontu ach stór focal teoranta agus gramadach mhíchruinn. Céatadán maith de na hiarrthóirí ar éirigh leo marcanna maithe a bhaint amach, bhí an chosúlacht ar a gcuid freagraí go raibh cuid den ábhar réamhullmhaithe acu...*

*.... Luaigh na scrúdaitheoirí caighdeán lag Gaeilge a bheith ag cuid mhaith de na hiarrthóirí, easpa cumais i láimhseáil bhunstruchtúir na teanga, easpa eolais ar aimsirí na mbriathra agus ar cheartúsáid na copaille. Ba mhinic a bhí difear mór le sonrú idir caighdeán na Gaeilge sa cheapadóireacht agus caighdeán na Gaeilge i gcodanna eile de scrípt an iarrthóra chéanna. (2012: 28)*

Breathnóimid anois ar an méid a léirigh na rannpháirtithe agus iad ag déanamh féinmheasúnú ar a gcumas an teanga a scríobh (féach Caibidil 3). Ní raibh aon mhórdhifríochtaí idir an dá ghrúpa. Cheap 43% in 2011 agus 49% in 2012 go raibh siad ábalta an Ghaeilge a scríobh go cuibheasach maith. Dúirt 39% in 2011 agus 33% in 2012 go raibh siad sách maith ag scríobh na teanga agus cheap 11% de ghrúpa 2011

agus 7% de ghrúpa 2012 go raibh a gcuid Gaeilge scríofa inchurtha lena gcuid Béarla scríofa, nó níos fearr ná é.

Ceann de na ráitis a cuireadh i láthair na rannpháirtithe ná ‘Tá an iomarca béime ar scileanna scríofa Gaeilge a fhorbairt sa seomra ranga’. Is díol spéise é an líon ard rannpháirtithe a d’aontaigh nó a d’aontaigh go láidir leis an ráiteas sin: 49% in 2011 agus 60% in 2012. An rud is iontaí ná an méadú 11% a tháinig ar líon na rannpháirtithe a bhfuil an dearcadh sin acu in ainneoin na n-athruithe a rinneadh ar Shiollabas agus ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta *díreach* le tuilleadh béime a chur ar an teanga labhartha. Spreagann sé an cheist: an bhfuil cleachtais mhúinteoireachta ag coinneáil bord ar bord leis na hathruithe sin nó an é go mbíonn dearcadh diúltach ag daltaí faoi theagasc na scríbhneoireachta agus na gramadaí go ginearálta?

## 5.2 An Scrúdú Cainte

Tugann Tábla 1.3–1 léiriú dúinn ar na meánscóir a fuair rannpháirtithe in 2011 agus in 2012 sa Scrúdú Cainte agus sna ceisteanna éagsúla sa scrúdú sin. Feictear gur tháinig laghdú beag ar an mheánscór don Scrúdú Cainte iomlán sa bhliain 2012 agus go raibh laghdú beag mar an gcéanna ar na meánscóir sna ceisteanna aonair seachas Ceist 3 agus Ceist 4.

**Tábla 5.2–1: Meánscóir sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012**

An Scrúdú Cainte	Scóir	Meánscóir 2011	Meánscóir 2012
Ceist 1	12	7.75	6.97
Ceist 2A	12	4.57	3.95
Ceist 2B	6	2.30	2.22
Ceist 3	11	7.64	7.72
Ceist 4	11	7.67	7.68
Iomlán	52	29.93	28.54

I gcomhthéacs na béime nua ar an chumarsáid labhartha i Siollabas agus i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, bheifí ag súil go mbeadh feabhas le feiceáil sna scóir a bhain rannpháirtithe 2012 amach sna scrúduithe a rinne siad don taighde seo. Seo thíos

## Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar

an méid bhí in *Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora* (Gaeilge, 2012) maidir leis an Bhéaltrial san Ardteistiméireacht.

*Bhí an ghnóthachtáil an-sásúil sa Bhéaltrial. Thuairisc scrúdaitheoirí..., go raibh cuid mhór de na hiarrthóirí ar a suaimhneas ag gabháil do na codanna éagsúla den scrúdú, gur léir go raibh ullmhúchán ciallmhar fiúntach déanta, gur léir gurbh í an Ghaeilge an gnáthmheán teagaisc in an-chuid ranganna, agus nach amháin gur chabhraigh na hathruithe sa scrúdú leis an ngnóthachtáil ó thaobh na ngrád de ach, rud níos tábhachtaí fós, gur chabhraigh siad le sealbhú agus le húsáid na teanga, níthe a bhí níos daingne agus níos nádúrtha ná mar a bhí go dtí seo... (2012:15)*

Is léir ón méid sin go bhfacthas d'údar na tuairisce gur chabhraigh na marcanna breise don Bhéaltrial le sealbhú agus úsáid na Gaeilge a fheabhsú agus go raibh a thoradh sin le feiceáil san ardú a tháinig ar na gráid onóracha in 2012.

Má bhreathnaímid ar Tábla 5.2–2, feictear gur tháinig laghdú meánach de .09 nó 9% ar líon na bhfreagraí cearta i gCeist 1. Ní raibh ach mír amháin ann a raibh feabhas beag inti in 2012, is é sin an fhuaim [x]. Níor éirigh go rómhaith le formhór na rannpháirtithe an fhuaim a rá mar is ceart sa mhír áirithe seo, ach ba léir i gcodanna eile den Scrúdú Cainte go raibh an fhuaim acu i gceart. Ó tharla an fhuaim chéanna a bheith ceart i gceisteanna áirithe agus mícheart i gceisteanna eile, is cosúil go bhfuil easpa feasachta le brath maidir le córas fuaimeanna na Gaeilge chomh maith leis an chóras gramadaí. Ní fuaimeanna aonair amháin atá i gceist; thug na taighdeoirí faoi deara gur deacra fós do na rannpháirtithe déileáil le béim, rithim agus tuin chainte na Gaeilge. B'fhiú go mór fillleadh ar na hábhair sin i dtaighde ar bith a dhéanfar amach anseo.

**Tábla 5.2–2: Cion freagraí cearta i gCeist 1 sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012**


Ceist 1: Foghraíocht	Cion freagraí cearta 2011	Cion freagraí cearta 2012
1. <u>Co</u> nall	.79	.60
2. ama <u>ch</u>	.39	.46
3. an tSean <u>chill</u>	.34	.32
4. <u>shr</u> oich	.79	.60
5. <u>cho</u> sa	.70	.68

8.bhríste	.85	.71
9.Shéas	.27	.14
10.pian	.54	.48
11.chuala	.53	.39
12.fhuar	.66	.66
Meán	.59	.50

Fágadh mír 6 agus mír 7 thuas ar lár san anailís de bharr go raibh siad ró-éasca d'fhormhór na n-iarrthóirí agus nach ndearna siad idirdhealú ceart idir na hiarrthóirí.

Léiríonn Figiúr 3.1–1 go bhfuair cohórt 2011 marcanna níos airde i gCeist 1 ná mar a fuair cohórt 2012.

**Figiúr 5.2–1: Dáileadh na scór i gCeist 1 sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012**



I dTábla 5.2–3, feicimid eolas faoi fheidhmíocht an dá ghrúpa sna míreanna éagsúla i gCeist 2A sa Scrúdú Cainte. Sa tasc sin, bhíothas ag iarraidh ar na hiarrthóirí abairtí an-simplí a chur ar fáil bunaithe ar noda (i nGaeilge) ar an chárta rólghníomhachta a bhí acu. Mar a luadh cheana, níl tasc den chineál seo i Scrúdú Cainte na hArdteistiméireachta, ach bheifí ag súil go mbeadh daltaí Ardleibhéil in ann ceisteanna den chineál seo a láimhseáil. Níl an struchtúr ‘caoga is a cúig euro’ inghlactha de réir An



## Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar

*Caighdeán Oifigiúil* (1958) ná *An Caighdeán Oifigiúil: Caighdeán Athbhreithnithe* (2012) ach cinneadh glacadh leis sa taighde seo de bharr go raibh sé ag na rannpháirtithe go minic agus go bhfuil sé coitianta go maith i measc mhuintir na Gaeltachta. Feictear nach raibh aon mhórdhifríochtaí idir an dá bhliainghrúpa ach, ar an iomlán, gur tháinig íslíú ar chion na bhfreagraí cearta in 2012. I measc na bhfreagraí ba choitianta bhí: *go dtí an Albain, mo deirfiúr, dhá cairde, san óstán sa cathair*.


**Tábla 5.2–3: Cion freagraí cearta i gCeist 2A sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012**

Ceist 2A Rólghníomhaíocht	Cion freagraí cearta*	Cion freagraí cearta*
Ag freagairt ceisteanna/cruinneas gramadaí	2011	2012
(Tá mé/táimid/beidh mé/beimid ag dul) go hAlbain.	.51	.49
Mo dheirfiúr agus beirt chara.	.23	.14
Ar feadh coicíse/Coicís i mí na Samhna.	.16	.16
(In) óstán beag i lár na cathrach.	.46	.39
Cúig euro is caoga/caoga is a cúig euro san oíche do sheomra singil agus cúig euro is seachtó/seachtó is a cúig euro san oíche do sheomra dúbailte.	.53	.40
Rachaimid go dtí na siopaí/beimid ag siopadóireacht agus rachaimid go dtí an phictiúrlann.	.40	.38
<i>Meán</i>	.38	.33

\**San anailís chlasaiceach, is mar seo a ríomhtar an cion freagraí cearta le haghaidh míreanna den chineál seo a bhfuil luach 0, 1 nó 2 acu: suimítear líon na n-iarrthóirí a scóráil 2 agus leath líon na n-iarrthóirí a scóráil 1.*

Léiríonn Fígiúr 5.2–2 gur éirigh le cohórt 2011 marcanna rud beag níos airde a fháil ach nár éirigh le haon dream marcanna an-ard a bhaint amach, is é sin 10–12 marc.

**Figiúr 5.2–2: Dáileadh na scór i gCeist 2A sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012**



Ó 2012 i leith, bíonn ar iarrthóirí Ardteistiméireachta ceisteanna bunaithe ar an tsraith pictiúr a chur sa Scrúdú Cainte. Is spéisiúil, mar sin, a fháil amach cad é mar a d'éirigh leis an dá ghrúpa a bhí páirteach sa tionscadal taighde seo ceisteanna a chur sa rólghníomhaíocht i gCeist 2B. Is amhlaidh a bhí formhór na rannpháirtithe lag sa cheist seo, faoi mar a léiríonn an marc meánach don chion freagraí cearta don dá bhliain. Ba mhínic an struchtúr *cén áit ina bhfuil tú ag dul ar saoire?* nó *cén áit ina bhfuil tú ag fanacht?* in úsáid ag rannpháirtithe. Ba léir chomh maith nach raibh siad iomlán ar a gcompord agus iad i mbun an taisc seo agus gur léir dóibh féin nach raibh siad in ann do riachtanais an taisc.


**Tábla 5.2–4: Cion freagraí cearta i gCeist 2B sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012**

Ceist 2B	Cion freagraí cearta 2011	Cion freagraí cearta 2012
Rólghníomhaíocht Ag cur ceisteanna/cruinneas gramadaí		
Cá mbeidh tú ag dul?/Cén áit a mbeidh/bhfuil tú ag dul... *	.68	.62
Cé a bheidh/bheas (ag dul) leat/libh...	.22	.26
Cá fhad / cén fhad /cé chomh fada a bheidh/bheas tú /sibh ansin/ann...	.24	.13
Cén cineál lóistín a bheidh/bheas agat/agaibh? Cá mbeidh tú/sibh ag fanacht? An bhfuil lóistín agat/agaibh? An mbeidh tú/sibh ag fanacht i mbrú/in óstán...	.34	.38
Cén costas a bheidh/bheas/atá ar an lóistín? Cé mhéad a chosnóidh/chosain /chosnaíonn an lóistín?	.49	.46
Cad iad na rudaí a dhéanfaidh/dhéanfas tú/sibh ann/ansin? Cad/cad é /céard a dhéanfaidh/dhéanfas ...	.34	.38
<i>Meán</i>	.39	.37

*\*Is iad na freagraí ba choitianta atá i dTábla 5.3-4 thuas. Féach an eochair don Scrúdú Cainte in Aghuisín 7 le haghaidh na bhfreagraí ar fad a sholáthair na rannpháirtithe.*

Feictear i bhFigiúr 5.3-3 go raibh na marcanna sa rannóg seo an-íseal in 2011 agus gur bheag athrú a bhí le feiceáil in 2012. Léirigh an anailís go raibh fadhbanna fiú ag na rannpháirtithe ba láidre leis na foirmeacha ceisteacha. Tá sé sin ag teacht leis an méid a bhí le rá in *Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora* (2012). Sa chur síos ar fheidhmíocht na ndaltaí agus iad ag cur ceisteanna bunaithe ar an sraith pictiúr, scríobhadh an méid seo: ‘Bhí deacrachtaí ag go leor iarrthóirí ceisteanna cruinne a chumadh.’ (:31)

**Figiúr 5.2–3: Dáileadh na scór i gCeist 2B sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012**



Maidir le Ceist 2B, bhí ar rannpháirtithe na freagraí a thug an scrúdaitheoir dóibh a bhreacadh síos. Ní raibh aon mharcanna ag dul dó sin, ach ní raibh sé sin ar eolas ag na rannpháirtithe. Is spéisiúil breathnú ar cad é mar a d'éirigh leo. Taispeántar na freagraí a thug an scrúdaitheoir sa ghreille thíos ar dheis:

Ag pleanáil laethanta saoire	
Áit?	<b>1.an Spáinn</b>
Le?	<b>2.fear céile / bean chéile</b>
Cén fhad?	<b>3.coicís (Bealtaine)</b>
Lóistín?	<b>4.brú óige</b>
Costas?	<b>5.oíche = €15</b>
Rudaí a dhéanfaidh sibh?	<b>6.siúl sléibhe + snámh</b>

### 5.2.1 Freagraí ar an rólghníomhaíocht in 2011 agus in 2012

#### Rannpháirtithe 2011

1. Mar a bheifeá ag súil leis, bhí an freagra seo ceart ag gach iarrthóir. Cé go raibh fadhbanna móra ag a lán rannpháirtithe leis an litriú, bhí an focal scríofa fós sothuigthe. I measc na mbotún ba choitianta sa litriú bhí *Spáin*, *spain* agus *spainne*.
2. Bhí an freagra ceart ag gach duine seachas 5. Scríobh duine amháin *athair*, scríobh beirt *athair céile* agus bhí beirt eile ann nár scríobh aon rud. Bhí an litriú chomh holc sin in amanna agus go mbeifí in amhras faoi cé chomh maith agus a thuig na rannpháirtithe an méid a bhí á scríobh acu. Tugadh gach saghas litriú ar *m'fhear céile*, ach bhí formhór na n-iarrachtaí sothuigthe, seachas leithéidí *markayla* – leagan nach dtuigfeá gan an comhthéacs a bheith ar eolas agat.
3. Mícheart ag duine amháin mar ba léir nár thuig sé/sí an fhoirm cheisteach *cén fhad*.
4. Scríobh timpeall trian de na rannpháirtithe *mbrú óige*, bunaithe ar fhreagra an scrúdaitheora: *i mbrú óige*. Ní léir cé acu a bhí an freagra ceart ar intinn acu nó an ag athsholáthar chaint an scrúdaitheora a bhí siad. Scríobh an chuid eile *brú óige* nó *i mbrú óige*, cé nach i gcónaí a bhí an litriú slán.
5. Bhí sé seo ceart acu ar fad seachas 14. Scríobh duine amháin €500 agus duine amháin €53. Scríobh cúigear €25 agus seachtar €50.
6. Bhí sé seo ceart ag gach duine agus, cé go raibh fadhbanna litrithe acu, bhí na focail ar fad sothuigthe.

#### Rannpháirtithe 2012

1. A bheag nó a mhór mar an gcéanna le 2011.
2. Bhí rannpháirtithe 2012 níos laige anseo. Scríobh beirt *athair céile*. Bhí *mac céile* ag cúigear, agus *athair* ag duine amháin. I measc na n-iarrachtaí eile bhí *ardceile*, *ar-chéile*, *marchela*, *archaela* agus *féar céillí*. Ní raibh an oiread céanna fadhbanna ag rannpháirtithe le *mo bhean chéile*. Cé go raibh an litriú mícheart go minic, agus an séimhiú fágtha ar lár ar *chéile*, bhí formhór mór na n-iarrachtaí sothuigthe seachas, b'fhéidir, *mennCheile*.
3. Bhí an freagra iomlán mícheart ag duine amháin. Bhí dhá litriú eile ann a d'fhág go raibh an focal *coicís* dothuigthe: *cortes* agus *caitch*.
4. Scríobh 23 de na rannpháirtithe *mbrú óige*. Bhí na rannpháirtithe eile ceart, bíodh is gurbh iomaí litriú a bhí acu ar *brú óige*.
5. Bhí sé seo ceart acu ar fad seachas ochtar. Scríobh duine amháin €55, duine eile €5 agus duine eile €500. Scríobh beirt €50 agus triúr €5.

6. Mórán mar an gcéanna le 2011.

### 5.2.2 Ceist 3 agus Ceist 4

Bhí 11 marc ag dul do Cheist 3 agus 11 marc do Cheist 4 sa Scrúdú Cainte. Mar a chonaiceamar i dTábla 5.2–1, ba bheag an difríocht a bhí idir an meánscore don dá cheist in 2011 agus in 2012.

Léiríonn Figiúr 5.2–4 agus Figiúr 5.2–5 dáileadh na scór sa dá cheist sin. Marcanna sa raon 6 go dtí 8 a fuair a bhformhór sa dá bhliain. Mar atá le feiceáil sa chóras marcála don dá cheist seo (féach Aguisín 7), bhí 4 mharc ag dul do líofacht agus stór focal, 5 mharc do chruinneas gramadaí agus 2 mharc d'ábharthacht a gcuid cainte, i.e. an méid a bhí le rá acu a bheith bainteach le hábhar. Tá liosta de na gnéithe den ghramadach a bhí á dtástáil sa Scrúdú Cainte le fáil in Aguisín 7.

Bhí formhór den méid a bhí le rá ag na rannpháirtithe bainteach le hábhar agus d'éirigh lena lán acu marcanna arda a fháil sa rannóg sin. Bhí siad líofa go maith agus in ann cumarsáid a dhéanamh, cé gur chuir easpa stór focal isteach orthu uaireanta. Ba mhinic iad i bponc dá dteipfeadh orthu smaoineamh ar bhriathar mar *deisigh* nó *cóirigh* a bhí de dhíth orthu i gCeist 3. Bhí na rannpháirtithe ba chumasaí ábalta tarraingt ar straitéisí le dul i ngleic le bearnaí eolais den chineál sin, mar shampla timchaint éigin a úsáid. Cé gur chruthaigh an dá ghrúpa go measartha maith sa chur síos ar an tsraith pictiúr, ba léir go raibh cohórt 2012 níos ullmhaithe don tasc seo. Bhí an claonadh ag céatadán beag acu dul taobh amuigh den méid a bhí á léiriú sna pictiúr agus cur go mór leis an scéal. Bhí an chuma air, uaireanta, gur d'fhonn nathanna agus focail a bhí foghlamtha de ghlanmheabhair a úsáid a rinneadh é sin.


Ba sa chruinneas a bhí formhór na ndeacrachtaí ag rannpháirtithe an dá bhliain. Bhí sé seo iontach soiléir i gCeist 3 nuair a bhí orthu tabhairt faoi thasc níos dúshlánaí, is é sin labhairt faoi na buntáistí agus míbhuntáistí a bhain le dhá shlí bheatha – an mhúinteoireacht agus an fheirmeoireacht. Bhí siad ábalta roinnt tuairimí an-simplí ar fad a chur in iúl ach ba é an laige ba mhó a bhí orthu ná easpa smachta maidir le húsáid na n-aimsirí. Ba mhinic iad ag imeacht ón aimsir láithreach go dtí an aimsir fháistineach agus ar ais arís. Ní raibh aon leanúnachas ann maidir le cur i bhfeidhm na mbunrialacha gramadaí. Ba léir dul an Bhéarla ar a gcuid cainte go minic, go háirithe maidir le comhréir de agus maidir le húsáid na réamhfocal. Ba mhinic iad ag streachailt le tuairimí simplí a chur in iúl.

Is fiú breathnú arís ar an méid a bhí in *Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora* (Gaeilge, 2012) maidir le Scrúdú Cainte na hArdteistiméireachta in 2012. Feicimid go raibh údar na tuairisce den tuairim gur chabhraigh an tasc nua agus na hathruithe ar an dáileadh


## Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar

marcanna le níos mó béime a chur ar labhairt na teanga sa seomra ranga agus go raibh tionchar dearfach aige sin ar chumas na ndaltaí. Tugadh faoi ndeara, mar sin féin, go raibh easpa saibhris agus fadhbanna cruinnis le brath ar chuid cainte roinnt iarthóirí (2012:16).

**Figiúr 5.2–4: Dáileadh na scór i gCeist 3 sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012**



**Figiúr 5.2–5: Dáileadh na scór i gCeist 4 sa Scrúdú Cainte, 2011 v 2012**



Breathnóimid anois ar an méid a léirigh na rannpháirtithe agus iad ag déanamh féinmheasúnú ar a gcumas an teanga a labhairt (féach Caibidil 3). Cheap 32% in 2011

agus 37% in 2012 go raibh siad ábalta an Ghaeilge a labhairt go cuibheasach maith. Dúirt 42% in 2011 agus 45% in 2012 go raibh siad in ann an teanga a labhairt sách maith. Tá sé spéisiúil gur tháinig ísliú suntasach ar an líon a dúirt go raibh siad in ann an teanga a labhairt go líofa: 24% i ngrúpa 2011 agus 15% i ngrúpa 2012. Bheifí ag súil, i gcomhthéacs na n-athruithe ar shiollabas agus ar scrúdú na hArdteistiméireachta, go mbeadh cohórt 2012 níos muiníní maidir lena gcumas labhartha.

Fiafraíodh de na rannpháirtithe ar cheart go gcaithfí níos mó ama ar thascanna labhartha sa seomra ranga Gaeilge. Tá sé spéisiúil gur beag difríocht atá idir freagraí an dá ghrúpa i leith an ráitis sin. Bhí 95% de ghrúpa 2011 a d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir leis. Bheifí ag súil go mbeadh cohórt 2012 níos sásta leis an méid ama a bhí á chaitheamh ar thascanna labhartha ó cuireadh na hathruithe i bhfeidhm ar shiollabas agus ar scrúduithe na hArdteistiméireachta. Mar sin féin, bhí 94% den ghrúpa sin a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir leis an ráiteas.

Maidir le dearcadh na rannpháirtithe ar an ráiteas gur labhair an múinteoir Gaeilge an teanga sa rang den chuid is mó, bhí 21% in 2011 agus 23% in 2012 a d'easaontaigh nó a d'easaontaigh go láidir leis an ráiteas sin. Is fiú breathnú chomh maith ar an réimse leathan tuairimí a nocht an dá ghrúpa rannpháirtithe ar a dtaithe féin maidir le foghlaim na Gaeilge. Tá sé sin lé fáil in Aguisín 9: Tuairimí na mac léinn.

### 5.3 Achoimre agus impleachtaí

Tá a fhios againn gur tháinig ardú 4.9% ar líon na n-iarrthóirí a fuair gráid A agus B sa Scrúdú Ardleibhéil Gaeilge in 2012 (féach Tábla 1.3–1). Sna scrúduithe a rinneadh mar chuid den taighde seo, tháinig ísliú nó meath beag ar chumas rannpháirtithe 2012 i gcomparáid le rannpháirtithe 2011 i dtaca le scileanna cluastuisceana agus scríbhneoireachta de. Léiríodh sa taighde seo chomh maith gur beag difear a bhí idir an dá ghrúpa maidir lena gcumas sa Scrúdú Cainte. Nuair a chuimhnítear nach raibh an méid céanna marcanna ag dul don litríocht i Scrúdú 2012, bheifí ag súil go mbeadh níos mó ama ar fáil sa seomra ranga d'fhorbairt scileanna cumarsáide na ndaltaí agus go mbeadh feabhas dá réir le feiceáil sa chluastuisceant agus sa labhairt.

Céim chun tosaigh a bhí sa tasc nua, is é sin an cur síos ar shraith pictiúr, atá mar chuid den Scrúdú Cainte Ardteistiméireachta ó 2012 ar aghaidh. Gach seans go mbeadh tionchar i bhfad níos dearfaí ag a leithéid de thasc mura mbeadh na sraitheanna pictiúr ar fáil ag tús an chúigiú bliain. De bharr gur scrúduithe fíorthábhachtacha iad scrúduithe na hArdteistiméireachta, bíonn an-bhrú ar mhúinteoirí ullmhúchán cuimsitheach a dhéanamh ar na sraitheanna pictiúr go léir. Mura mbeadh an brú ollmhór sin ann bheadh níos mó ama ag múinteoirí an chumarsáid a chothú sa rang agus cabhrú le daltaí cur lena bhfeasacht maidir le bunstruchtúir na teanga agus straitéisí oiriúnacha a fhorbairt



## Leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís ar a dTionchar

maidir le féinanailís agus féincheartú. Dá bhféadfaí tasc rólghníomhaíochta nó a leithéid a bheith mar chuid den Scrúdú Cainte chomh maith, is cinnte go mbeadh dea-thionchar aige ar chleachtais sa seomra ranga agus go gcruthódh sé deiseanna do mhúinteoirí agus do dhaltai araon díriú ar an chumarsáid agus ar ghnéithe faoi leith den teanga a bhfuil a fhios againn go mbíonn fadhbanna ag foghlaimeoirí leo agus a bhfuil cur síos orthu sa chaibidil seo.

Tá mórcheisteanna ann maidir le múineadh na Gaeilge agus maidir le soláthar siollabas a dhéanann freastal cuí ar riachtanais na ngrúpaí éagsúla. Is gá aghaidh a thabhairt ar na mórcheisteanna sin agus ar an mhír idir aidhmeanna na siollabas maidir leis na scileanna éagsúla agus an tástáil a dhéantar ar na scileanna sin i Scrúduithe na hArdteistiméireachta. B'fhiú go mór sa ghearrthéarma athbhreithniú a dhéanamh ar na tascanna sa Scrúdú Cainte agus leasuithe a dhéanamh a chinnteodh gur dea-thionchar a bheidh ag an scrúdú ar chleachtais sa seomra ranga agus ar chumas daltaí Ardteistiméireachta.

## Aguisín 1: Gráid na hArdteistiméireachta

Tugtar torthaí na n-ábhar i Scrúdú na hArdteistiméireachta i bhfoirm gráid. Seasann gach grád do raonchéatadán na marcanna mar seo a leanas.

Raonchéatadán	Grád
90 nó níos mó	A1
85 ach níos lú ná 90	A2
80 ach níos lú ná 85	B1
75 ach níos lú ná 80	B2
70 ach níos lú ná 75	B3
65 ach níos lú ná 70	C1
60 ach níos lú ná 65	C2
55 ach níos lú ná 60	C3
50 ach níos lú ná 55	D1
45 ach níos lú ná 50	D2
40 ach níos lú ná 45	D3
25 ach níos lú ná 40	E
10 ach níos lú ná 25	F
Níos lú ná 10	Grád ar bith

<http://www.examinations.ie/index.php?l=ir&mc=ca&sc=sb> (14 Bealtaine 2013)

## Aguisín 2: Torthaí Gaeilge san Ardteistiméireacht

### Gráid sa Ghaeilge de réir céatadáin ag Ardleibhéal na hArdteistiméireachta

Bliain	Iomlán	A1	A2	B1	B2	B3	C1	C2	C3	D1	D2	D3	E	F	NG
1996	14,607	1.70	4.30	7.20	10.90	14.60	15.90	15.10	13.00	8.70	5.30	2.60	0.70	0.00	0.00
1997*	16,483	2.00	4.80	8.30	11.00	13.50	14.10	14.40	12.40	9.40	5.70	3.10	1.00	0.00	0.00
2002	14,901	4.60	7.20	8.80	11.10	13.00	14.10	13.60	11.40	8.10	4.90	2.60	0.60	0.00	0.00
2003	15,102	4.40	6.80	8.70	11.20	12.30	12.60	12.90	11.40	8.80	6.10	3.40	1.30	0.00	0.00
2004	14,876	4.40	6.50	9.00	11.90	12.90	13.60	13.00	11.90	8.40	4.90	2.90	0.70	0.00	0.00
2005	14,358	5.70	7.40	9.80	11.40	12.60	12.80	12.50	10.60	8.20	5.20	2.80	0.90	0.00	0.00
2006	12,948	5.20	7.60	10.50	12.40	13.10	13.40	12.50	10.10	7.30	4.60	2.40	0.90	0.00	0.00
2007	13,831	5.10	7.20	9.30	11.80	13.00	13.40	12.90	10.30	8.10	5.10	2.70	0.90	0.10	0.00
2008	13,994	5.90	7.50	9.30	11.40	12.40	12.60	12.90	10.30	8.10	5.50	3.10	1.00	0.10	0.00
2009	14,796	5.80	7.80	10.30	12.60	14.10	13.90	11.90	10.40	6.60	3.90	2.30	0.60	0.10	0.00
2010	14,649	4.80	7.20	9.00	11.20	12.40	13.00	12.70	10.90	8.20	6.00	3.40	1.10	0.00	0.00
2011	14,358	5.70	8.20	10.50	12.10	12.90	12.50	11.80	10.20	7.30	4.90	2.90	1.00	0.00	0.00
2012	15,937	7.30	10.1	11.30	12.60	13.00	12.50	11.00	9.40	6.60	3.50	2.00	0.60	0.10	0.00

### Gráid sa Ghaeilge de réir céatadáin ag Gnáthleibhéal na hArdteistiméireachta

Bliain	Iomlán	A1	A2	B1	B2	B3	C1	C2	C3	D1	D2	D3	E	F	NG
1996	31,155	0.00	0.30	1.50	4.30	8.60	12.10	13.50	13.70	12.10	10.80	11.70	8.90	2.30	0.10
1997	33,760	0.00	0.10	0.50	1.90	4.50	7.90	11.80	14.30	14.70	14.00	16.30	11.90	2.00	0.10
2002	28,907	0.50	3.10	7.80	12.10	14.50	14.20	12.70	10.30	8.10	6.10	5.50	4.30	0.80	0.00
2003	29,464	0.40	3.10	9.00	13.90	16.10	15.40	12.80	10.10	6.90	4.90	4.00	2.80	0.60	0.10
2004	28,717	0.70	3.80	9.90	14.90	15.60	14.00	11.60	9.20	7.00	5.10	4.40	3.30	0.70	0.00
2005	28,066	0.60	2.80	7.00	11.60	14.40	14.80	13.00	10.90	8.20	6.00	5.40	4.40	1.00	0.00
2006	26,437	0.80	3.30	7.20	10.60	12.60	13.10	13.00	11.00	9.10	6.90	6.40	5.00	1.10	0.00
2007	25,663	0.80	3.90	10.20	14.70	16.00	14.00	11.40	8.60	6.70	4.70	4.30	3.70	1.00	0.00
2008	25,820	1.00	3.90	8.60	11.70	13.10	13.50	12.50	10.50	7.70	6.30	5.70	4.50	1.00	0.00
2009	26,016	0.70	3.40	8.20	13.20	15.60	15.20	12.60	9.80	7.00	5.10	4.80	3.50	0.80	0.00
2010	25,906	0.40	2.80	7.00	12.00	14.80	15.20	13.30	10.60	7.90	5.60	5.30	4.30	0.7	0.00
2011	25,221	0.80	3.90	8.80	12.50	14.90	14.10	12.00	9.40	7.80	5.50	5.10	4.20	1.00	0.00
2012	22,875	0.60	2.30	5.90	10.60	14.30	15.00	13.80	11.70	9.00	6.90	5.60	3.60	0.70	0.00

### Gráid sa Ghaeilge de réir céatadáin ag Bonnleibhéal na hArdteistiméireachta

Bliain	Iomlán	A1	A2	B1	B2	B3	C1	C2	C3	D1	D2	D3	E	F	NG
1996**	5,015	0.90	3.10	7.00	10.70	15.20	14.60	14.60	12.20	8.30	5.90	4.40	2.90	0.20	0.00
1997	5,475	0.40	2.70	7.00	10.90	13.60	15.50	14.60	12.90	8.80	6.20	4.70	2.40	0.30	0.00
2002	5,277	0.70	3.10	7.40	12.40	15.40	16.30	15.30	11.70	7.70	4.30	3.40	1.80	0.30	0.00
2003	5,262	1.00	3.60	6.90	10.90	14.10	15.50	14.30	11.80	9.10	6.00	4.20	2.20	0.20	0.00
2004	5,097	1.50	5.20	9.00	13.30	15.80	15.20	13.50	11.00	7.30	4.10	2.60	1.00	0.30	0.00
2005	5,012	1.20	3.10	6.80	10.60	12.50	15.00	13.70	13.10	9.30	6.70	5.20	2.60	0.20	0.00
2006	4,543	1.70	4.90	8.70	13.40	15.80	16.70	14.40	10.50	6.70	3.70	2.20	0.90	0.40	0.00
2007	4,525	1.10	3.60	6.50	11.00	14.50	15.90	15.10	12.60	8.80	5.10	3.50	1.70	0.50	0.00
2008	4,846	1.20	4.00	8.20	11.80	16.50	17.70	15.00	11.10	7.30	3.50	2.30	1.00	0.40	0.00
2009	4,831	1.10	2.90	6.10	9.90	11.60	14.90	15.50	13.90	10.10	6.70	4.70	2.10	0.30	0.00
2010	4,387	2.10	4.00	7.40	11.20	14.10	15.30	14.70	11.50	7.70	5.40	4.10	2.20	0.40	0.00
2011	4,819	1.60	3.40	6.90	11.70	14.30	16.70	14.60	12.20	7.60	4.80	3.80	1.80	0.60	0.00
2012	4,153	1.90	4.50	7.50	10.10	11.60	13.20	13.80	11.20	9.50	6.60	5.30	4.00	0.60	0.20

\*An chéad uair don siollabas nua cumarsáide a bheidh á scrúdú.

\*\*An chéad uair a cuireadh Scrúdú Bonnleibhéil ar fáil.

## Aguisín 3: An Scrúdú Cluastuisceana

Taighde leis an chéad bhliain ollscoile

Ionad na dTeangacha

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Scríobh d'ainm anseo le do thoil./ *Write your name here, please.*

*Grade in Irish in Leaving Cert.*

*Name of secondary school you attended.*

*This booklet contains questions for the listening examination.*

*You must answer each question.*

### ***Listening exam***

There are four questions in the exam.

Each listening text will be heard ***twice***.

You now have five minutes to read the instructions and the questions.

This part of the exam lasts ***35 minutes***.

# Listening

You have 5 minutes to read this section before the CD is played. There are four questions in total. You will hear each listening text twice. Please answer the questions in Irish or tick the appropriate box. There is no need to write whole sentences.

## 1

*Éist leis na trí chomhrá agus freagair na ceisteanna thíos.*

### Comhrá 1

1. Cén chabhair a thabharfaidh na siopadóirí áitiúla?

---

2. Cén **phríomhchúis** nach mbeidh Máire ag cabhrú leis an obair?

---

### Comhrá 2

1. Cén rud **is mó** atá ag cur isteach ar Ghearóid?

---

2. Tá sé tábhachtach go n-éireoidh le hOrla sa scrúdú. Cén fáth **go díreach**?

---

### Comhrá 3

1. Cén fáth **go díreach** a bhfuil Diarmaid ar cuairt ag an dochtúir?

---

2. Cén cineál aclaíochta a dhéanann Diarmaid faoi láthair?

---

## 2

*Cloisfidh tú comhrá idir Clíona agus Tomás. Tá siad ag caint faoina n-iníon, Síle.*

*Léigh na ráitis thíos. An bhfuil siad fíor, nó bréagach nó ní deirtear?*

*Cuir tic  sa bhosca ceart.*

1. Is páiste aonair í Síle.

A. Fíor  B. Bréagach  C. Ní deirtear

2. Is maith le Tomás na daoine san oifig.

A. Fíor  B. Bréagach  C. Ní deirtear

3. Bhí Clíona ag obair mar mhúinteoir meánscoile sular rugadh Síle.

A. Fíor  B. Bréagach  C. Ní deirtear

4. Síleann Tomás go bhfuil an naíonra ródhaor.

A. Fíor  B. Bréagach  C. Ní deirtear

5. Ní bhfaighidh Tomás ardú céime i mbliana.

A. Fíor  B. Bréagach  C. Ní deirtear

### 3 *Éist le 6 mhír agus freagair na ceisteanna thíos.*

#### Mír 1

*Éist leis an gcomhrá idir Alison agus Séamas.*

1. Cén **phríomhchúis** a bhfuil Alison tuirseach inniu?

---

2. Cén post a bhí ag athair Alison?

---

#### Mír 2

1. Cén fáth a ndeachaigh an bhean go dtí na Gardaí?

2. Cad é atá an fear a dhéanamh?

- A. Ag tabhairt tacaíochta di
- B. Ag cur comhairle uirthi
- C. Ag fáil lochta uirthi
- D. Ag magadh uirthi

#### Mír 3

*Éist le bean ag caint.*

Cén **phríomhchúis** a bhfuil sí ag bogadh amach as an teach?

- A. Tá sí uaigneach ann mar tá a cuid páistí imithe.
- B. Bíonn an teach rófhuar sa gheimhreadh.
- C. Tá an iomarca costais ag baint leis an teach.
- D. Ní mhothaíonn sí sábháilte sa teach.

## Mír 4

Éist leis an gcomhrá idir Bríd agus Donncha.

1. Cad é **go díreach** atá an banc a iarraidh ó Dhonncha?

---

2. Cad é an rud **is mó** a thaitníonn le Bríd agus Donncha faoin teach?

- A. An spás go léir sa teach
- B. An áit ina bhfuil an teach
- C. An gairdín mór
- D. Na margáí a bhíonn sa cheantar

## Mír 5

Éist le beirt ag caint.

Chaill cara leo a post. Cén fáth go díreach? \_\_\_\_\_

## Mír 6

Éist le bean ag caint ar an nguthán.

Cé leis a bhfuil an bhean seo ag caint?

Cén **phríomhchúis** a bhfuil sí ag bogadh amach as an teach?

- A. le Garda
- B. le hiriseoir
- C. le polaiteoir
- D. le meicneoir



# 4

*Cloisfidh tú píosa as agallamh raidió leis an gceoltóir Seán de Paor. Freagair na ceisteanna thíos.*

## Agallamh raidió

1. Cén fáth ar thosaigh Seán ag taisteal?

---

2. Cad a chabhraigh le Seán ardú céime a fháil san Astráil?

---

3. Cén fáth nach raibh Julie sásta Seán a phósadh ar dtús?

---

4. Cén rud **is mó** a chuir isteach ar Sheán nuair a bhí sé tinn?

---

5. Bhí Seán in ísle brí. Cén rud is mó a chabhraigh leis **ar deireadh**?

A. An grá idir é féin agus Julie

B. Cógais leighis

C. Bheith ag seinm ceoil

D. An taisteal a rinne sé

6. Cén **phríomhchúis** a bhfuil Seán agus Julie ag dul ar ais go dtí an Airgintín?

---

## Aguisín 4: An Scrúdú Scríbhneoireachta

Taighde leis an chéad bhliain ollscoile

Ionad na dTeangacha

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Samhain 2012

Scríobh d'ainm anseo le do thoil./ *Write your name here, please.*

*This booklet contains questions for the writing examination.*

*You must answer each question.*

### **Writing and grammar exam**

There are three questions in the exam.

This part of the exam lasts **40 minutes**.

**Please write clearly and pay particular attention to spelling, grammar and punctuation.**

# Writing

1

*Críochnaigh an teachtaireacht ríomhphoist seo thíos.*

Scríobh **focal amháin** i ngach bearna.

*Complete the email message below. Write **one word** in each gap.*

A Chaitriona,

An cuimhin leat an \_\_\_\_\_ (1) a bhí agam le gairid don phost mar bhainisteoir ar theach tábhairne sa Spáinn? Bhuel, ghlaigh siad orm inné le rá liom go \_\_\_\_\_ (2) mé an post! Tá mé an-sásta. Is breá liom an Spáinn. Níor \_\_\_\_\_ (3) an drochaimsir anseo in Éirinn riamh liom. Bíonn sé i gcónaí fuar agus fliuch sa gheimhreadh agus ní bhíonn an samhradh mórán níos \_\_\_\_\_ (4). D'fhiafraigh siad díom an bhféadfainn tosú ar an \_\_\_\_\_ (5) lá den mhí seo chugainn. De réir dealraimh, tá árasán beag os cionn an tí tábhairne atá ar fáil don bhainisteoir agus ní bheidh orm aon \_\_\_\_\_ (6) a íoc ansin. Ar ndóigh \_\_\_\_\_ (7) mé teach nó árasán níos mó amach anseo mar ba mhaith liom bheith in ann cuireadh a \_\_\_\_\_ (8) do mo chairde go léir teacht ar cuairt. Is mór an trua nár chríochnaigh mé an cúrsa Spáinnise anuraidh ach má \_\_\_\_\_ (9) an seans, déanfaidh mé cúrsa thall. An mbeidh tusa saor don lón amárach? Seans go \_\_\_\_\_ (10) mé glaoch gasta ort anocht mar ba mhaith liom cúpla rud a phlé leat sula sínim an conradh. **Pól**



### 3

Aistrigh na habairtí thíos. *Translate the following sentences.*

1. I was in Scotland last week and I bought a couple of new books. I'm really enjoying them.

---

---

2. Do you remember Eoin? He's from Dublin and he attended the Irish course in Galway.

---

---

3. Did you meet my sister Máire? She has been living in Cork for three years now.

---

---

4. "Do you think that this course will be more difficult next year?" "No."

---

---

5. Seán said he sent me the French essays in the post but I haven't received them yet.

---

---

## Aguisín 5: An Scrúdú Cainte

Taighde leis an chéad bhliain ollscoile

Ionad na dTeangacha

Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

*This booklet contains general information and instructions relating to the Speaking exam.*

- This test will last approximately 15 minutes.
- The test will be recorded.
- There are four tasks to be completed by the participant.

Task 1: Reading aloud

The participants must read the given task aloud. They are given one minute to prepare.

Task 2A: Answering questions

Participants will be given a role-play card which contains information about a holiday that he/she is planning. Participants must answer all the examiners' questions and should base their answers on all the information given on the card.

Task 2B: Asking questions

The participant will be given a card relating to planning holidays. He/she then asks the examiner about the holiday that he/she is planning for next year. The questions should be directly related to the key words written in blue on the card given to the participant. When the examiner answers each question, the participant must fill in his/her answers in the spaces on the card and return this card to the examiner at the end of the task.

Task 3: Expressing opinions

The participant will be given a page that shows two occupations. He/she has to *compare* and *contrast* the two occupations by describing the *advantages* and *disadvantages* of each. Participants will have one minute to think about what they will say and they should speak for *3 minutes*.

Task 4: Describing a series of pictures.

The participant will be given a series of pictures. He/she will be given one minute to study the story in the pictures and he/she will have three minutes to tell the story. Participants should begin with 'Lá amháin an tseachtain seo caite...'

**Task 1: Pronunciation test**

